



An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022
(OR. en)

10064/22
ADD 1

FIN 648

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Meitheamh 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 401 final/IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an 'Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí: Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht le haghaidh Bhuiséad an Aontais Eorpaigh - Bliain Airgeadais 2021'

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad
COM(2022) 401 final/IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3.

Faoi iamh: COM(2022) 401 final/IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 7.6.2022
COM(2022) 401 final

ANNEXES 1 to 3

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN
gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ**

**Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht le haghaidh Bhuiséad an
Aontais Eorpaigh - Bliain Airgeadais 2021**



Annual Management and Performance Report for the EU Budget

Volume II
Annexes

#EUBUDGET

FINANCIAL YEAR

2021


INTEGRATED FINANCIAL AND
ACCOUNTABILITY REPORTING 2021

Budget

The European Commission is not liable for any consequence stemming from the reuse of this publication.

Luxembourg: Publications Office of the European Union, 2022

© European Union, 2022



The reuse policy of European Commission documents is implemented by Commission Decision 2011/833/EU of 12 December 2011 on the reuse of Commission documents (OJ L 330, 14.12.2011, p. 39). Unless otherwise noted, the reuse of this document is authorised under a Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) licence (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). This means that reuse is allowed provided appropriate credit is given and any changes are indicated.

For any use or reproduction of elements that are not owned by the European Union, permission may need to be sought directly from the respective rightholders.

All photos © European Union, unless otherwise stated.

2021 Annual Management and Performance Report for the EU Budget – Volume II – Annexes

Print	ISBN 978-92-76-51013-0	ISSN 2599-7084	doi:10.2761/733952	KV-AQ-22-002-EN-C
EPUB	ISBN 978-92-76-51014-7	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/748965	KV-AQ-22-002-EN-E
PDF	ISBN 978-92-76-51012-3	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/285345	KV-AQ-22-002-EN-N

Also available:

2021 Annual Management and Performance Report for the EU Budget – Volume I


Print	ISBN 978-92-76-49919-0	ISSN 2599-7084	doi:10.2761/022851	KV-AQ-22-001-EN-C
EPUB	ISBN 978-92-76-49866-7	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/07897	KV-AQ-22-001-EN-E
PDF	ISBN 978-92-76-49892-6	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/093153	KV-AQ-22-001-EN-N

2021 Annual Management and Performance Report for the EU Budget – Volume III – Technical annexes

Print	ISBN 978-92-76-51105-2	ISSN 2599-7084	doi:10.2761/762638	KV-AQ-22-003-EN-C
EPUB	ISBN 978-92-76-51106-9	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/487237	KV-AQ-22-003-EN-E
PDF	ISBN 978-92-76-51104-5	ISSN 2599-7092	doi:10.2761/064137	KV-AQ-22-003-EN-N

Ábhar

IARSCRÍBHINN 1 – TOSAÍOCHTAÍ COTHROMÁNACHA IN 2021	5
1. Téarnamh a dhéanamh agus ag teacht bheith níos athléimní	8
2. Na haistrithe dúbailte a bhrú chun cinn ar son todhchaí inbhuanaithe	12
3. Geilleagar a thógáil ar geilleagar é a fhóireann do dhaoine	21
4. An Eoraip a neartú mar ghníomhaí geopholaitiúil.....	29
IARSCRÍBHINN 2 – RIALÚ INMHEÁNACH AGUS BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS	37
1. Uirlisí láidre chun buiséad an Aontais a bhainistiú agus a chosaint i dtimpeallacht chasta	38
2. Torthaí an rialaithe	51
3. Dearbhú bainistíochta	68
4. Tuilleadh forbairtí: ionchas 2022 agus ina dhiaidh sin	73
IARSCRÍBHINN 3 – AN TSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA: IONSTRAIM NUA ATÁ BUNAITHE AR FHEIDHMÍOCHT LENA BHFÓNTAR DO THÉARNAMH AN AONTAIS	75




Iarscríbhinn 1 – Tosaíochtaí cothrománacha in 2021

Tosaíochtaí cothrománacha in 2021

Tá buiséad an Aontais ag dul i dtábhacht mar uirlis chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach. Leis na cláir dá chuid, tacaíonn an buiséad le beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais agus cruthaítear breisluach Eorpach trí thorthaí a bhaint amach nárbh fhéidir déanamh amhlaidh ina leith le caiteachas náisiúnta neamhchomhordaithe. Déantar cláir an Aontais a cheapadh chun go n-oibreoidh siad le chéile chun sineirgí a spreagadh, cistiú poiblí agus príobháideach a thionscnamh agus borradh comhordaithe a chur faoi roinnt tosaíochtaí polaitíochta uileghabhálacha, ar tosaíochtaí iad atá ina gcuid lárnach de phríomh- uailmhianta de Choimisiún von der Leyen (1).

Ba é buiséad 2021 an chéad bhuiséad faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Bhí sé ag croílár fhreagairt chuimsitheach an Aontais ar phaindéim COVID- 19, rud lenar ligeadh don Aontas freagairt go tapa solúbtha do riachtanais phráinneacha. Leis an mbuiséad, leanadh den bhonn a leagan freisin ar mhaithe le inbhuanaitheacht agus rath an Aontais amach anseo, le hinfheistíocht i dtéarnamh glas dhigiteach go háirithe. Cuirfidh sé sin é ar a chumas don gheilleagar sóisialta Eorpach teacht chun bheith níos athléimní agus neartófar cruthú post leis. EUR 164 bhiliún i ngealltanais, a leithdháileadh faoi na ceannteidil seo a leanas, a bhí i mbuiséad 2021 an Aontais.

Multiannual financial framework in 2021 Total EUR 162 526



An Creat airgeadais ilbhliantúil: Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí bhuiséad 2021 an Aontais de réir ceannteideal buiséid (in EUR milliún).


Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Cuirtear borradh faoi bhuiséad an Aontais le NextGenerationEU chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime. Is ionstraim shealadach théarnaimh de EUR 807 mbilliún (2) é NextGenerationEU lena gcuimsítear tacaíocht le cois bhuiséad fadtéarmach an Aontais, agus lena ndírítear ar na chéad bhlianta ríthábhachtacha den téarnamh. Déantar cistiú ó NextGenerationEU a infheistiú i roinnt clár agus tugtar tuairisc air san iarscríbhinn seo ar fad dá bhrí sin.

(1) https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/political-guidelines-next-commission_en_0.pdf

(2) EUR 807 mbilliún i bpraghsanna reatha, EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018.

NextGenerationEU in 2021

Total **EUR 421 070**

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí de chuid NextGenerationEU de réir ceannteideal buiséid (in EUR milliún).

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Leis an anailís feidhmíochta san iarscríbhinn seo, tugtar tuairisc ar an mbealach lenar rannchuidigh clár an Aontais le roinnt tosaíochtaí beartais idirnasctha trasearnála. Tá sé struchtúrtha thart ar cheithre phríomhthéama:

- téarnamh a dhéanamh agus ag teacht bheith níos athléimní;
- na haistrithe dúbailte a bhrú chun cinn ar son todhchaí inbhuanaithe;
- geilleagar a thógáil ar geilleagar é a fhóireann do dhaoine;
- an Eoraip a neartú mar ghníomhaí geopholaitiúil.

Leis an achoimre seo, comhlánaítear an tuairisciú ar bhonn clár ar chlár in Iarscríbhinn 4, a chuireann an Coimisiún Eorpach i láthair mar shuíomh gréasáin [nasc].

1. Téarnamh a dhéanamh agus ag teacht bheith níos athléimní



Tá i bhfad níos mó i gceist le NextGenerationEU ná téarnamh amháin, is amhlaidh go múnlófar ár mór- roinn leis ar feadh na mblianta fada atá amach romhainn. Beimid á chur ar a gcumas dár sochaithe agus ár ngeilleagar a bheith níos láidre agus níos athléimní.

Ursula von der Leyen

Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

Cuireadh i dtábhacht le géarchéim COVID- 19 an tábhacht straitéiseach a bhaineann le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach an Aontais a threisiú. Cuireadh i dtábhacht freisin leis an ngéarchéim an gá práinneach atá le hullmhacht an Aontais i gcomhair géarchéimeanna a mhéadú mar aon lena inniúlacht freagartha, lena n-áirítear le hinfheistíocht i gcórais sláinte láidre agus ag cur le cumas an Aontais freagairt do thubaistí nádúrtha agus d'éigeandálaí eile.

Cumhdaítear leis an roinn seo na príomh- chomhchodanna d'fhreagairt an Aontais, i dtéarmaí a thacaíochta leis an téarnamh ar dtús agus ansin i ndáil leis an mbonn a leagan chun go mbeidh an tAontas Eorpach níos láidre agus níos athléimní.

Ag tacú leis an téarnamh sa tréimhse díreach i ndiaidh na paindéime

Príomhspríoc de ghníomhaíocht bhuiséadach an Aontais in 2021 ab ea cothú an téarnaimh ón suaitheadh eacnamaíoch a tharla de bharr phaindéim COVID- 19 agus ó na srianta a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh na paindéime a chosc. Baineadh é sin amach le cur chuige lena bhain dhá aidhm go bunúsach: (1) a mhéid solúbthachta agus arbh fhéidir a thabhairt do na Ballstáit chun na hacmhainní uile a bhí ar fáil faoi bhuiséad fadtéarmach 2014- 2020 a atreorú chun dul i ngleic le hiarmhairtí sláinte agus eacnamaíocha na paindéime; agus (2) acmhainní nua de chuid an Aontais a sholáthar mar bhonn taca faoin téarnamh go gearrthéarmach go dtí go mbeidh bunúis na freagartha fadtéarmaí níos láidre (ar a dtugtar tuairisc thíos).

Leis na forálacha seo a leanas, cuireadh é ar chumas do na Ballstáit na hacmhainní a bhí fágtha ó bhuiséad fadtéarmach 2014- 2020 a atreorú chun a bhfreagairt don phaindéim a chistiú.

- **Leis an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas** soláthraíodh thart ar EUR 8 mbilliún de leachtacht láithreach chun infheistíochtaí a ghríosú chun tionchar phaindéim COVID- 19 a mhaolú, agus solúbthacht níos mó á tabhairt maidir le cur i bhfeidhm rialacha caiteachais an Aontais agus síneadh á chur le raon feidhme Chiste Dílthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh.

- Leis an **Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus**, tugadh solúbthacht iontach mór isteach ar an mbealach céanna, tionscnamh lenar ceadaíodh an tacaíocht neamh- úsáidte uile ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a ghríosadh, rud lenar tairgeadh 100 % den chaiteachas ó bhuiséad an Aontais a chumhdach ar feadh bliain chuntasaíochta amháin, agus lenar simplíodh na céimeanna nós imeachta a bhí nasctha le clár a chur chun feidhme, ionstraimí airgeadais a úsáid agus iniúchadh.

Cuireadh acmhainní nua ar fiú EUR 50.6 billiún ar fáil le tionscnamh an chúnaimh téarnaimh don chomhtháthú agus do chríocha na hEorpa (REACT- EU) ⁽³⁾. Tá REACT- EU ar cheann de na cláir is mó faoi NextGenerationEU. Ceapadh é chun cistiú a sholáthar do thionscadail lena gcothaítear inniúlachtaí maidir le leigheas dhíobháil na géarchéime i gcomhthéacs COVID- 19, mar aon le hinfheistíocht in oibríochtaí lena rannchuidítear le téarnamh athléimneach, digiteach agus glas a ullmhú. Ar bhonn oibríochta, le REACT- EU treisíodh clár ábhartha 2014- 2020 agus is tionscnamh le cois leithdháilte faoi chomhair comhtháthaithe 2021- 2027. In 2021, leis an tionscnamh cuidíodh le tacaíocht leanúnach a sholáthar don earnáil sláinte, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus scéimeanna gearrthéarmacha fostaíochta, agus ag díriú an tráth céanna ar théarnamh fadtéarmach trí infheistíocht ghlas dhigiteach mar chuid de leigheas dhíobháil na géarchéime.

Mar aon leis sin, bhí ról lárnach ag buiséad an Aontais maidir leis an mbealach lenar tugadh aghaidh go díreach ar an éigeandáil sláinte, go háirithe trí chuid de na réamhchostais ón Ionstraim Tacaíochta Éigeandála ar fiú EUR 2.7 billiún a mhaoiniú. Rinneadh an tAontas idirbheartaíocht ar chomhaontuithe réamhcheannaigh le hocht monaróir vacsaíní (AstraZeneca, BioNTech–Pfizer, CureVac, Johnson & Johnson, Moderna agus Sanofi–GlaxoSmithKline, Novavax agus Valneva) mar chuid de straitéis éagsúlaithe vacsaíní ag a raibh mar aidhm rochtain ar vacsaíní éifeachtacha sábháilte a dhaingniú a luaithe ab fhéidir. Le cur chuige comhordaithe sin an Aontais, bhí na Ballstáit in ann an riosca bunúsach a bhain le hinfheistíocht i bhforbairt vacsaíne, vacsaín nach raibh cruthaithe go fóill, a chomhroinnt agus bhí rochtain acu ar phunann leathan de theicneolaíochtaí agus de chuideachtaí vacsaíní féideartha.

Is le buiséad an Aontais a íocadh as cuid de na vacsaíní sin tríd an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála. Is ionstraim í sin atá ceaptha chun tacú le bearta spriocdhírthe éagsúla, trí shásraí tapa soláthair go páirteach, i gcás inar fearr aghaidh ar a thabhairt ar scála, luas nó cineál trasteorann an ghá le hidirghabháil chomhordaithe an Aontais.

Sa lá atá inniu ann, tá ceann de na rátaí vacsaínithe is airde ar domhan san Aontas Eorpach, agus 82 % ⁽⁴⁾ de dhaonra fásta an Aontais vacsaínithe uair amháin ar a laghad.

Leis an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála maoiníodh ⁽⁵⁾ an bonneagar freisin chun deimhnithe idir- inoibritheacha vacsaín, thástáil agus théarnamh COVID- 19 a eisiúint agus a fhíorú (ar chostas EUR 16 mhilliún). Tháinig an rialachán maidir le deimhniú digiteach COVID an Aontais i bhfeidhm an 1 Iúil 2021, agus bhí sé rí- thábhachtach chun gluaiseacht shaor, shábháilte na saoránach laistigh den Aontas a éascú le linn na paindéime, mar aon le hathoscailt an Aontais dá bhrí sin – réamhchoinníoll le haghaidh téarnamh eacnamaíoch.

⁽³⁾ Tá REACT- EU roinnte ina dhá thráinne: tá an tromlach ar fáil lena chlárscéidealú in 2021 (EUR 39.6 billiún), agus tá an chuid eile ar fáil in 2022 (EUR 10.8 billiún).

⁽⁴⁾ Amhail an 13 Bealtaine 2022, shroich vacsaíniú iomlán an daonra fhásta 62.4 %.

⁽⁵⁾ Luaitear tionscnaimh eile arna maoiniú leis an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála anseo: https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/coronavirus-response/emergency-support-instrument_en.

Aontas Eorpach níos láidre agus níos athléimní a thógáil don fhadtéarma

Leis an ngéarchéim freisin, cuireadh i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le céimeanna cinntitheacha a dhéanamh chun todhchaí níos láidre, níos athléimní agus níos inbhuanaithe a thógáil. Ar an ábhar sin, sanntar tromlach na gcistí ó NextGenerationEU (suas le EUR 724 bhilliún) ⁽⁶⁾ don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Is ionstraim nuálach é sin, de chineál eisceachtúil sealadach, a ceapadh chun cuidiú leis na Ballstáit infheistíocht agus athchóirithe a chur chun feidhme chun cúrsa fadtéarmach a bhfáis eacnamaíoch a mhúnlú i gcomhréir le príomhthosaíochtaí an Aontais, trí dhlús a chur leis na haistrithe digiteacha agus glasa go háirithe. Tá an tsaoráid struchtúrtha thart ar shé cholún: an t-aistriú glas; an claoclú digiteach; an comhtháthú eacnamaíoch, an táirgiúlacht agus an t-iomaíochas; an comhtháthú sóisialta agus críochach; athléimneacht na sláinte, na heacnamaíochta, na sochaí agus na n-institiúidí; agus beartais don chéad ghlúin eile.

Tugadh cuireadh do na Ballstáit pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin leis an rialachán lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Sna pleananna sin, chuir na Ballstáit a gcláir oibre um athchóiriú agus infheistíocht ar aghaidh chun tacú leis an téarnamh agus an athléimneacht a neartú, trí aghaidh a thabhairt ar dhúshlán a aithníodh leis na moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh go háirithe, agus trí rannchuidiú go hiomchuí leis na sé cholún beartais a leagtar amach in Airteagal 3 den rialachán. Mar aon leis sin, ceanglaítear leis an rialachán ar na Ballstáit míniú a thabhairt ar an mbealach lena bhfuil coinne go rannchuideoidh a bpleananna le spriocanna aeráide agus digiteacha, comhionannais inscne agus comhionannais deiseanna cothroma do chách. Mínítear in larscríbhinn III a ghabhann leis an tuarascáil seo an nós imeachta chun measúnú a dhéanamh ar na pleananna.

In 2021, d'fhorpheas an Chomhairle 22 phlean téarnaimh agus athléimneachta, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún. Sna pleananna formheasta sin tá leithdháileadh iomlán de EUR 291 bhilliún i maoiniú neamh- inaisíochta agus EUR 154 bhilliún in iasachtaí ⁽⁷⁾. Baineann dhá thrian de mhéid an mhaoinithe agus na n-iasachtaí le hinfeistíochtaí agus áirítear leis an aon trian eile bearta a bhaineann le hathchóirithe. Rianaítear na bearta le tacar garspriocanna agus spriocanna atá le comhlíonadh faoi Lúnasa 2026. Rud a atá ina nuálaíocht thábhachtach is ea go n-eisíofar cistiú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i roinnt tráthchodanna tar éis do na Ballstáit garspriocanna agus spriocanna comhaontaithe a bhaint amach.

I mí na Nollag 2021, thug an Coimisiún an chéad íocaíocht – i gcomhréir le garspriocanna agus le spriocanna – don Spáinn, íocaíocht de EUR 10 mbilliún. Íocadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíochta sin tar éis don Spáinn na 52 gharspíoc ábhartha a bhaint amach, garspriocanna lenar cumhdaíodh athchóirithe i réimsí na soghluaisteachta inbhuanaithe, na héifeachtúlachta fuinnimh, an dícharbónaithe, na nascachta, an riaracháin phoiblí, na scileanna, an oideachais agus na ngnéithe sóisialta, an taighde agus na forbartha, an bheartais saothair agus fhioscaigh, mar aon le treisiú chóras iniúchóireachta agus rialaithe na Spáinne maidir le cur i bhfeidhm na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

Cuireadh feabhas ar an athléimneacht i ndáil le heigeandálaí sláinte amach anseo tríd an Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandálaí Sláinte a bhunú. Príomhcholún d'Aontas Sláinte na hEorpa, a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an

⁽⁶⁾ Cuimsítear leis seo deontais (EUR 338 mbilliún) agus iasachtaí (EUR 386 bhilliún), agus na méideanna ina bpraghsanna reatha.

⁽⁷⁾ D'iarr sé Bhallstát iasachtaí (an Ghréig, an Iodáil, an Chipir, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin).

Aontais Eorpaigh in 2021, ab ea spriocanna an údaráis chun bagairtí agus géarchéimeanna féideartha sláinte a thuar, a chosc agus a bhrath agus freagairt dóibh trí fhaisnéis a thiomsú agus acmhainneacht a fhothú. Oibríonn sé go dlúth le gníomhaireachtaí sláinte an Aontais agus gníomhaireachtaí sláinte náisiúnta agus le comhpháirtithe tionscail agus comhpháirtithe idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar ullmhacht an Aontais le haghaidh éigeandálaí sláinte. Chun a chuspóirí a chomhlíonadh, tugadh buiséad de thart ar EUR 6 bhiliún don údarás chun cláir éagsúla a chur chun feidhme (amhail EU4health, Fís Eorpach agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta) ar feadh na tréimhse 2022- 2027.

Mar chuid den athléimneacht a chothú, ní mór cur leis an ullmhacht chun déileáil le tubaistí.

Chuige sin, le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, neartaítear an comhar maidir leis an gcosaint shibhialta idir Ballstáit an Aontais agus sé stát rannpháirteacha eile. Cé go n-aithníonn an Coimisiún Eorpach go bhfuil an phríomhfhreagracht as an gcosaint shibhialta ar na Ballstáit, soláthraíonn an Coimisiún tacaíocht chomhlántach d'údaráis náisiúnta lena mbaineann an phríomhspríoc feabhas a chur ar thubaistí a chosc, agus ar an ullmhacht agus ar an bhfreagairt dóibh a fheabhsú trí bhorradh a chur faoi inniúlachtaí chun freagairt do ghéarchéimeanna (cibé an dóiteáin foraoise, éigeandálaí sláinte agus míochaine nó teagmhais cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha nó núicléacha) a sháraíonn cumas freagartha aonair tíre. Dá bhrí sin, tá príomhról ag an gCoimisiún i ndáil leis an bhfreagairt do thubaistí ar fud an domhain a chomhordú, agus é ag ranníoc 75 % ar a laghad de chostais iompair agus/nó oibriúcháin chur i bhfeidhm na freagartha. Le beart nua, a glacadh i mí Aibreáin 2021, beidh an tAontas in ann ról níos gníomhaí a bheith aige, fad a bheith an sásra níos solúbtha maidir lena thacaíocht do na Ballstáit, go háirithe agus iad thíos le héigeandálaí móra casta an tráth céanna.

- Mar ullmhúchán le haghaidh shéasúr dhóiteáin foraoise 2021, chómhaoinigh an Coimisiún infhaighteacht chúlta **fhlíit múchta tine rescEU** chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh fhéideartha i ndáil leis an bhfreagairt do dhóiteáin foraoise. Chuir sé Bhallstát den Aontas (an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil agus an tSualainn) 11 eitleán múchta tine agus sé héileacaptar ar fáil do na Ballstáit eile i gcás éigeandála, mar mhalairt ar ranníocaíocht airgeadais i ndáil le costais chúlta na n-inniúlachtaí sin. Tá ullmhúchán ar bun faoi láthair le haghaidh shéasúr dhóiteáin foraoise 2022.
- Faoi scáth an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta, chruthaigh an Coimisiún **sásra straitéiseach dháileachán agus chúltaisce leighis rescEU**, a bhfuil an stoc- charnadh sin á óstáil ag naoi mBallstát. Leis an gcúlta sin cumasaítear trealamh leighis a sheachadadh go mear (amhail aerálaithe agus trealamh cosanta pearsanta) go háit ar bith san Aontas agus i dtríú tíortha.
- Úsáideadh an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála freisin i soláthar **ábhair a bhain le cúram sláinte, cúnaimh le haghaidh pearsanra leighis agus tacaíocht oibriúcháin le haghaidh inniúlachtaí soghluaiste freagartha leighis**. Fágann sé sin go mbíonn pearsanra agus foirne leighis ar fáil sna háiteanna mar a bhfuil an gá is mó leo san Eoraip agus tugann sé cúnaimh chun lastas a iompar.

2. Na haistrithe dúbailte a bhrú chun cinn ar son todhchaí inbhuanaithe



Ba mhaith linn pláinéad sláintiúil a fhágáil le hoidhreacht ag an chéad ghlúin eile, mar aon le poist mhaithe, agus fás nach ndéanfaidh dochar don dúlra.

Ursula von der Leyen

Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

Tá na haistrithe digiteacha agus glasa ag croílár bheartas an Aontais agus a straitéise téarnaimh. Tá sé fóir- riachtanach cosaint na haeráide agus na bithéagsúlachta, mar aon leis an aistriú digiteach, a chur ag croílár shamhail fáis shóisialta agus eacnamaíoch an Aontais chun a inbhuanaitheacht a áirithiú. Agus an iomaíocht dhomhanda ag dul i ngéire chun teicneolaíochtaí digiteacha a rialú, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbíonn rochtain ag gnólachtaí, earnálacha poiblí agus taighdeoirí an Aontais ar shonraí ríomhaireachta, ar an intleacht shaorga agus ar bhonneagar digiteach ó áiteanna laistigh den Aontas. Thairis sin, chun sprioc laghdú an 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030, tá gá ann chun tacú le teicneolaíochtaí nuálacha íseálcharbóin agus iad a dhreasú. Tá ról ríthábhachtach ag buiséad an Aontais sna réimsí sin ar fad.

Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an treoirphlean le haghaidh an fháis inbhuanaithe

Tá an t-aistriú glas ag croílár straitéis fáis an Aontais. Is é an t-aistriú glas príomhghné na todhchaí inbhuanaithe agus tá sé ina chuid bhunúsach de dhícharbónú gheilleagar na hEorpa agus iomaíochas thionscail an Aontais a bhrú chun cinn, agus é mar bhonn taca faoi neamhspleáchas fuinnimh fadtéarmach an Aontais. Cuimsítear leis sin iarrachtaí i ndáil le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta, agus aistriú cóir á áirithiú do chách.

Is fairsinge an troid in aghaidh an athraithe aeráide ná teorainneacha náisiúnta, i ngeall a bhfuil i gceist léi go bunúsach, agus fágann sé sin nach mór gníomhú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Le gníomhaíocht an Aontais, is féidir leas a bhaint as barainneachtaí scála suntasacha, acmhainní a thabhairt le chéile chun mais chriticiúil a bhaint amach agus rannchuidiú leis an Aontas a neartú ar bhonn idirnáisiúnta.

An aeráid	An Bithéagsúlacht
Faoi dheireadh 2020, baineadh amach méadú de bhreis agus 2 735 mheigeavatuair d'inniúlacht bhreise chun fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh a bhuí le cistí réigiúnacha.	Faoi dheireadh 2020, bhí breis agus 15 000 km ² de ghnáthóga athshlánaithe nó bhí a stádas caomhantais feabhsaithe a bhuí le cistiú an chlár LIFE.
I dtíortha comhpháirtíochta, beartaíodh go suiteálfaí 18 000 meigeavata d'inniúlacht giniúna	Cosnaíodh 909 620 km ² de limistéir ar mhórán bithéagsúlachta agus de limistéir foraoise i

fuinnimh inathnuaite le tacaíocht an Aontais idir 2014-2020.


dtíortha comhpháirtíochta le tacaíocht ó thionscadail forbartha an Aontais idir 2013 agus 2021.

Tá an tAontas tiomanta do sciar shuntasach dá bhuiséad a thabhairt do mhaoiniú idirghabhálacha is ábhartha don aeráid.

Léiríonn an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil gur thug an tAontas, idir 2014 agus 2020, coibhéis EUR 221 billiún, nó 20.6 % dá bhuiséad foriomlán ilbhliantúil, do bhearta a bhain leis an aeráid ⁽⁸⁾. Le haghaidh na tréimhse 2021- 2027, tá a sprioc fhoriomlán maidir leis an ranníocaíocht le príomhshruthú aeráide ó bhuiséad an Aontais (arna mhéadú le NextGenerationEU) méadaithe ag an gCoimisiún chuig 30 %. Is sprioc é sin a dtacaítear leis le beartas réigiúnach, ar bunaíodh sciar bhuiséadach dó, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, de 30 % le haghaidh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus de 37 % le haghaidh an Chiste Chomhtháthaithe. Ar deireadh, tá modheolaíocht nua forbartha agus foilsithe ag an gCoimisiún atá bunaithe ar chomhéifeachtaí an Aontais chun cur chuige éifeachtach fóna a áirithiú maidir le baint amach na sprice sin a ríomh.

Beidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ina rannchuidiú tábhachtach leis an sprioc aeráide. Ceapadh an tsaoráid chun cuidiú leis an Aontas a sprioc maidir leis an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 trí 37 % dá imchlúdach a shannadh d'infheistíocht agus d'athchóirithe is ábhartha don aeráid. Ar fud na 22 phlean téarnaimh agus athléimneachta a formheasadh in 2021, tá nach mór 40 % den chaiteachas sannta ag na Ballstáit don aeráid, i bhfad níos mó ná sprioc an 37 %. Cumhdaítear réimse leathan earnálacha le hinfeistíochtaí a chumhdaítear leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta atá formheasta ag an gComhairle. Mar shampla, tá sé beartaithe EUR 70.7 billiún a chaitheamh ar fheabhas a chur ar inbhuanaitheacht chóras soghluaisteachta na hEorpa, lena n-áirítear líonraí iarnróid a thabhairt cothrom le dáta agus a nuachóiriú agus bonneagar breosla malartach nua a thógáil.

Iomlán EUR 137 538



⁽⁸⁾ Is nuashonrú é sin ar an bhfigiúr a soláthraíodh i dtuarascáil bhliantúil bhainistíochta agus feidhmíochta 2020, rud lena léirítear faisnéis nua a bhí ar fáil maidir le ceann scríbe chistí an Aontais a caitheadh faoi bhainistíocht chomhphárteach agus ceartúcháin theicniúla (lena n-áirítear áireamh an chómhaoinithe i gCiste Sóisialta na hEorpa, mar a shainníodh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa sa tuarascáil speisialta is déanaí uathí faoin aeráid).


Ranníocaíocht aeráide in 2021 (i milliún EUR).

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Tá sé ríofa ag an gCoimisiún gur fiú thart ar EUR 138 mbilliún iad na hidirghabhálacha is ábhartha don aeráid atá maoinithe le buiséad an Aontais in 2021 (32 % den bhuiséad iomlán). I measc na samplaí tá an méid a leanas.

- **Tacaíocht leanúnach le haghaidh na n-athruithe struchtúracha is gá i ngeilleagar an Aontais chun go mbainfear an aeráidneodracht agus an neamhspleáchas fuinnimh amach** trí chistí beartais chomhtháthaithe agus [tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa](#).
- **Tionscadail nua taighde agus nuálaíochta** a seoladh in 2021 ó Fhís 2020 agus ó Fhís Eorpach, lena n-áirítear tionscadail chinniúnacha maidir le haerfoirt agus le calafoirt ghlasa, comhpháirtíochtaí nua / comhghnóthais (e.g. a bhaineann le SESAR 3, iarnród na hEorpa, an eitleocht glan, hidrigin ghlan, iompar astaíochtaí nialasacha bóthair agus uisce), mar aon le seoladh misean is ábhartha don aeráid (e.g. maidir leis an oiriúnú don aeráid, cathracha aeráidneodracha agus cliste, aigéin ghлана).
- **Tacaíocht don nuálaíocht radacach.** Sheol Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí glao in 2021 a ceapadh go speisialta chun tacú le nuálaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Dírítear leis an nglao ar thosaíochtaí an Aontais chun aistriú chuig sochaí shláintiúil dhigiteach agus ghlas, agus aird faoi leith á tabhairt ar nuálaíochtaí i gceann de na réimsí a leanas: tionscail ísealcharbóin; athchóiriú domhain ar fhoirgneamh; fuinneamh inathnuaite; cadhnraí agus córais stórála fuinnimh eile. Is é cur in úsáid na nuálaíochta an fórsa chun spriocanna an Aontais a bhaint amach.
- **Tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.** Ón 30 Meán Fómhair 2021, bhí infheistíocht de EUR 6.7 milliún déanta ag an tsaoráid chothromais d'fhás faoi chlár an Aontais um iomaíochas na bhfiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide i [gciste caipitil fiontair a dhíríonn a chuid gníomhaíochtaí ar theicneolaíochtaí glana](#) chun a áirithiú gur féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide fás i dtreo todhchaí inbhuanaithe.
- **Sealbhú scileanna a thacaíonn le cuspóirí maolaithe an Aontais.** Baineann roinnt céimeanna cómháistir Erasmus Mundus go díreach le saincheistanna maidir leis an athrú aeráide, mar shampla an [chéim máistir san aeráid uirbeach agus san inbhuanaitheacht](#), as a dtagann céimithe éirimiúla ar féidir leo an athléimneacht aeráide i gcathracha a thuiscint, measúnú a dhéanamh uirthi agus í a bhainistiú chun maireachtáil ar domhan atá 1.5 °C níos teo, agus an [chéim máistir san fhuinneamh inathnuaite sa chomhshaol muirí](#), atá saincheaptha chun riachtanais ag cuideachtaí i réimse an fhuinnimh inathnuaite eischósta a chomhlíonadh, agus ag a mbeidh dearcadh idirnáisiúnta a mbeidh comhpháirtíocht dhíreach ó lárionaid taighde den scoth, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí móra laistigh den tionscal mar bhonn taca faoi, mar chomhpháirtithe comhlacha. Sampla eile is ea an tacaíocht atá soláthraithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa ó 2016 i leith sa tSairdín, an Iodáil, do bhreis agus 5 000 cuardaitheoir post, ag cuidiú leo obair a fháil i ngeilleagar glas agus gorm na hEorpa; trí bhíthin na scileanna dá gcuid a neartú ar dtús le cóitseáil poist, intéirneachtaí agus oiliúint as a n-eascróidh deimhniú, agus ansin ag cuidiú leo chun a gcuid gnólachtaí féin a thosú.
- **Tacaíocht agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin lena bhfuil gá haghaidh aistriú ísealcharbóin an Aontais.** Cruthaíonn an [Ciste Nuálaíochta](#) na dreasaíochtaí airgeadais agus tacaíonn sé le tionscadail lena mbaineann teicneolaíochtaí, próisis nó táirgí thar a bheith nuálach atá aibí go leor, agus ag a bhfuil cumas suntasach, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Fuarthas breis agus 540 togra sa chéad dá ghairm ar thionscadail agus síníodh na chéad 30 comhaontú deontais in 2021 chun tionscadail bheaga teicneolaíochta glaine a uas- scálú.

Tá fócas breisithe ar chosaint na bithéagsúlachta ag creat airgeadais ilbhliantúil 2021- 2027 freisin. Tríd an uaimhian dá chuid chun 7.5 % dá acmhainní bliantúla a thabhairt chuige sin a luaithe le 2024, agus 10 % dá acmhainní bliantúla ó 2026 ar aghaidh, tá a chuid féin á dhéanamh ag buiséad an Aontais spriocanna straitéis bithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach. In 2021, tá sé ríofa ag an gCoimisiún gur tiomnaíodh EUR 18 mbilliún don phríomhshruthú bithéagsúlachta, nó 4.3 % de bhuiséad an Aontais lena n-áirítear NextGenerationEU.

Iomlán **EUR 18 350**

Ranníocaíocht bhithéagsúlachta in 2021 (i milliún EUR).

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

- Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil **táirgí mionsonraithe geospásúla ina bhfuil faisnéis uile- Eorpach agus faisnéis faoin cumhdach talún agus faoin úsáid talún áitiúil** mar chuid de sheirbhís faireacháin ar thalamh Copernicus. Díríonn an ghné áitiúil ar limistéir san Aontas ina bhfuil baol maidir le dúshláin agus le saincheisteanna sonracha comhshaoil. Faoin ngné áitiúil sin, cuireann an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil faisnéis ar fáil maidir le teophointí a chumhdaítear faoi Natura2000, ar faisnéis í a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chaomhnú agus ar stádas na suíomhanna sin agus an mbíonn an meath ar chumhdach féaraigh le feiceáil. Áiríthítear le stádas theophointí Natura2000 go ndéantar iad a léarscáilliú go cruinn, agus is féidir é a úsáid chun aird a tharraingt ar theagmhais ar bagairtí iad do chaomhnú na suíomhanna.
- I dtéarmaí na cosanta bithéagsúlachta, is é is aidhm don chlár **LIFE – tionscadal comhtháthaithe dúlra MarHa chun gnáthóga muirí sa Fhrainc a bhainistiú go héifeachtach cothromasach** feabhas a chur ar stádas caomhantais chineálacha gnáthóige muirí uile na Fraince a liostaítear sa treoir maidir le gnáthóga. Leis an tionscadal, táthar ag obair i dtreo na sprice gearrthearmaí go mbeidh dea- stádas caomhantais ag leath de na gnáthóga ar a laghad faoi 2025. I dteannta an chláir LIFE, éascaítear leis an tionscadal an úsáid chomhordaithe a bhainfead as thart ar EUR 50 milliún de chistiú comhlántach ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó chistí náisiúnta.
- Tacóidh Éire mar shampla, le **hathchóiriú tailte portaigh**, beart lena bhféadfaí teacht ar ais flóra agus fána sna ceantair sin a chur chun cinn agus a spreagadh. Meastar i bplean na hÉireann gur féidir 3.3 milliún tona d'astaíochtaí CO² a sheachaint thar thréimhse 30 bliain a bhuí le cur chun feidhme na mbeart athshlánaithe breisithe.

Neartaíodh ailíniú bhuiséad an Aontais le cuspóirí comhshaoil an Aontais leis an gceanglas go gcomhlíonfar prionsabal 'na neamhdhíobhála'. De réir [an chomhaontaithe idirinstiúidigh](#) idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún, ní mór do chur chun feidhme bhuiséad 2021- 2027 an prionsabal sin a chomhlíonadh, mar a chumhdaítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip. Is é is aidhm dó a áirithiú nach ndéanfaidh aon chuid den bhuiséad – gan beann ar cé acu a mheastar nó nach meastar gur cuid is ábhartha don aeráid nó nach meastar – díobháil do chuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais, ná nach rachaidh aon chuid in aghaidh na cuspóirí sin.

Léiríonn buiséad an Aontais freisin a thábhachtaí atá sé go dtabharfar aghaidh ar éifeachtaí an aistrithe ar an tsochaí i dtreo geilleagar aeráidneodrach agus ar éifeachtaí eacnamaíocha an aistrithe sin ar bhealach cothrom, arís i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le plean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ⁽⁹⁾. Tá an Sásra um Aistriú Cóir ceaptha chun cúnaimh a thabhairt trí thacaíocht a thabhairt do réigiúin, do thionscail agus d'oibrithe a mbíonn tionchar diúltach ag an aistriú orthu. Bíonn an tacaíocht ón gCiste um Aistriú Cóir ar fáil do na réigiúin dá ndéantar an difear is mó i ngach Ballstát, ar pleananna críche a chur isteach a bhíonn á bhformheas ag an gCoimisiún mar chuid de chlár an bheartais chomhtháthaithe. Toisc gur glacadh é go déanach, níor glacadh clár an Chiste um Aistriú Chóir go fóill agus tá moill ar an gcur chun feidhme ⁽¹⁰⁾. Nuair a bheidh sé ag feidhmiú, tá coinne leis go gcuirfear thart ar EUR 55 bhiliún in úsáid idir 2021 agus 2027 trí thrí cholún éagsúla.

Ciste um Aistriú Cóir	Scéim um Aistriú Cóir	Saoráid Iasachta na hEamála Poiblí
<ul style="list-style-type: none"> • Maoineoidh an ciste gníomhaíochtaí amhail infheistíocht i bhfiontair bheaga bheaga agus mheánmhéide, mheánmhéide, gníomhaíochtaí taighde agus agus nuálaíochta, athshlánú athshlánú agus uasdátú líonra líonra téimh limistéar, digitiú, digitiú, nuálaíocht dhigiteach dhigiteach agus nascacht dhigiteach, agus feabhas a chur 	<ul style="list-style-type: none"> • Gríosóidh an scéim acmhainní acmhainní san earnáil phoiblí, a phoiblí, a bhuí le mol comhairliúcháin InvestEU go go páirteach, a bheidh ina phointe iontrála lámach le haghaidh iarrataí ar thacaíocht thacaíocht chomhairleach. 	<ul style="list-style-type: none"> • Maoineoidh an tsaoráid infheistíocht san fhuinneamh fhuinneamh inathnuaite, sa sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe ghlas, sa bhonneagar comhshaoil le haghaidh bainistíocht chliste chliste dramhaíola agus uisce, uisce, san athnuachan uirbeach, uirbeach, mar aon le réimsí eile. réimsí eile.

Tá an togra le haghaidh Ciste Aeráide Sóisialta nua ceaptha chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta an aistrithe aeráide agus ar éifeachtaí maidir le dáileadh thionchair an aistrithe sin de réir ‘Oiriúnach do 55’ ⁽¹¹⁾. Go sonrach, tá sé i gceist leis an gciste go maolófar éifeachtaí na trádála astaíochtaí ar na daoine is leochailí sa tsochaí, ar trádáil í a bheartaítear a thabhairt isteach le haghaidh foirgneamh agus iompar bóthair. Comhlánaíonn togra an Chiste Aeráide Sóisialta na bearta faoin Sásra um Aistriú Cóir agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa+.


Aistriú digiteach chun borradh a chur faoi acmhainneacht fáis an Aontais

Cuireann rolladh amach na dteicneolaíochtaí digiteacha deiseanna suntasacha fáis ar fáil don Aontas. Is é sprioc an Choimisiúin Eoraip a bheidh oiriúnach don aois dhigiteach a sholáthar trí shaoránaigh, gnólachtaí agus riaracháin a chumasú le glúin nua teicneolaíochtaí digiteacha agus uas- sciliú agus athsciliú iomchuí a rachaidh chun tairbhe gach duine. Ar an ábhar sin, chomhaontaigh na reachtóirí go dtiomnófaí ar a laghad 20 % de na cistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta d’athchóirithe agus d’infheistíochtaí a thacaíonn le cuspóirí digiteacha. Tá cuma mhaith ar na táscairí luatha, toisc go dtiomnaítear sna 22 phlean téarnaimh agus athléimneachta a glacadh faoi dheireadh 2021 26 % de na cistí d’athchóirithe agus d’infheistíochtaí a thacaíonn leis an gclaoclú digiteach.

⁽⁹⁾ [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.](#)

⁽¹⁰⁾ Ó 2021, ní dheanadh aon iocaíocht le haghaidh an Chiste um Aistriú Cóir.

⁽¹¹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún – ‘Oiriúnach do 55’: *delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality* [‘Oiriúnach do 55’: Sprioc Aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta] ([COM\(2021\) 550 final](#)).







Léiriú físiúil ar ranníocaíocht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leis na tosaíochtaí éagsúla. Tá na ríomhanna bunaithe ar na modhanna a leagtar amach in larscríbhinn VI agus VII a ghabhann le rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

- Áiríodh leis na príomhéachtaí an infheistíocht a léiríodh i **bplean na hIodáil maidir le hatreisiú na n-eangach agus digitiú an líonra leictreachais** chun inniúlacht an líonra a mhéadú, rud lena bhfágfar gur féidir tuilleadh den fhuinneamh inathnuaite arna tháirgeadh a chomhtháthú. Is sampla é sin de thionscadal lena gcomhcheanglaítear an dá ghné de na haistrithe dúbailte, lena samhlaítear idir chúrsaí aeráide agus digiteacha ina gcodanna móra de théarnamh na hEorpa tar éis na paindéime.
- Leanúint den nascacht áitiúil gan sreang a chur in úsáid trí **scéim WiFi4EU**, ina bhfuil breis agus 8 000 líonra suiteáilte agus breis agus 83 000 pointe rochtana gníomhach san Eoraip.
- I Mí an Mheithimh 2021, osclaíodh go hoifigiúil an **cábla snáthoptaice nua fomhuirí, EllaLink**, lena nasctar an Eoraip agus Meiriceá Laidineach agus cuireadh i mbun oibríochta é. Le comhpháirtíocht fhíordhigiteach, tugann an mórbhealach sonraí sin, a ritheann ar feadh 6 000 km sin faoi uisce, tá an dá réigiún níos gaire dá chéile ná riamh. A bhfuil leis an gclár BELLA ⁽¹²⁾, arna chómhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, tá úsáid á baint ag pobail taighde agus oideachais ar an dá thaobh den Aigéan Atlantach as an nasc líonra ardacmhainneachta sin lena mbaineann aga folaigh íseal.

Múnlaíonn an clár don Eoraip dhigiteach claochlú digiteach na hEorpa. Is é misean an chláir neamhspleáchas agus iomaíochas straitéiseach oscailte an Aontais a fheabhsú agus inniúlachtaí digiteacha criticiúla an Aontais a threisiú trí dhírú ar na príomhréimsí seo a leanas: an ríomhaireacht ardfheidhmíochta; an bonneagair néal go himeall; spásanna sonraí agus an intleacht shaorga; an chibearshlándáil; an t-uas- sciliú is gá chun lucht saothair a sholáthar do na hardteicneolaíochtaí sin; cur in úsáid na dteicneolaíochtaí sin agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu le haghaidh earnálacha criticiúla amhail fuinneamh nó aeráid; agus tacaíocht do thionscail, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do riaracháin phoiblí lena gclaochlú digiteach. In ainneoin an rialachán bunaidh a bheith glactha níos déanaí ná mar a bhí coinne leis, d'éirigh leis an gCoimisiún dul i mbun oibre láithreach ag reáchtáil agus tacar de chláir oibre a ghlacadh in 2021, agus an chéad tacar de ghairmeacha ar dheontais díreach dá éis sin.

⁽¹²⁾ Is éard a chiallaíonn na litreacha BELLA 'nasc na hEorpa le Meiriceá Laidineach a thógáil' [building the Europe link to Latin America] agus soláthraíonn sé tacaíocht le hidirnascaicht fhadtéarmach phobail taighde agus oideachais na hEorpa agus Meiriceá Laidinigh, ag cur feabhas suntasach ar an gcomhar idir taighdeoirí agus acadóirí ar feadh an dá réigiúin.

 <p>An ríomhaireacht ardfheidhmíochta</p> <p>Inniúlachtaí sár- ríomhaireachta eicsea- scála agus iar- eicsea- scála den chéad scoth a chur in úsáid agus rochtain orthu a áirithiú.</p>	 <p>An intleacht shaorga</p> <p>Spásanna sonraí comhchoiteanna ar fud an Aontais a chur in úsáid, bunaithe ar bhonneagar chónaschta néal go himeall agus tástáil agus glacadh réitigh bunaithe ar intleacht shaorga a chur chun cinn.</p>
 <p>An chibearshlándaíl</p> <p>Cumais ard- chibearshlándaála a chothú, lena n-áiritheofar go gcuirfear réitigh chibearshlándaála úrscothacha in úsáid go forleathan ar fud gheilleagar na hEorpa.</p>	 <p>Ardscileanna digiteacha</p> <p>Borradh a chur faoin mbarr feabhais acadúil sa réimse dhigiteach, tríd an soláthar oideachais i dteicneolaíochtaí a mhéadú, amhail an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, an chibearshlándaíl agus an intleacht shaorga agus an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn.</p>

Dlús a chur leis an úsáid is fearr a bhaint as teicneolaíochtaí



Líonra de mhoil nuálaíochta digití Eorpacha a cur in úsáid lena dtacófar le claochlú digiteach eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha na hEorpa. Tabharfar aghaidh leis an gclár freisin ar phríomhdhúshlán sa tsochaí trí ghnéithe ardtionchair a chur in úsáid, agus seirbhísí poiblí digiteacha idir- inoibritheacha trasteorann á gcumasú an tráth céanna mar aon le spás digiteach ionchuimsitheach iontaofa a chur chun cinn.

An Clár don Eoraip Dhigiteach, samplaí de ghníomhaíochtaí.
Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Cumasaíonn dul chun cinn sa teicneolaíocht agus sa taighde feidhmchláir spásbhunaithe atá ag dul chun tairbhe ár saoil laethúil. Tá dul chun cinn déanta maidir le Galileo agus EGNOS⁽¹³⁾, córais loingseoireachta satailíte dhomhanda an Aontais, agus Copernicus, córas an Aontais um fhaire na cruinne, lena gcuirtear iontaofacht agus feidhmíocht na seirbhísí a sholáthraítear chun cinn. Tairbhíonn úsáideoirí deiridh d'aimsiú suímh níos cruinne agus níos iontaofa agus de shonraí agus d'fhaisnéis faireacháin na Cruinne a bhíonn láidir, iontaofa, iomlán, saor agus oscailte, rud lena nuachóirítear an cúrsaí iompair, agus lena gcumasaítear an fheirmeoireacht bheacht agus a lena gcuirtear an inbhuanaitheacht chun cinn. Cuidíonn Copernicus le measúnú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide, agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí le linn tubaistí móra freisin. Is féidir le Galileo a bheith ríthábhachtach i ndáil le hiompar atá éifeachtúil ó thaobh breosla de a chur chun cinn, ag cuidiú le píolótaí agus le mairnéalaigh ina ngnáth- ghníomhaíochtaí nó nuair a chuardaítear daoine atá in anacair.

(13) Breis- seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí

An Clár Spáis: príomhéachtaí in 2021

- Bhí 2.5 billiún gaireas a bhí cumasaithe le Galileo in úsáid ag deireadh 2021.
- Tá feidhmíocht Galileo i ndáil leis an gcruinneas aimsithe suímh trí huairé níos fearr ná córais eile dá chineál.
- Seoladh dhá shatailít nua Galileo in 2021, lenar tugadh an líon satailítí atá i bhfithis go dtí 28 satailít.
- Bhí ocht satailít Copernicus ann ó 2021.
- Tá 100 000 úsáideoir ag seirbhís Copernicus um an athrú aeráide.

3. Geilleagar a thógáil ar geilleagar é a fhóireann do dhaoine



Is iad creat beartais an Aontais agus a mhargadh aonair uathúil bunchloch gheilleagair láidir a fhóireann do shaoránaigh an Aontais. Le samhail an Aontais le haghaidh geilleagar sóisialta margaidh, díritear ar an bhfás eacnamaíoch agus ar laghdú na bochtaineachta agus na neamhionannas araon ar fud réigiúin an Aontais. Tá neartú an mhargaidh aonair agus na bhfiontar beaga agus meánmhéide fíor- riachtanach chun go mbeidh geilleagar an Aontais in ann freagairt do riachtanais na saoránach dá chuid. Bíonn geilleagar láidir ina réamhriachtanas freisin chun dul i ngleic leis na dúshláin is tábhachtaí sa ré atá inniu ann, lena n-áirítear na haistrithe dúbailte agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais agus a ról domhanda a fheabhsú. Is féidir leis an eolas agus le réitigh a eascraíonn as an taighde agus as an nuálaíocht cuidiú le feabhas a chur ar an iomaíochas, rud lena gcuirtear an fás chun cinn, lena gcruthaítear poist agus lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochoaíocha.

Rannchuidíonn buiséad an Aontais trí na cláir iomadúla dá chuid lena gcumhdaítear roinnt diminsean. Le hiarrachtaí infheistíochta leanúnacha, áirithítear go ndéantar an margadh aonair a dhoimhniú a thuilleadh, rud lena saothraítear gnóthachain shuntasacha do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí an Aontais. Leis an mbeartas comhtháthaithe, cumasaítear na céadta míle tionscadal chun cuidiú le fiontar beaga agus mheánmhéide i réigiúin uile an Aontais. Trí oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán, déanann go leor gníomhaíochtaí infheistíocht i ndaoine agus tacaíonn siad lena n-imeascadh/n-ath-imeascadh san fhostaíocht, rud lena spreagtar tionscadail thábhachtacha ar an bhfíorgheilleagar agus lena rannchuidítear le hathrú struchtúrach, taighde agus nuálaíocht i mBallstáit an Aontais. I sochaí a bhfuil dúshláin chasta roimpi ó thaobh cúrsaí gnó, polaitíochta, eolaíochta, teicneolaíochta, sláinte agus an chomhshaoil de, bíonn an tacaíocht ilghnéitheach sin ríthábhachtach chun an fás eacnamaíoch a bhrú chun cinn, rud as a n-eascraíonn dul chun cinn lena ngintear idir bhrabúis agus fholláine gheilleagar an Aontais. Tá ról lárnach ag na hinfeistíochtaí sin sa bhonneagar agus sa chaipiteal daonna chun an t-aistriú a thionscnamh i dtreo Eoraip a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de, chun an comhionannas deise a chur chun cinn gan beann ar inscne agus chun tabhairt faoi na trí phríomhspríoc ar leibhéal an Aontais atá le baint amach faoi 2030 i ndáil leis an bhfostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, agus a leagtar amach i **plean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** ⁽¹⁴⁾.

I dtreo geilleagar níos láidre agus níos córa

D'éirigh le geilleagar an Aontais filladh ar a leibhéal táirgeachta réamhphaindéime i samhradh 2021, tar éis téarnamh láidir de 5.3 % in 2021 ⁽¹⁵⁾. In 2021, chuaigh an líon daoine a bhí fostaithe san Aontas i méid 0.9 %, in éineacht le thart ar 1.8 milliún post breise. Chuaigh an fhostaíocht i méid ar fud gach grúpa oideachais, aoise agus inscne nach mór, agus thart ar 1 mhilliún

⁽¹⁴⁾ [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.](#)

⁽¹⁵⁾ Féach [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa – Geimhreadh 2022.](#)

duine ag teacht amach as an dífhostaíocht i dtreo na tríú ráithe de 2021. D'fhág sé sin go raibh méid lucht saothair an Aontais 0.3 % níos mó ná a leibhéal réamhphaindéime sa tríú ráithe de 2021. Mar sin féin, thit an líon daoine a bhí fostaithe sna hearnálacha a ndearna bearta dianghlása an dochar ba mhó dóibh amhail an earnáil chóiríochta, earnáil an bhia agus earnáil an taistil. Ina theannta sin, d'fhág an méadú atá ag teacht ar phraghas na n-amhábh agus an fhuinnimh – cás a chuaigh in olcas go mór mar gheall ar chogadh ionsaithe na Rúise, gan údar gan chúis, san Úcráin – go bhfuil ionchais fáis laghdaithe ⁽¹⁶⁾ go mór.

Lean Ciste Sóisialta na hEorpa 2014- 2020 den rannchuidiú dearfach chun rátaí dífhostaíochta agus bochtaineachta a ísliú, ábhair atá fós i measc na nithe is mó atá ina n-údair imní le haghaidh shaoránaigh an Aontais. Cé go raibh moill ar chur chun feidhme Chiste Sóisialta na hEorpa Plus mar gheall gur déanach a glacadh a bunús dlí, faoi mar is amhlaidh i gcás na gcistí uile eile den bheartas comhtháthaithe, tá an clár a tháinig roimhe, ó bhí 2014 ann, tar éis cuidiú le 45.3 milliún duine, agus astu sin tá post faighte ag 5.4 milliún duine, lena n-áirítear féinfhostaíocht, agus bhain an chuid eile díobh garspíocanna eile amach mar a chuirtear i láthair sna ranna seo a leanas.

Cuireann an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha le Geilleagar Aontais atá níos dinimiciúla iomaíche trí fheabhas a chur ar scileanna agus ar infhostaitheacht daoine iomarcacha. A bhui le raon feidhme méadaithe an chiste i gclárthréimhse 2021- 2027, chuir ceithre Bhallstát ocht n-iarratas isteach in 2021 chun cúnaimh a thabhairt do 3 500 oibrí a dífhostaíodh. I gcúig cinn de na cásanna sin, ba é paindéim COVID- 19 an phríomhthoisic as ar eascair na dífhostuithe. Thairis sin, i dtaca le sé hiarratas a fuarthas in 2020 faoin rialachán a bhí ann roimhe, d'fhormheas an t-údarás buiséadach in 2021 iad. Bhain ceithre cinn de na hiarratais sin leis an ngéarchéim eacnamaíoch a d'eascair as an bpaindéim. Áirítear le cúnaimh ón gciste pacáistí seirbhísí pearsantaithe chun oibrithe dífhostaithe a ath- imeascadh arís i bhfostaíocht inbhuanaithe a thapa is féidir.

Rannchuidiú buiséad an Aontais le neartú an mhargaidh aonair trí chlár an mhargaidh aonair. Cruthaíodh an clár chun rialachas an mhargaidh aonair a neartú agus cumhdaítear leis an mbuiséad EUR 4.24 billiún le haghaidh an chlár réimse leathan gníomhaíochtaí éagsúla a maoiníodh faoi chlár éagsúla roimhe (clár an Aontais um iomaíochas na bhfiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide, an clár staidrimh Eorpach, caighdeán um thuairisciú agus iniúchadh airgeadais agus neamh- airgeadais, rannpháirteachas tomhaltóirí i ndéanamh beartas i réimse na seirbhísí airgeadais, an clár tomhaltóirí agus bia agus beatha) agus línte buiséid sainphribhléide an Choimisiúin. D'ainneoin gur déanach a glacadh a bhunús dlí, d'éirigh leis an gCoimisiún gach snáithe den chlár a chumhdach in 2021.

Le buiséad an Aontais, féachtar chun an infheistíocht phoiblí agus phríobháideacha a ghríosú trí infheistíocht a ráthú ó chomhpháirtithe cur chun feidhme amhail Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus institiúidí airgeadais eile. Is é sin ról Chiste InvestEU, lena n-áirítear ionú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide freisin. Trí ráthaíocht bhuiséid an Aontais de EUR 26.15 billiún, a bhfuil EUR 10.46 billiún ó bhuiséad an Aontais mar bhonn taca faoi, tabharfar aghaidh ar na bearnaí móra infheistíochta atá fóorthábhachtach le haghaidh na todhchaí. Thairis sin, tá coinne leis go rannchuideoidh ar a laghad 30 % de Chiste InvestEU leis an athrú aeráide a chomhrac. D'ainneoin

⁽¹⁶⁾ I réamhaisnéis eacnamaíoch Earrach 2022, tá coinne leis go mbeidh fíorfhás na holltáirgeachta intíre san Aontas agus sa limistéar euro araon anois ag 2.7 % in 2022 agus 2.3 % in 2023, síos ó 4.0 % agus 2.8 % (2.7 % sa limistéar euro), faoi seach, i [réamhaisnéis eatramhach Gheimhreadh 2022](#).

an- chuid dul chun cinn leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú ráthaíochta InvestEU le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, mar aon le seoladh na chéad ghairme ar léirithe spéise mí Aibreáin 2021, níor síníodh aon chomhaontú ráthaíochta le comhpháirtithe cur chun feidhme faoi dheireadh 2021. Síníodh an comhaontú ráthaíochta le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i mí an Mhárta 2022, agus tá coinne le tuilleadh comhaontuithe amach anseo.

An beartas comhtháthaithe: aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas le linn na freagartha don phaindéim

I dteannta ról traidisiúnta a thacaíochta leis an infheistíocht agus le haghaidh a thabhairt ar an neamhionannas ar fud réigiúin an Aontais, leanadh de príomhról chistí an bheartais chomhtháthaithe chun cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhrochiarmhairtí láithreacha eacnamaíocha, sóisialta agus sláinte ghéarchéim COVID- 19. Tacaíonn cistí an bheartais chomhtháthaithe le gach réigiún agus cathair san Aontas go traidisiúnta, agus borradh á chur faoi chruthú na bpost, faoin iomaíochas gnó, fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe, agus feabhas á chur ar cháilíocht saoil na saoránach. Faoi mar ab amhlaidh in 2020, cheadaigh an Coimisiún tuilleadh solúbthachta freisin i gcur chun feidhme cistí an bheartais chomhtháthaithe in 2021, chun breis leachtachta a sholáthar do na Ballstáit agus a ndícheall á dhéanamh acu chun drochiarmhairtí phaindéim COVID-19 a shrianadh.

Chuidigh an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí 2014- 2020 chun na cineálacha bochtaineachta ba mheasa san Aontas a mhaolú trí chúnamh a thabhairt do na daoine ba dhíothaí le bia, bunearraí agus tacaíocht cuimsiúcháin shóisialta. In 2020 ⁽¹⁷⁾, dáileadh beagnach 428 000 tona de bhia ar thart ar 15 mhiliún duine, agus fuair 1.96 milliún duine cúnamh ábhartha agus bhain 30 000 duine leas as tacaíocht cuimsiúcháin shóisialta. Is méadú é sin i gcomparáid leis na blianta roimhe, méadú a bhféadfaí cuid de a chur i leith thionchar phaindéim COVID- 19 a d'fhág go raibh go leor daoine gan phoist agus i mbaol na bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta.

Bhí tús chláir 2021- 2027 an- dúshlánach. Toisc gur déanach a glacadh chreat airgeadais ilbhliantúil 2021- 2027, rinneadh difear d'ullmhú chláir náisiúnta agus réigiúnacha 2021- 2027. D'oibrigh an Coimisiún go dian leis na Ballstáit chun na cláir nua a ullmhú agus a chur i gcrích a thapa agus is féidir. Rinneadh ullmhúcháin sna Ballstáit i gcomhthráth le ullmhú pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar shampla, rud lenar bhain dúshlán oibriúcháin do roinnt Ballstáit.

Léiríodh tionscadail agus acmhainní ón gcreat airgeadais ilbhliantúil roimhe seo go príomha leis an méid a cuireadh chun feidhme in 2021 ⁽¹⁸⁾. I dteannta dlús a chur le híocaíochtaí faoi chistí an bheartais chomhtháthaithe roimhe, tá torthaí ó na cláir roimhe seo ag teacht isteach go tapa.

In éineacht le tacaíocht ón gciste réigiúnach ó 2014 i leith ⁽¹⁹⁾:

- Sábháladh 4.4 milliún tona de CO₂;

⁽¹⁷⁾ Na sonraí is déanaí is eol, i ndáil le Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg.

⁽¹⁸⁾ EUR 350 billiún faoi bhuiséad fadtéarmach 2014- 2020 agus EUR 392 bhiliún faoi bhuiséad fadtéarmach 2021- 2027.

⁽¹⁹⁾ Is éachtaí carnacha iad na figiúirí sin le haghaidh 2014- 2020 chomh fada le deireadh 2020, le haghaidh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Chiste Chomhtháthaithe.

- Fuair 5.5 milliún teach rochtain ar luasanna leathanbhanda de 30 meigibheart in aghaidh an tsoicind ar a laghad;
- Cruthaíodh 238 000 post i bhfiontair ar tacaíodh leo;
- Thairbhígh 52 mhilliún duine de sheirbhísí sláinte nua nó nuachóirithe.

Ag tacú leis an oideachas agus an oiliúint

Anuas ar infheistíocht sa bhonneagar fisiciúil, soláthraíonn buiséad an Aontais tacaíocht fhíor- riachtanach chun caipiteal daonna a fhorbairt agus deiseanna a sholáthar, mar shampla trí Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg, a thacaigh le 45.3 milliún duine faoi 2020. Faoi dheireadh 2020, bhí cáilíocht faighte ag 7.4 milliún duine, bhí 2.2 milliún duine i mbun oideachais nó oiliúna de thoradh Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg agus thairbhígh 3.4 milliún duine óg den Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg. Faoi dheireadh 2021, bhí EUR 4.5 billiún faighte ag na Ballstáit i ndáil leis an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg.

Cuidíonn taighde agus nuálaíocht an Aontais le saoránaigh agus le luachanna an Aontais a chosaint agus tá méadú ag teacht ar a ról i ngeilleagar an Aontais. Soláthraítear tairbhí leo do thomhaltóirí agus d'oibríthe araon, lena gcruthaítear poist níos fearr, lena bhforbraítear sochaí níos glaise agus lena gcuirtear feabhas ar an gcáilíocht saoil san Aontas. Bíonn siad ríthábhachtach freisin chun iomaíochas an Aontais sa mhargadh domhanda a choinneáil ar bun. Agus an beartas nuálaíochta ina chomhéadan idir taighde agus an fhorbairt teicneolaíoch agus an beartas tionscail, is é is aidhm dó creat fabhrach a chruthú chun smaointe a thabhairt chuig an margadh. Soláthraíonn buiséad an Aontais cistiú taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear tacaíocht spriocdhírthe le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena gcuimsítear 99 % de ghnólachtaí san Aontas ⁽²⁰⁾. Is é ceann de chuspóirí Fhís Eorpach gach cineál nuálaíochta a chothú, agus forbairt agus léiriú na teicneolaíochta a éascú, mar aon le heolas agus teicneolaíocht a aistriú, agus cur chun úsáid agus saothrú na réiteach nuálaíoch á neartú an tráth céanna.

In 2021, chuir an Coimisiún an chéad chlár oibre faoi Fhís Eorpach i láthair. Sa chomhthéacs sin, tá 65 ghnólacht nuathionscanta nuálach agus fiontar beag agus meánmhéide roghnaithe aige chun cistiú de EUR 363 milliún a fháil le haghaidh nuálaíochtaí ceannródaíoch a Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, chun cuidiú leo a nuálaíocht a thabhairt chuig an margadh agus chun cuidiú leo uas- scálú.

- In Mí na Samhna, d'fhógair an Coimisiún buaiteoir Duais an Aontais Eorpaigh do Nuálaithe Ban, 2021 agus Príomhchathair Nuálaíochta na hEorpa. Ba í Merel Boers (an Ísiltír), comhbhunaitheoir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin NICO- LAB, cuideachta a chuireann teicneolaíocht cheannródaíoch ar fáil chun cuidiú le lianna cúram éigeandála a fheabhsú, an fiontraí mná a ceiliúradh in 2021. Tugadh aitheantas do chathair Dortmund na Gearmáine mar Phríomhchathair Nuálaíochta na hEorpa 2021, mar gheall ar an mbealach ar cuireadh an nuálaíocht chun cinn i measc an phobail ann.

(20) Féach <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.LI.2020.433.01.0028.01.ENG&toc=OJ%3AL%3A2020%3A433I%3ATOC>.

Feabhas a chur ar chomhtháthú dhiminsean an chomhionannais inscne


In 2021, rinne an Coimisiún tuilleadh beart chun a straitéis maidir le comhionannas inscne, 2020- 2025, ⁽²¹⁾, a chur chun feidhme, lena leagtar amach gealltanas neartaithe an Choimisiúin i ndáil le hAontas comhionannais a bhaint amach. Threisigh an Coimisiún sainaitheint thionchair an chomhionannais inscne agus an anailís orthu i nósanna imeachta reachtóireachta níos fearr, go háirithe, (le haghaidh measúnuithe tionchair agus meastóireachtaí araon).

Rannchuidíonn buiséad an Aontais le cuspóirí comhionannais ar bhealach tábhachtach.

Soláthraítear le NextGenerationEU agus le buiséad fadtéarmach 2021- 2027 réimse leathan ionstraimí cistiúcháin agus ráthaíochta buiséadaí de chuid an Aontais chun tacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus a gcothromaíocht oibre is saoil chun cinn. Tá infheistíocht i saoráidí cúraim, tacaíocht d'fhiontraíocht na mban, an comhrac in aghaidh leithscaradh inscne i ngairmeacha áirithe agus aghaidh a thabhairt ar an míchothromaíocht in ionadaíocht na gcailíní agus na mbuachaillí i roinnt earnálacha oideachais agus oiliúna ríthábhachtach. Trí thionscnaimh áirithe, amhail snáithe Daphne den chlár cearta agus luachanna, soláthraítear cistiú tiomnaithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus d'institiúidí poiblí a thacaíonn le cuspóir an chomhionannais, lena n-áirítear i réimsí sonracha atá thar a bheith ábhartha, amhail ag dul i ngleic le foréigean inscne.

Tá modheolaíocht phiólótach forbartha ag an gCoimisiún – roimh an sprioc – chun caiteachas a thomhas ar caiteachas é a bhaineann leis an gcomhionannas inscne. Faoin gcomhaontú idirinstiúideach a ghabhann le creat airgeadais ilbhliantúil 2021- 2027, bhí gealltanas tugtha ag an gCoimisiún go bhforbródh sé modheolaíocht den sórt sin. I gcás gach cláir, ar an leibhéal is mionsonraithe is féidir, tugtar scór de 0, 1, 2 nó 0* d'idirghabhálacha. Léiríonn scóir 0, 1 agus 2 a mhéid a dhírítear ar an gcomhionannas inscne le hidirghabhálacha bhuiséad an Aontais. Baineann Scór 0* leis na hidirghabhálacha sin ag a bhféadfadh tionchar a bheith ar an gcomhionannas inscne, ach nach féidir leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin agus bunús a thabhairt leis an tráth sin. Tabharfar an scór sin cothrom le dáta más rud é go mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil agus an tráth a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil. Tuairiscíonn an Coimisiún maidir le torthaí chur i bhfeidhm na modheolaíochta píolótaí seo sa phacáiste seo. Léiríonn an graf thíos dáileadh na gclár bunaithe ar an scór uasta a sannadh dá n-idirghabhálacha (nó do chuid díobh).

⁽²¹⁾ Féach https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/gender-equality/gender-equality-strategy_en.



An líon clár atá incháilithe do gach ceann de na ceithre scór (0, 0*, 1 agus 2) arna moladh leis an modheolaíocht. D'fhéadfadh clár a bheith incháilithe do bhreis agus aon scór amháin. Sa chás sin, déantar gealltanais bhliantúla an chláir a cuireadh chun feidhme a mhiondealú de réir scóir.

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Ceapadh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun prionsabail an chomhionannais inscne a chur chun cinn freisin. Áirítear leis na 22 phlean téarnaimh agus athléimneachta a glacadh in 2021 115 beart lena bhain fócas ar an gcomhionannas inscne. Áirítear le bearta den sórt sin athchóirithe chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú, an éagothromaíocht idir fir agus mná a chomhrac, tacaíocht a thabhairt d'uas- sciliú na mban agus socruithe oibre solúbtha a spreagadh. A mhéid a bhaineann le hinfeistíochtaí, rannchuidíonn an tsaoráid trí réimse leathan idirghabhálacha. Mar shampla, tá bearta sna pleananna formheasta téarnaimh agus athléimneachta chun feabhas a chur ar an mbonneagar sóisialta agus cúraim leanaí óga, deimhnithe maidir leis an gcomhionannas inscne a thabhairt isteach le haghaidh cuideachtaí, oiliúint a sholáthar chun borradh a chur faoi scileanna fiontraíochta na mban, líne thacaíochta a bhunú do mhná i gceantair thuaithe agus uirbeacha agus feabhas a chur ar rialáil na ngairmeacha, ar gairmeacha iad a dhéanann mná de ghnáth, a fheabhsú (amhail obair tí agus cúram sóisialta).

Clár Oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe a sholáthar

Rannchuidíonn buiséad an Aontais agus NextGenerationEU go suntasach leis na spriocanna a shonraítear i gclár oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don fhorbairt inbhuanaithe, arb é is aidhm dó aistriú claochlaitheach a bhaint amach faoi 2030, aistriú nach bhfágann aon duine ar lár. Is é clár oibre 2030 an plean oibre comhroinnte a glacadh faoi choimirce na Náisiún Aontaithe le haghaidh domhan síochánta rathúil, agus tá sé fíorthábhachtach i ndáil le luachanna an Aontais agus le todhchaí na hEorpa. Ón tráth a glacadh an clár oibre in 2015, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Aontas maidir le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe, cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ina bheartais inmheánacha agus sheachtracha araon, agus é ag leanúint air lena iarrachtaí ina leith a neartú. Léirigh paindéim COVID- 19 go bhfuil cur chun feidhme iomlán chlár oibre 2030 ríthábhachtach chun atógáil chun feabhais tar éis na géarchéime. Is iad na spriocanna forbartha inbhuanaithe an treoirphlean uilíoch le haghaidh téarnamh inbhuanaithe.

Tá an tAontas tar éis tosú ar aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, aeráidneodrach, ciorclach atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, bhaineann go dlúth le slándáil, rath, comhionannas agus cuimsiú méadaithe. Dá bharr sin, tá sé d’aidhm ag ceapadh agus cur chun feidhme chlár chaiteachais an Aontais cuspóirí gach réimse beartais a chomhlíonadh agus an inbhuanaitheacht á cur chun cinn an tráth céanna trí ghníomhaíochtaí agus trí idirghabhálacha na gclár ábhartha. Leis an gcomhdhearadh Eorpach maidir leis an bhforbairt, tá cur chuige an Aontais maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta agus le beartais forbartha ailínithe aige le clár oibre 2030, agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras á gcur ag croílár a ghníomhaíochta seachtraí.

I bhfianaise thréithe idirnasctha na spriocanna sin, ceapadh formhór chlár bhuiséadacha an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna forbartha inbhuanaithe iomadúla. I láthair na huaire, rannchuidíonn breis agus 85 % de chlár (41 as 48) leis na spriocanna sin a bhaint amach. Baineann 96 % de bhuiséad iomlán an Aontais leis na 41 chlár sin. Is féidir samplaí de rannchuidiú bhuiséad an Aontais leis an gclár oibre don fhorbairt inbhuanaithe a fháil thíos.



Idir mí an Mhárta 2020 agus mí na Nollag 2021, leis an **gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí** comhchistíodh le EUR 1.4 milliún ar mhaithe leis an tionscadal chun ‘Pacáistí bia a dháileadh ar mhic léinn’. Díríodh leis an tionscadal ar na mic léinn ba dhíothaí san oideachas trúú leibhéal i réigiún Nouvelle-Aquitaine na Fraince.



Rannchuidíonn an **comhbheartas talmhaíochta** le cuspóir an chothaithe fheabhsaithe a bhaint amach. Trí scéim scoile an Aontais, tacaítear le torthaí, glasraí agus bainne a dháileadh ar scoileanna ar fud an Aontais in éineacht le bearta oideachais maidir le talmhaíocht an Aontais agus le buntáistí an bhia shláintiúil. EUR 220.8 milliún in aghaidh na scoilbhliana atá i mbuiséad iomlán an Aontais atá leithdháilte le haghaidh 2017-2023.



In 2021, baineadh úsáid as thart ar EUR 16 mhiliúin faoin **Ionstraim Tacaíochta Éigeandála** chun an bonneagar ba ghá a bhunú chun deimhnithe digiteacha idir-inoibritheacha COVID-19 an Aontais a eisiúint agus a fhíorú, arbh é ab aidhm dóibh gluaiseacht sábháilte shaor na saoránach laistigh den Aontas a éascú le linn na paindéime.



Leis an tionscnamh ‘**Ní féidir leis an oideachas fanacht**’, ar thacaigh an tAontas leis ó tionscnaíodh in 2016 é le EUR 27.5 milliún, cumasaíodh soláthar an oideachais do 4.6 milliún leanbh agus duine óg, ar cailíní iad a leath, in 34 thír a bhí thíos le géarchéimeanna, agus soláthar na hoiliúna do bhreis agus 70 000 múinteoir. Faoi ghníomhaíochtaí freagartha spriocdhírthe COVID-19, shroich an tionscnamh seo 29.2 milliún leanbh agus duine óg agus thacaigh sé le breis agus 88 000 múinteoir.



Sa tSualainn, le tionscadal a bhí ar bun idir 2016 agus 2019 agus a cistíodh le EUR 1.6 milliún ó **Chiste Sóisialta na hEorpa Plus** cuidíodh le thart ar 700 imirceach mná a bhí tagtha chun na tíre den chéad uair chun dlús a chur leis an bpróiseas chun obair nó oiliúint a aimsiú agus steiréitíopaí inscne a bhriseadh an tráth céanna.



In 2021, le seirbhís faireacháin ar thalamh ag **Copernicus** soláthraíodh faisnéis gar d’fhíor-am go córasach ar uisce intíre domhanda agus ar a n-athslánú séasúrach, lena n-áirítear infhaighteacht ionchasach an uisce ón gcumhdach sneachta agus oighir.



Leis an **tSaoráid um Chónascadh na hEorpa** soláthraíodh cúnamh airgeadais de EUR 1 052 milliún faoi dheireadh 2020 do thionscadal sioncronúcháin na stát Baltach, lena bhfágfaidh go mbeidh na trí stát Bhaltacha in ann rialú iomlán a fháil ar a líonraí leictreachais agus an tslándáil fuinnimh a neartú.



Ó 2020 i leith, faoi thacaíocht ón **Ionstraim um Chúnadh Réamhaontachais** a ghabhann leis an gclár ‘Cuimsiú sóisialta’ san Albáin, thairbhígh 173 091 fostaí agus 65 574 duine aonair de bhearta chun tionchar phaindéim COVID-19 ar an ngeilleagar a mhaolú.

	<p>Ón 31 Nollaig 2020, leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha bhí tacaíocht de thart ar EUR 9.3 billiún tugtha d'infheistíocht le haghaidh bonneagar iompair chun líonraí iompair agus cabhlaigh níos glaine a chur chun cinn agus chun plódú agus scrogaill a laghdú.</p>		<p>In 2020, leis an gclár cabhrach daonnúla soláthraíodh EUR 900 milliún de chabhair do dhaonraí a easáitíodh go héigeantach agus dá gcomhphobail óstacha.</p>
	<p>Idir 2021 agus 2024, le Erasmus+ soláthraíodh EUR 1 mhilliún de thacaíocht leis an tionscadal 'Athléimneacht agus oiriúnú uirbeach le haghaidh na hIndia agus na Mongóile'. Is éard is aidhm don tionscadal sin an bonneagar glas agus gorm a chur chun cinn tríd an oideachas treasach, arna fheabhsú leis an teicneolaíocht faisnéise, agus é nasctha le margaí saothair.</p>		<p>Faoi thionscadal Ecotex de chuid LIFE sa Spáinn, forbraíodh córas athchúrsála nuálach éicéifeachtúil atá iontach inmhacasamhlaithe le haghaidh na dramhaíola teicstíle poileistir. Leis an gcóras méadaíodh ciorclacht thionscal na mbróg agus laghdaíodh astaíochtaí gás ceaptha teasa.</p>
	<p>Faoi thacaíocht an Aontais le haghaidh tiortha agus críocha thar lear, leis an maoiniú de EUR 4 mhilliún atá le soláthar idir 2021 agus 2027 i gcomhthéacs chomhar an Aontais le Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince, tá sé ina thosaíocht an bhithéagsúlacht a chosaint.</p>		<p>Ar feadh na tréimhse 2021- 2027, soláthraíonn an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe EUR 6.1 billiún de thacaíocht chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe a dhéanamh de ghníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe in uisce an Aontais, mar aon le daonraí iasc a athshlánú agus choinneáil ar bun de réir a chéile mar aon le bithéagsúlacht na ngnáthóg muirí dár gcuid.</p>
	<p>Idir 2016 agus 2019, le Ciste Forbraíochta Réigiúnai na hEorpa soláthraíodh EUR 763 292 de thacaíocht leis an tionscadal 'Atlas na Polainne de dhéine na báistí'. Is córas mapála báistí digiteach cuimsitheach ar líne é sin a ceapadh chun gur fearr a chosnófar bailte agus cathracha na Polainne a ar éifeachtaí na báistí troime.</p>		<p>Leis an Tairseach Eorpach don r- Cheartas, a bunaíodh le tacaíocht ón gclár ceartais, éascaítear rochtain ar cheartas ar fud an Aontais agus d'fhreastail sé ar 4.4 milliún cuairteoir in 2021.</p>
	<p>Bunaíodh líonra eolais an Aontais um chosaint shibhialta i mí na Nollag 2021 faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Tá sé d'aidhm aige comhroinnt na taithí agus na gceachtanna a foghlaimíodh a éascú, mar aon le cinnteoireacht níos eolaí ar mhaithe le cosaint, ullmhúchán agus freagairt níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.</p>		

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

4. An Eoraip a neartú mar ghníomhaí geopholaitiúil



Tacaíonn an tAontas leis an iltaobhachas agus le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe trí ról níos gníomhaí agus guth níos láidre sa domhan le haghaidh an Aontais. Iarrann sé cur chuige comhordaithe i leith na gníomhaíochta seachtraí – idir chomhar forbartha agus an comhbheartas eachtrach agus slándála – lena ndaingnítear guth níos láidre agus níos aontaithe sa domhan le haghaidh na hEorpa. Tá sé ar cheann de spriocanna an Aontais tacú lena luachanna, leis an tsaoirse agus leis an daonlathas i dtíortha comharsanacha agus sa domhan mór. Ní dhéanann forbairtí a tharla le déanaí ach an gá a chur i dtábhacht le cur chuige comhordaithe na Eorpa i leith dúshláin phráinneacha gheopholaitiúla.

In 2021, d'úsáid an Coimisiún an tsolúbthacht ar fad a sholáthraíodh le buiséad an Aontais chun freagairt do thimpeallacht gheopholaitiúil a bhí thar a bheith míshocair cheana féin. Bhí freagairt láithreach riachtanach i bhfianaise an leas a baineadh as an imirce ar theorainneacha an Aontais san oirthear, agus bhí an tAontas lánpháirteach sa chuidiú do thíortha comharsanacha agus do chomhpháirtithe idirnáisiúnta chun a n-athléimneacht a neartú i bhfianaise réimse dúshlán eile, lena n-áirítear go háirithe paidéim COVID- 19, géarchéimeanna daonnúla agus na gluaiseachtaí imirce a d'eascair astu.

Tá buiséad an Aontais chun tosaigh in iarrachtaí an Aontais Eorpaigh chun tacú le tíortha comhpháirtíochta, chun a chuspóirí geopholaitiúla níos leithne a chur chun cinn agus chun seasamh lena luachanna ar leibhéal domhanda. Leis an Ionstraim nua chomhtháthaithe um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, treisítear inniúlacht an Aontais mar ghníomhaí geopholaitiúil le linn tréimhse ina bhfuil dúshlán eisceachtúla i gcomharsanacht na hEorpa agus níos faide i gcéin. Léiríonn ionradh na Rúise san Úcráin, gan údar gan chúis, an gá atá leis sin go soiléir, ionradh lena n-éilítear freagairt láidir chomhordaithe ón Eoraip. Baineadh úsáid as buiséad an Aontais chun cúnamh a sholáthar don Úcráin agus dá muintir láithreach mar aon le cuidiú leis na Ballstáit eile tacú leo siúd a theitheann ón Úcráin.

Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta

- EUR 60 billiún le haghaidh **cláir gheografacha**, lena n-áirítear ar a laghad EUR 19 mbilliún don chomharsanacht agus EUR 29 mbilliún don Afraic Fho- Shahárach.
- EUR 6 bhilliún le haghaidh **cláir théamacha** (cearta an duine agus an daonlathas; eagraíochtaí na sochaí sibhialta; an tsíocháin, an chobhsaíocht agus cosc coinbhleachtaí; agus dúshlán dhomhanda).
- EUR 3 bhilliún le haghaidh **sásra mearfhreagartha** lena bhfágtar go mbíonn an tAontas in ann freagairt go tapa do ghéarchéimeanna, rannchuidiú leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht agus le coinbhleachtaí a chosc, agus athléimneacht stát, sochaithe, comhphobal agus daoine aonair a neartú, lena nasctar an chabhair dhaonnúil agus gníomhaíocht um fhorbairt. Áirithítear an luathghníomhaíocht leis freisin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar thosaíochtaí beartais eachtraigh an Aontais.
- EUR 10 mbilliún le haghaidh **'cúlchiste' de chistí neamh- leithdháilte** chun breis a chur le haon cheann de na cláir thuasluaite agus leis an sásra mearfhreagartha i gcás imthosca gan choinne, riachtanais nua, dúshlán a thagann chun cinn nó tosaíochtaí nua.

Buiséad an Aontais mar chatalaíoch le haghaidh na hathléimneachta neartaithe i dtíortha comhpháirtíochta

Lasmuigh den ghéarchéim a bhí ag teacht chun cinn ar theorainneacha an Aontais, in 2021 lean an tAontas dá thacaíocht le tíortha comhpháirtíochta chun an chobhsaíocht a choinneáil ar bun agus a bhforbairt a chur chun cinn. An phríomhúdar imní le linn na bliana ab ea paindéim COVID- 19 agus na tionchair ar earnálacha iomadúla den tsochaí agus den gheilleagar a lean dá héis. Tháinig an phaindéim anuas ar ghéarchéimeanna a bhí ann cheana, rud lenar cruthaíodh timpeallacht thar a bheith dúshlánach. Bhí sé thar a bheith tábhachtach ó thaobh ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais de athléimneacht na dtíortha comhpháirtíochta a neartú dá bhrí sin. Baineadh é sin amach trí bhíthin réimse ilghnéitheach de chúnamh airgeadais chun éifeachtaí eacnamaíocha na ndianghlasálacha a chomhrac agus chun athléimneacht na n-earnálacha sláinte a mhéadú.

Le cur chuige de chineál Fhoireann na hEorpa ⁽²²⁾, bhain freagairt dhomhanda de EUR 46 billiún an Aontais do COVID- 19 do bhreis agus 130 tír ar fud an domhain. Úsáideadh na cistí chun cuidiú le tíortha aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil sláinte, a gcórais sláinte a neartú, bearta uisce agus sláintíochta a leagan amach agus iarmhairtí socheacnamaíocha na paindéime a mhaolú. Chuidigh cur chuige Fhoireann na hEorpa leis an Aontas agus a Bhallstáit sa mhéid gurbh iad an deontóir ba mhó do thionscnamh Rochtain Dhomhanda ar Vacsaíní COVID-19 (COVAX) in 2021 iad agus breis agus EUR 3 billiún soláthartha chun vacsaíní COVID- 19 a cheannach. Dá thoradh sin, baineadh amach an sprioc chun breis agus 250 milliún dáileog vacsaíne a chomhroinnt le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim faoi dheireadh 2021. Ina theannta sin, thacaigh an Coimisiún le taighde agus nuálaíocht le haghaidh na teiripice, na diagnóisice agus vacsaíní agus sheol sé tionscnamh d'Fhoireann na hEorpa chun borradh a chur faoi tháirgeacht áitiúil na dtáirgí sláinte agus vacsaíní san Afraic, mar phríomhtháirge insoláthartha de Chruinniú Mullaigh an Aontais Eorpaigh—an Aontais Afracaigh. I dtíortha is iarrthóirí nó is iarrthóirí ionchasacha agus i dtíortha comharsanacha, bain an tAontas úsáid as breis agus EUR 4.5 billiún chun cuidiú le héifeachtaí na paindéime a mhaolú. San Úcráin féin amháin, roimh thosú ionradh na Rúise, gan údar gan chúis, bhí EUR 600 milliún i gcúnamh macrairgeadais eisíochta ag an Aontas chun na críche sin.

Tá comhpháirtíocht láidir dhaonnúil ag an Aontas leis na Náisiúin Aontaithe agus bhí sé chun tosaigh le tabhartais dhaonnúla dhomhanda in 2021, agus oibríochtaí dá gcuid i dtíortha a ndearnadh dífeor dóibh amháin an Afganastáin, an Aetóip, an tSúdáin Theas, an tSiria, an Tuirc, an Úcráin, Veiniséala agus Éimin, mar aon le réigiún na Saiheile. Le linn na bliana, bhain an tAontas úsáid as EUR 2.19 billiún le haghaidh cabhair dhaonnúil a bhuí le treisiúcháin bhuiséadacha nach beag.

Chuaigh cúrsaí daonnúla san Afganastáin agus sa réigiún in olcas go mór in 2021, rud a d'fhág nár mhór tosaíochtaí a oiriúnú mar aon le cúnamh práinneach. Fiú roimh an ngéarchéim atá an faoi láthair, bhí muintir na hAfganastáine agus an réigiúin ag fulaingt go mór agus easáitiú ar scála mór tarlaithe de thoradh na coinbhleachta leanúnaí, na neamhshlandála, diantriomach agus phaindéim COVID- 19. Tá an scéal níos casta anois i ndiaidh don Talaban an chumhacht a ghabháil ar an 15 Lúnasa. Mhéadaigh an tAontas a chistiú daonnúil faoi cheathair in 2021, suas go EUR 222 mhilliún san iomlán, agus tá coinne leis go sroichfidh sé ar a laghad 5 mhilliún tairbhí atá i

⁽²²⁾ Cuimsítear le cur chuige Fhoireann na hEorpa an tAontas Eorpach agus Ballstáit an Aontais – lena n- áirítear a ngníomhaireachtaí cur chun feidhme agus a mbainc forbartha phoiblí – mar aon leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF). Tá feidhm ag cur chuige Fhoireann na hEorpa maidir leis an leibhéal idirnáisiúnta agus le leibhéal na tíre araon agus is próiseas ionchuimsitheach é atá oscailte do Bhallstáit uile an Aontais, dá n- eagraíochtaí cur chun feidhme agus dá n- institiúidí maoinithe.

bhfíorgháitar. Mar aon leis sin, idir Mí Mheán Fómhair agus Mí na Nollag, seoladh 280 tona lastais – trealamh leighis, soláthairtí COVID- 19 agus earraí bia – chuig Cabúl le haerdhroichead daonnúil an Aontais. Ina theannta sin, dhírigh an Coimisiún a chuid iarrachtaí ar chliseadh iomlán na tíre a chosc mar aon le hiarmhairtí socheacnamaíocha laistigh agus lasmuigh de theorainneacha na hAfganastáine, agus aird faoi leith á tabhairt ar chearta na mban agus na gcailíní. Atreoraíodh tionscadail a bhí ar bun agus leithdháileadh EUR 250 milliún le haghaidh bunriachtanais agus tacaíocht do shlite maireachtála (dá gaireadh cabhair dhaonnúil+ ar dtús) arbh é ab aidhm dó seirbhísí fíor- riachtanacha íosta a choimeád (lena n-áirítear oideachas agus bunslite maireachtála a choinneáil ar bun). Maidir le forbairtí le déanaí i ndáil leis an rochtain chothrom ar an meánoideachas, fuair formhór na múinteoirí ar ar díriodh tacaíocht an Aontais tacaíocht airgid éigeandála le linn mhíonna an gheimhridh (i gcás nár íocadh tuarastail leo).

Tacaíocht eile in 2021

- **Soláthraíodh EUR 3 bhiliún i gcúnamh macrairgeadais éigeandála chun srian a chur le drochiarmhairtí eacnamaíocha phaindéim COVID- 19** i 10 dtír chomhpháirtíochta is iarrthóirí nó is iarrthóirí ionchasacha agus nó is tíortha comharsanacha.
- **Fuair 82 thír san iomlán tacaíocht le haghaidh comhar daonnúil ón Aontas.**
- Thairbhig **2.3 milliún duine óg** a mbaineann géarchéimeanna daonnúla dóibh den rochtain ar an oideachas.
- Tugadh **5.5 milliún dáileog vacsaínithe** do naíonáin dídeanaithe sa Tuirc faoin tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc.
- Sholáthair na Ballstáit **4.2 milliún dáileog de vacsaíní COVID- 19** ar fáil, agus tugadh 2.2 milliún trí COVAX sna Balcáin Thiar.
- **Cuireadh pacáiste de EUR 3.4 billiún** de chúnamh airgeadais i bhfeidhm chun paindéim COVID- 19 agus a dhrochiarmhairtí socheacnamaíocha sna Balcáin Thiar a chomhrac.
- Cuireadh **EUR 1 bhiliún** ar fáil chun vacsaíní a cheannach trí Shaoráid COVAX.
- Seachadadh **500 tona** de sholáthairtí leighis fíor- riachtanacha agus de lastas daonnúil chun tacú le roinnt de na pobail is díothaí ar domhan agus an t-aerdhroichead daonnúil á úsáid.
- Bhí 78 nglao ann chun **an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta** a úsáid chun freagairt do **dhóiteáin foraoise** sna Balcáin Thiar, don **chrith talún** agus don **hairicín** i Háítí agus do **phaindéim COVID- 19** i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

Ag tacú le luachanna an Aontais sa chomharsanacht agus lasmuigh de

Cuidíonn buiséad an Aontais le luachanna an Aontais a chur chun cinn ar an gcoigríoch, le tacú le geilleagair tíortha comhpháirtíochta agus le tíortha comharsanacha a chobhsú trí bhithin a n-athléimneacht a neartú i ndáil le dúshláin san am i láthair agus sa todhchaí. Is iad príomhchuspóirí bheartas gníomhaíochta seachtraí an Choimisiúin dá bhrí sin an smacht reachta, an daonlathas agus cearta an duine a neartú agus an dea- rialachas agus tosaíochtaí uileghabhálacha amhail na haistrithe dúbailte a chur chun cinn. Le leithdháileadh de EUR 80 billiún le haghaidh 2021- 2027, cuideoidh an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda leis an téarnamh socheacnamaíoch fadtéarmach inbhuanaithe a spreagadh mar aon le cruthú na bpost i gcomharsanacht an Aontais.

I gcás na Seoirsia, na Moldóive agus na hÚcráine, tá teagmhais 2021 agus 2022 – cogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine go háirithe – tar éis a n-uailmhianta chun dul isteach san Aontas a neartú a thuilleadh fiú. Tá a n-iarratais ar bhallaíocht curtha isteach acu cheana féin agus soláthróidh an Coimisiún a thuairimí go luath. Tá dul chun cinn déanta ag formhór na n-iarrthóirí aontachais eile, agus roinnt eisceachtaí ann. Tá sé fíorthábhachtach ó thaobh chreidiúnacht agus údarás geopholaitiúil an Aontais de go gcúiteofar dul chun cinn i gcás ina mbeidh sé tuillte, agus iad a aistriú ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile sna próisis a bhaineann lena gcásanna faoi seach. Lena buiséad clársceidealaithe le haghaidh 2021 de EUR 1.9 billiún, is éascaitheoir fíor- riachtanach é an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais III le haghaidh ghlacadh agus chur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlíthiúla, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha is gá in iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha amhail an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv ⁽²³⁾, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia agus an Tuirc.

Éachtaí i ngarchomharsanacht an Aontais faoi dheireadh 2021

- Tógadh 8 826 aonad tithíochta.
- Tógadh 75 stáisiún faireacháin uisce i gcomhréir le treoir réime an Aontais maidir le huisce.
- Bhí obair á déanamh ag 400 eagraíocht i ndáil leis an bhforéigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac.
- Tugadh 12 000 saoráid oideachais cothrom le dáta sa Tuirc.

Níos faide i gcéin, thacaigh **buiséad an Aontais le daoine leochaileacha trí chúnamh a sholáthar chun beatha daoine a shábháil i dtíortha a bhí cloite ag coinbhleacht, amhail an Afganastáin, an Aetóip agus Éimin.** Lean an tAontas dá thacaíocht le daoine leochaileacha laistigh den tSiria, mar aon le dídeanaithe Siriacha sa Tuirc agus i dtíortha eile sa réigiún. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsraith de dhúshláin atá roimh na hiarrachtaí daonnúla, dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh, ghlac an Coimisiún dearcadh straitéiseach athnuaite i mí an Mhárta 2021 chun tionchar daonnúil an Aontais ar fud an domhain a neartú agus leanúint de cheannaireacht a sholáthar. Fágfaidh na tionscnaimh sin go mbeifear in ann úsáid níos éifeachtúla a bhaint acmhainní; a áirithiú go ndéanfar cabhair dhaonnúil a sheachadadh níos tapúla trí thacú le comhpháirtithe daonnúla – agus mar chuid de sin, acmhainneacht freagartha daonnúla Eorpach a bhunú trí úsáid a bhaint as cur chuige de chineál Fhoireann na hEorpa; an líon deontóirí san Eoraip agus lasmuigh di a mhéadú; agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna géarchéimeanna trí chabhair dhaonnúil a sheachadadh i ndlúthchomhar le heagraíochtaí forbartha agus tógála síochána.

Tiomnaíonn an tAontas thart ar 10 % dá bhuiséad don ghníomhaíocht sheachtrach, agus cistiú á sholáthar do thíortha comhpháirtíochta i bhfoirm deontas, soláthar poiblí, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus tacaíocht buiséadach. Oibríonn an Coimisiún go dlúth le heagraíochtaí idirnáisiúnta, comhlachtaí príobháideacha agus na Ballstáit chun tionchar thacaíocht an Aontais a mhéadú. Áirítear an méid seo a leanas i measc na samplaí.

- I réimse ríthábhachtach an athraithe aeráide, thug an tAontas tacaíocht theicniúil do 60 tír chomhpháirtíochta in 2021, chun a ranníocaíochtaí a chinntear go náisiúnta a uasghrádú agus a chur chun feidhme agus aird faoi leith á tabhairt ar earnáil an fhuinnimh inbhuanaithe.

⁽²³⁾ Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

- Tosaíodh ar thionscnamh NaturAfrica a chur chun feidhme in 2021 i sé thórdhreach réigiúnacha agus i roinnt tíortha (Beinin, an Bhurúin, Camarún, an Congó, Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus Tóga). Is é is aidhm do NaturAfrica feabhas a chur ar shlí bheatha 65 mhiliún duine, ag ceapadh suas le 21 bhiliún tona de charbón, ag cobhsú 3 mhiliún km² de thalamh agus ag áirithiú na slándála uisce. Gheall an Coimisiún EUR 1 bhiliún freisin, méid nach bhfacthas a leithéid riamh, chun foraoisí a chosaint, a athchóiriú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe le haghaidh 2021- 2024.
- Maidir le seirbhísí faireacháin agus measúnúcháin ilscála ar thuilte le haghaidh na hAfraice Thiar, is tionscadal é a urraítear tríd an gcomhar idir Coimisiún an Aontais Afracaigh agus an Coimisiún Eorpach. Tá seacht gcomhpháirtí cur chun feidhme ag an tionscadal atá scaipthe thar chúig thír san Afraic: Beinin, Buircíne Fasó, an Cósta Eabhair, Gána agus an Nigéir.
- Is clár seanbhunaithe de chuid an Aontais é Saoráid an Aontais um Chúnamh Teicniúil lena dtugtar cúnaimh do thíortha comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar chreataí rialála, inniúlachtaí institiúideacha a fheabhsú agus infheistíocht san fhuinneamh inbhuanaithe a ghríosú.
- Tá múineadh agus foghlaim inscne- fhreagrúil sa tionscadal luathbhlianta, arna chomhchistiú ag an Aontas, tar éis naíscoileanna a athrú ó bhonn i 15 limistéar sléibhe i lár Vítneam chun bheith ina dtimpeallachtaí foghlama inscne- fhreagrúla súgradhbhunaithe, lena dtugtar tuismitheoirí isteach sa phróiseas oiread agus is féidir.

I mí Aibreáin 2021, thug an tAontas agus na comhaltaí d'Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS) an idirbheartaíocht i gcrích i ndáil leis an dréacht- chomhaontú lena ndéantar a gcomhpháirtíocht láidir a athnuachan, comhaontú ar a dtugtar comhaontú iar- Cotonou. Sular féidir an comhaontú a chur i bhfeidhm agus teacht i bhfeidhm, beidh ar na comhpháirtithe faoi seach a nósanna imeachta inmheánacha a chomhlíonadh maidir le formheas.

Choinnigh an tAontas an móiminteam ar bun lena rannpháirtíocht leanúnach lena chomhpháirtithe Afracacha agus le réimse éagsúil páirtithe leasmhara ar fud an dá ilchríoch chun tuilleadh plé a dhéanamh ar na tosaíochtaí fadtéarmacha atá ag croílár Comhpháirtíochta athnuaithe idir an Afraic agus an tAontas. Roimh an séú Cruinniú Mullaigh den Aontas agus den Afraic, a tharla an 17- 18 Feabhra 2022, chruinnigh airí gnóthaí eachtracha in Kigali i mí Dheireadh Fómhair 2021 chun na comhthosaíochtaí, na comhdheiseanna agus na comhdhúshláin ba thábhachtaí le haghaidh an chláir oibre a phlé.

Leis an Tairseach Dhomhanda ⁽²⁴⁾, a seoladh in 2021, leagtar amach straitéis nua chun borradh a chur faoi naisc chliste ghilana shlána sna hearnálacha digiteacha, fuinnimh agus iompair, agus chun an nascacht sláinte agus duine le duine a neartú tríd an oideachas agus taighde ar fud an domhain. Rannchuidíonn sé leis an mbearna infheistíochta domhanda sa bhonneagar a chúngú ar fud an domhain, i gcomhréir leis an ngealltanas a rinne ceannairí G7 i mí an Mheithimh 2021 chun comhpháirtíocht bhonneagair ardchaighdeáin thrédhearcach a bheidh bunaithe ar luachanna a sheoladh chun riachtanais dhomhanda san fhorbairt bhonneagair a chomhlíonadh. Mar chuid de chur chuige de chineál Fhoireann na hEorpa, bainfidh an tAontas, na Ballstáit dá chuid agus a Institiúidí Airgeadais na hEorpa suas le EUR 300 billiún d'infheistíochtaí a ghríosadh faoi 2027. Leis an gcur chuige sin, cuirtear an inbhuanaitheacht ag croílár ghníomhaíochta an Aontais trí cheangal a chur ar thíortha comhpháirtíochta cloí leis an smacht reachta, agus tá fócas láidir ina chuid den chur chuige ar a bheith ag tacú leis an saineolas agus timpeallacht chumasúcháin a chruthú chun infheistíocht a mhealladh agus ar rioscaí go mbeidh tíortha comhpháirtíochta anásta de bharr fiachais a theorannú.

Mar chuid den athléimneacht a neartú, cuimsítear a bheith ag dul i ngleic le dúshláin imirce

Mar aon le COVID- 19, toisc mhór dhíchobhsaíoch eile le haghaidh tíortha comhpháirtíochta agus tíortha comharsanacha ab ea gluaiseachtaí imirce a bhí ag taisteal chuig Ballstáit an Aontais. Baineann dúshláin shuntasacha leo sin de bharr líon na ndaoine atá ag teacht agus íogaireachtaí polaitiúla, rud lena bhfághtar gur mó an gá leis an athléimneacht a neartú.

In 2021, bhain réimeas Lukashenko mí- úsáid as stádas íogair na n-imirceach ó thíortha sa Mheánoirthear chun iad a úsáid mar uirlis in ionsaí hibrídeach, ar an Laitvia, ar an Liotuáin agus ar an bPolainn go háirithe. Tháinig an sruth imirce sin ar mhullach na sruthanna sin a bhí ann cheana féin sa Mheánmhuir agus tríd an Tuirc. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thograí na Laitvia, na Polainne agus na Liotuáine le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le bainistiú teorainneacha, chuir sé EUR 185 milliún ar fáil chun feabhas a chur ar rialú faireachais na dteorainneacha. Gníomhaigh an Coimisiún go pras le roinnt beart, lena n-áirítear cabhair éigeandála de EUR 36.7 milliún le haghaidh na Liotuáine i Lúnasa, mar aon le EUR 14.9 milliún eile i mí na Nollag le haghaidh trealamh feabhsaithe faireachais teorann, agus EUR 2.3 milliún le haghaidh na Laitvia.

Cúnamh breise

- Imlonnú oifigeach sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa Pholainn ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.
- Tacaíocht le haghaidh na Laitvia, na Liotuáine agus na Polainne ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta maidir le fillleadh deonach náisiúnach nach de chuid an Aontais iad.
- Imlonnú oifigeach sa Liotuáin agus sa Pholainn ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí.
- Imlonnú saineolaithe agus ateangairí sa Laitvia agus sa Liotuáin ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann.

⁽²⁴⁾ JOIN(2021) 30 final, 1.12.2021

Sa bhreis ar an EUR 360 milliún a shamhlaítear le haghaidh na Laitvia, na Liotuáine agus na Polainne faoin Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáil le haghaidh na tréimhse airgeadais 2020- 2027, tá méid breisiúcháin eile de thart ar EUR 200 milliún curtha ar fáil ag an gCoimisiún le haghaidh 2021 agus 2022.

Soláthraíodh tacaíocht airgeadais shuntasach do thíortha ar na bealaí imirce le buiséad an Aontais. Chuir an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh EUR 3 bhiliún sa bhreis le haghaidh na Saoráide do Dhídeanaithe, arna cistiú ó bhuiséad an Aontais amháin, chun leanúint de bheith ag tacú le dídeanaithe agus le pobail óstacha, agus gealltanas de EUR 1 bhiliún in aghaidh na bliana ó 2021, tríd an Ionstraim um Chúnadh Réamhaontachais. Mar gheall ar ghéarchéim na ndídeanaithe a bheith ina géarchéim fhadtréimhseach, leantar den chúnadh a aistriú ón gcomhar daonnúil go dtí an comhar forbartha, aistriú atá tosaithe cheana féin laistigh de chreat an dara tráinse den tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc, rud lena mbaineann an cuspóir dúbailte leanúnachas na tacaíochta a áirithiú le linn an aistrithe go dtí struchtúir náisiúnta. Lean an Coimisiún de bheith ag tacú le dídeanaithe tríd an tsaoráid sin, ar saoráid í ag a bhfuil buiséad oibriúcháin de EUR 6 bhiliún. Go dtí seo, eisíodhadh EUR 4.5 billiún, agus leithdháileadh EUR 3 bhiliún sa bhreis le haghaidh na tréimhse 2021 go 2023. In 2021, fuair breis agus 1.5 milliún dídeanaí cúnadh faoi chomhpháirt dhaonnúil na saoráide. Sa chomharsanacht theas, d'éirigh le Ciste Réigiúnach Iontaobhais an Aontais Eorpaigh mar Fhreagairt ar Ghéarchéim na Siria 8.4 duine a shroicheadh, agus le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Afraice cuireadh feabhas ar an rochtain ar sheirbhísí poiblí fíor- riachtanacha do bhreis agus 4 mhiliún duine.

Déantar iarracht le beartais an Aontais le haghaidh an tionscail chosanta an t-iomaíochas, an nuálaíocht agus an tslándáil a áirithiú le haghaidh shaoránaigh uile an Aontais

Ní mór beartas cosanta- tionsclaíoch téagartha a bheith mar bhonn taca faoi chomhbheartas cosanta agus é bunaithe ar an gcomhar agus a lena ndírítear ar chumais straitéiseacha a lena gcomhlíontar riachtanais na mBallstát, agus ar theicneolaíochtaí bunathraitheacha atá ag teacht chun cinn agus atá ríthábhachtach le haghaidh na slándála agus na cosanta. I bhfianaise go bhfuil an taighde agus an fhorbairt ag titim chun deiridh, agus costas na gcóras cosanta ag ardú, tá an comhar i dtionscal cosanta an Aontais fíor- riachtanach.

Is clár uaimhianach cothrom ionchuimsitheach é an Ciste Eorpach Cosanta lena n-áirítear leibhéal ard rannpháirtíochta ag na Ballstáit sa taighde cosanta comhoibríoch agus i dtionscadail forbartha lena gcomhlíontar riachtanais oibriúcháin na bhfórsaí armtha.

Cothaítear an comhar agus buiséad an Aontais á úsáid chun tacú leis na tionscadail sin, rannchuidítear le hilroinnt an mhargaidh a laghdú agus cuirtear feabhas ar an idir- inoibrítheacht agus feabhsaítear iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa. Seoladh an ciste in 2021 le glacadh an chéad chláir oibre bhliantúil, agus tá buiséad ag an gciste le haghaidh na tréimhse 2021- 2027 de EUR 7.9 billiún, lena n-áirítear EUR 2.6 billiún le haghaidh taighde agus EUR 5.3 billiún le haghaidh forbairt arna brú chun cinn le cumas.

Mionsonraí ar an gCiste Eorpach Cosanta

- Foilsíodh 23 ghlaó ar thograí in 2021 le haghaidh méid iomlán de **EUR 1.2 billiún de chistiú Aontais mar thacaíocht do thionscadail chomhoibríocha taighde agus forbartha cosanta.**

- Leithdháileadh thart ar **EUR 700 milliún ar thionscadail lena dtugtar aghaidh ar ardáin agus ar chórais mhóra chasta cosanta** amhail córais trodaíochta den chéad ghlúin eile, cabhlaigh feithiclí talaimh, soithigh patróil eischósta ilróil agus mhodúlacha agus cosaint diúracán balaistíoch.
- Tá suas le **8 %** de bhuiséad 2021 tiomanta chun **teicneolaíochtaí bunathraitheacha** le haghaidh na cosanta a chistiú, agus thart ar **6 %** do ghlaonna oscailte le haghaidh **fiontair bheaga agus mheánmhéide**.
- Is iad fiontair bheaga agus mheánmhéide atá i gceist le thart ar 50 % de na 1 100 eintitis a chuir tograí isteach.

In 2021, dámhadh breis agus EUR 291.2 milliún ó réamhchlár an Chiste Eorpaigh Chosanta, an clár Eorpach forbartha tionscal i réimse na cosanta ar 28 dtionscadal nua.

Chuir ionsaí na Rúise, gan údar gan chúis, in aghaidh na hÚcráine le déanaí an gá i dtábhacht a thuilleadh le fíorbheartas cosanta san Aontas. Le blianta beaga anuas, bhí an tAontas tar éis a iarrachtaí a ghéarú cheana féin i réimsí ríthábhachtacha na cosanta – lena n-áirítear an tionscal cosanta – agus an spás, chun borradh a chur faoin na cumais agus faoin athléimneacht dá chuid agus ullmhú níos fearr dá bhrí sin le haghaidh géarchéimeanna amach anseo.


Gníomhaíocht chomhbheartaithe chun tacú leis an Úcráin agus leis na Ballstáit atá ar líne thosaigh na dteorainneacha



Tá ceannas ar chúrsaí sna chéad mhíonna de 2022 ag cogadh ionsaithe na Rúise, gan údar gan chúis, in aghaidh na hÚcráine. Tá freagairt láidir aontaithe tugtha ag an Aontas, lena gcuimsítear smachtbhannaí láidre cuimsitheacha airgeadais agus eacnamaíocha chun bonn eacnamaíoch na Rúise a laghdú agus go leor beart chun tacú leis an Úcráin agus le muintir na hÚcráine.

Tá ról ríthábhachtach ag buiséad an Aontais sa fhreagairt sin. Tá tacaíocht chomhchineáil fíor-riachtanach, amhail soláthairtí agus trealamh leighis, á seoladh chuig an Úcráin tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shíbhialta. Tá pacáiste éigeandála de EUR 550 milliún curtha in úsáid ag an gCoimisiún chun cúnamh daonnúil agus éigeandála a sholáthar chun rochtain ar an oideachas, ar chúram sláinte agus ar bhia a dhainníú. Cuideoidh cúnamh macrairgeadais leis an Úcráin aghaidh a thabhairt ar a cuid riachtanas airgeadais agus a an chobhsaíocht eacnamaíoch a neartú. Bhí an Coimisiún ar thús cadhnaíochta na dteagmhas gealltanais domhanda chun tacú le daoine agus le dídeanaithe a easáitíodh go himheánach. Mar aon leis sin tá tacaíocht soláthartha ag an Aontas don Úcráin nach bhfacthas a leithéid riamh, tríd an tSaoráid Eorpach Síochána chun cumais agus athléimneacht Fhórsaí Armtha na hÚcráine a threisiú agus chun an daonra síbhialta a chosaint. Leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine, tá bunchlocha agus prionsabail le haghaidh fóirithint ghearrthéarmach agus atógáil na hÚcráine molta ag an gCoimisiún. Is léir go mbeidh tacaíocht riachtanach lena n-aghaidh sin is mó ná an tacaíocht a sholáthraítear leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair.

Tá buiséad an Aontais ag cuidiú leis na Ballstáit atá thúsáilte na dteorainneacha freisin chun go mbeidh siad in ann ag tionchar daonnúil shruth na milliún duine atá ag teitheadh ón gcogadh agus ag teacht isteach san Aontas. Gníomhachtaíodh an treoir maidir le cosaint shealadach den chéad uair chun cúnamh tapa éifeachtach a thairiscint do dhaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Baineadh úsáid as cistí gnóthaí baile agus an bheartais chomhtháthaithe chun é a chur ar chumas na mBallstát cistiú a bhí ar fáil a úsáid chun déileáil go práinneach le sruth na ndídeanaithe a bhí ag teacht isteach. Le tionscnamh na gníomhaíochta de chuid an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh dídeanaithe san Eoraip, cruthaíodh an tsolúbthacht ba ghá do na Ballstáit chun cistiú ón mbeartas comhtháthaithe agus ó REACT- EU a bhí fágtha a threorú chun tacaíocht éigeandála a sholáthar go tapa. Mar shampla, trí Chiste Sóisialta na hEorpa, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht ilghnéitheach a thabhairt do dhídeanaithe, *inter alia* chun poist a lorg, tosú ar an oideachas nó leanúint den oideachas agus rochtain a fháil ar chúram leanaí.









Iarscríbhinn 2 – Rialú inmheánach agus bainistíocht airgeadais

1. Uirlisí láidre chun buiséad an Aontais a bhainistiú agus a chosaint i dtimpeallacht chasta

Tá sé de dhuilgias ar an gCoimisiún an úsáid is fearr is féidir a bhaint as airgead na gcáiníocóirí chun tacú le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Tá sé fíor-riachtanach a áirithiú dá bhrí sin go sroichfidh an cistiú na tairbhíthe atá beartaithe ar bhealach éifeachtach éifeachtúil tíosach, agus ardleibhéal comhlíontachta leis na rialacha is infheidhme i gceist leis sin. Déanann an Coimisiún a dhícheall na caighdeáin bainistíochta airgeadais is airde a bhaint amach, agus an chothromaíocht cheart á cur i bhfeidhm idir leibhéal earráide íseal, íocaíochtaí tapa agus costais réasúnacha ar rialuithe.

1.1. Buiséad an Aontais Eorpach: éagsúlacht leathan réimsí, faighteoirí agus caiteachais a bhainistítear i dtimpeallacht chasta

In 2021, ba é EUR 172 bhilliún ⁽²⁵⁾ an caiteachas a bhí á bhainistiú ag an gCoimisiún (féach an chairt thíos). Cuimsítear leis sin an sciar de bhuiséad an Aontais a bhíonn á bhainistiú ag an gCoimisiún, mar aon leis an gCiste Eorpach Forbraíochta ⁽²⁶⁾ agus cistí iontaobhais an Aontais. Freagraíonn an caiteachas sin do bhreis agus 200 000 íocaíocht, idir cúpla céad euro (le haghaidh dheontais soghluaisteachta Erasmus+) agus na céadta milliúin euro (le haghaidh tionscadail mhóra amháin an tImoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta nó Galileo agus Copernicus, mar aon le tacaíocht bhuiséadach le haghaidh tíortha i mbéal forbartha) ⁽²⁷⁾. Tá an-chuid faighteoirí i gceist le cistí an Aontais agus tá siad an-éagsúil.

An margadh aonair, an nuálaíocht agus cúrsaí digiteacha	An comhtháthú, an athléimneacht agus luachanna	Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol	An imirce agus bainistiú na dteorainneacha	An tslándáil agus an chosaint	An chomharsanacht agus an domhan mór	Riarachán poiblí Eorpach EUR 7 mbilliún (4 %)
EUR 17.3 billiún (10 %)	EUR 75.8 billiún (44 %)	EUR 56.5 billiún (33 %)	EUR 2.5 billiún (1 %)	EUR 0.01 billiún (0 %)	EUR 12.7 billiún (7 %)	
						

⁽²⁵⁾ Ní áirítear leis sin na híocaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, a chumhdaítear in Iarscríbhinn III.

⁽²⁶⁾ Ba cheart a thabhairt ar aird gur tugadh an Ciste Eorpach Forbraíochta isteach faoi scáth bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil 2021- 2027.

⁽²⁷⁾ Freagraíonn méid chaiteachas ábhartha an Choimisiúin do na híocaíochtaí a rinneadh in 2021 lúide an réamh-mhaoiniú arna íoc amach in 2021, móide an réamh-mhaoiniú arna íoc amach sna blianta roimhe sin agus a glanadh in 2021 (chun sainmhíneithe agus tuilleadh mionsonraí a fháil, féach Iarscríbhinn 5).



Caiteachas ábhartha ó bhuiséad an Aontais arna chur chun feidhme ag an gCoimisiún in 2021, de réir réimse beartais, in % agus billiún EUR.

Foinse: Tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin Eorpaigh maidir le gníomhaíochtaí.

Cosúil le blianta roimhe seo, cuirtear thart ar thrí cheathrú den bhuiséad ⁽²⁸⁾ (e.g. caiteachas ar an mbeartas comhtháthaithe agus ar acmhainní nádúrtha) chun feidhme faoi bhainistíocht chomhpháirteach. Ciallaíonn sé sin maidir leis na Ballstáit, nó le comhlachtaí arna n-ainmniú acu, go roghnaíonn siad tionscadail, go ndáileann siad cistí agus go mbainistíonn siad caiteachas i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus go gcomhroinneann siad an fhreagracht sin leis an gCoimisiún. Caitheann an Coimisiún an chuid eile den bhuiséad go díreach nó go hindíreach i gcomhar le heintitis iontaoibhe. Tugtar tuairisc sa tábla thíos ar na trí mhodh bainistíochta.

Modh bainistíochta	Tuairisc	% de chaiteachas 2021	Samplaí de chláir/de chaiteachas	Gníomhaithe eile atá rannpháirteach, i gcomhar leis an gCoimisiún
Bainistíocht dhíreach	Cuireann an Coimisiún na cistí chun feidhme	19 %	Fís 2020; An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa; caiteachas riaracháin	n/bh (téann an cistiú go dtí na tairbhíthe go díreach)
Bainistíocht indíreach	Cuirtear na cistí chun feidhme i gcomhar le heintitis sheachtracha	7 %	Erasmus+; cuid de chabhair forbartha agus dhaonnúil; cúnamh réamhaontachais	Gníomhaireachtaí, comhghnóthais, na Náisiúin Aontaithe, an Banc Domhanda, an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, tíortha nach Ballstáit den Aontas iad
Bainistíocht	Cuirtear cistí chun	74 %	Cistí	Gníomhaireachtaí

⁽²⁸⁾ Gan an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áireamh.

chomhpháirteach h	feidhme i gcomhar le údaráis náisiúnta agus/nó réigiúnacha na mBallstát, ag a bhfuil an chéad leibhéal d'fhreagracht		talmhaíochta; An Ciste Muirí agus lascaigh; Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa; An Ciste Comhtháthaithe; Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg; Cistí Imirce, Bainistithe Teorainneacha agus Slándála	íocaíochtaí le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta: 76. Údaráis bainistíochta le haghaidh cistí an bheartais chomhtháthaithe: 492, sna Ballstáit uile
--------------------------	--	--	--	---

Caiteachais 2021 de réir an mhodha bainistíochta.

Foinse: 'Dréachtchuntais bhliantúla an Choimisiúin Eorpaigh, 2021 – Ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais'.

Ba í 2021 an chéad bhliain den chreat airgeadais nua 7 mbliana. Sa chleachtas, ní thosóidh na híocaíochtaí ábhartha ar leibhéal shuntasacha a shroicheadh ach sna blianta atá amach romhainn. In 2021, lean tionchar na paindéime de dhífeall suntasach a dhéanamh do chur chun feidhme an phlean agus don bhealach a n-oibríonn muidne agus ár gcomhpháirtithe.

1.2. Córas rialachais láidir mar bhonn taca faoi fhreagracht an Choláiste

Tá an córas rialachais agus an slabhra cuntasachta atá in úsáid ag an gCoimisiún Eorpach saincheaptha dá struchtúr agus ról uathúil. Neartaíodh socruithe rialachais an Choimisiúin le himeacht ama agus oiriúnaíodh iad de réir athruithe a tháinig ar imthosca, mar a léirítear sa teachtaireacht is déanaí, a eisíodh i mí an Mí an Mheithimh 2020 ⁽²⁹⁾.

Mar oifigeach údarúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, **tá freagracht pholaitiúil ar Choláiste na gCoimisinéirí as buiséad an Aontais a bhainistiú**, rud lena gcuimsítear an chuntasacht as obair ranna an Choimisiúin. Eascraíonn slabhra daingean na forbartha dearbhúcháin agus na cuntasachta as príomh- bhunchlocha rialachas buiséad an Aontais – slabhra a bhfuil roinnt shoiléir na bhfreagrachtaí idir leibhéil na polaitíochta agus na bainistíochta mar bhonn taca faoi, mar aon le gealltanais láidir do bhainistíocht na feidhmíochta agus don chomhlíontacht leis an gcreat dlíthiúil, an trédhearcacht agus caighdeán arda ó thaobh na hiompraíochta eiticíúla de, agus tuairisciú dea- shainithe.

Faoi mhodh uathúil an Choimisiúin i ndáil leis an gcinnteoireacht dhílártaite i gcur chun feidhme an bhuiséid, tarmligeann Coláiste na gCoimisinéirí an bhainistíocht oibriúcháin laethúil do na **51 oifigeach údarúcháin trí tharmligean** ⁽³⁰⁾ ar oifigigh iad a bhainistíonn agus a stiúirann na ranna dá gcuid a gcuspóirí a chomhlíonadh mar a shainítear ina bpleananna straitéiseacha, agus na

⁽²⁹⁾ Teachtaireacht chuig an gCoimisiún – Rialachas sa Choimisiún Eorpach ([C\(2020\) 4240](#)).

⁽³⁰⁾ Cumhdaítear leis an téarma 'oifigigh údarúcháin trí tharmligean' ardstiúrthóirí ranna an Choimisiúin, ceannairí gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, oifigí, seirbhísí, tascfhórsaí, etc. Foráiltear le hAirteagal 74(1) den rialachán airgeadais: 'Beidh an t-oifigeach údarúcháin san institiúid den Aontas lena mbaineann freagrach as ioncam agus caiteachas a chur chun feidhme i gcomhréir le príonsabal na bainistíochta fóna airgeadais, lena n-áirítear trí thuairisciú ar fheidhmíocht a áirithiú, agus as a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le dlíthiúlacht agus le rialacht agus le cóir chomhionann i ndáil le faighteoirí.'

hacmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh. **Tá na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean cuntasach** as an sciar de bhuiséad an Aontais a chuirtear chun feidhme ina roinn.


Ina dtuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí, tuairiscíonn na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean ar bhealach trédhearcach ar an bhfeidhmíocht agus ar na torthaí a baineadh amach, ar fheidmiú a gcóras rialaithe inmheánaigh agus ar bhainistíocht airgeadais a sciar de bhuiséad an Aontais – agus an dearbhú arna thabhairt ag na Ballstáit faoi bhainistíocht chomhpháirteach á chur san áireamh. Tá dearbhú dhearbhu an ard- stiúrthóra i ngach tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí. Féadfar an dearbhú deiridh sin a cháiliú le forchoimeádas má shainníonn oifigigh údarúcháin trí tharmligean aon laige ag a bhfuil tionchar suntasach. I gcomhthráth leis sin, cuireann siad pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun rioscaí amach anseo a mhaolú agus chun a gcórais rialaithe a neartú.

Leis an **tuarascáil bhliantúil bhainistíochta agus feidhmíochta** cuirtear sintéis na dtorthaí bliantúla le haghaidh bhuiséad an Aontais ar leibhéal an Choimisiúin i láthair, bunaithe ar an dearbhú agus ar na forchoimeádais a chuimsítear sna tuarascálacha bliantúla uile maidir le gníomhaíochtaí. Tá an tuarascáil sin ina cuid de phacáiste tuairiscithe comhtháthaithe airgeadais agus cuntasachta an Choimisiúin ⁽³¹⁾, ar pacáiste é a **a ghlacann Coláiste na gCoimisinéirí.**

Leis an nós imeachta um urscaoileadh buiséadach bliantúil dá éis sin, ceadaítear do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh an fhreagracht pholaitiúil a chur ar an gCoimisiún as cur chun feidhme bhuiséad an Aontais. Le cinneadh Parlaimint na hEorpa, cuirtear san áireamh tuairisciú comhtháthaithe airgeadais agus cuntasachta an Choimisiúin; tuarascálacha bliantúla agus speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, mar aon lena ráiteas dearbhaithe ar iontaofacht na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialacht na n-idirbheart foluiteach; éisteachtaí na gCoimisinéirí agus na n-ard- stiúrthóirí; agus moladh ón gComhairle.

⁽³¹⁾ Mar a cheanglaítear le hAirteagal 247 den rialachán airgeadais, áirítear leis an bpacáiste tuairiscithe comhtháthaithe airgeadais agus cuntasachta cuntais bhliantúla chomhdhlúthaithe an Aontais Eorpaigh freisin, mar aon leis an tuarascáil maidir leis na bearta leantacha a ghabhann leis an urscaoileadh buiséadach le haghaidh na bliana airgeadais roimhe sin, an tuarascáil bhliantúil don údarás urscaoilte maidir le hiniúchtaí inmheánacha arna ndéanamh agus an réamhaisnéis fhadtéarmach i ndáil le hinsreabha agus le heis- sreabha bhuiséad an Aontais amach anseo.

Forbairt dearbhúcháin agus cuntasachta an Choimisiúin le haghaidh bhuiséad an Aontais: ról agus



(*) **Integrated financial and accountability reporting:** — Consolidated annual accounts of the European Union

- Annual management and performance report
- Long-term forecast of future inflows and outflows
- Annual internal audit report
- Report on the follow-up to the discharge

Cuidíonn na socruithe láidre rialtais sin le Coláiste na gCoimisinéirí cuspóirí an Choimisiúin a chomhlíonadh, acmhainní a úsáid go héifeachtúil éifeachtach agus a áirithiú go gcuirtear buiséad an Aontais chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na buiséad na bainistíochta fóna airgeadais. Cuirtear forbheathnú i láthair sa chairt thuas.

1.3. Creat láidir rialaithe inmheánaigh a fhorbraítear in éineacht lena thimpeallacht

Tá creat láidir rialaithe inmheánaigh corparáidigh bunaithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde i bhfeidhm ag an gCoimisiún ⁽³²⁾.

1.3.1. Bhí ról lárnach ag an gcreat rialaithe inmheánaigh i bliana arís chun a áirithiú go mbainfí cuspóirí an Choimisiúin amach i dtimpeallacht a bhí ag athrú go tapa

I gcomhthéacs **phaindéim COVID- 19**, bhí creat rialaithe inmheánach an Choimisiúin ina choimirce fhíor- riachtanach le haghaidh oibríochtaí an Choimisiúin. Lean an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar thionchar na géarchéime leanúnaí ar a chuid oibríochtaí, lena n-áirítear forbairt dearbhúcháin. Anuas ar an taithí a fuarthas in 2020, lean an Coimisiún de na bearta maolaithe a chur chun feidhme ar ghá iad chun aon tionchar diúltach chur chun feidhme bhuiséad an Aontais a chosc nó a theorannú. In 2022, beidh an Coimisiún ar an airdeall go fóill chun bheith in ann ag aon bhorradh nua a thagann faoin bpaindéim.

Tugadh aird ar leith na córais rialaithe inmheánaigh a oiriúnú de réir riachtanais oibríochtaí **NextGenerationEU**. I Mí na Nollag 2021, mhéadaigh an Coimisiún an fócas straitéiseach ar an bhfeidhm maidir le riosca trí **bheartas ardleibhéil riosca agus comhlíontachta NextGenerationEU** a bhunú i gcomhréir le creat ginearálta rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin, mar a sainíodh in 2017 ⁽³³⁾. Soláthraítear leis creat iomchuí bainistíochta riosca agus comhlíontachta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun cuibheas, iontaofacht agus trédhearcacht oibríochtaí NextGenerationEU a áirithiú, ar oibríochtaí iad amhail iasachtaíocht, bainistíocht fiachais agus oibríochtaí trína dtugtar iasachtaí. Forlíonann an beartas riosca ardleibhéil agus comhlíontachta sin creat rialachais NextGenerationEU ⁽³⁴⁾, lena dtugtar breac- chuntas ar na príomhróil agus ar na príomhfhreagrachtaí a bhaineann le creat bainistíochta riosca agus comhlíontachta oibríochtaí NextGenerationEU. Maidir le cúrsaí caiteachais, tá **straitéisí sonracha iniúchta agus rialaithe** curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún i bhfianaise a fhreagrachta nua as cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (féach Iarscríbhinn 3).

⁽³²⁾ Arna bhunú ag Coiste Eagraíochtaí Urraíochta Choimisiúin Treadway.

⁽³³⁾ Teachtaireacht chuig an gCoimisiún ó Choimisinéir Oettinger – Athbhreithniú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ([C\(2017\) 2373](#)).

⁽³⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena mbunaítear na socruithe is gá chun na hoibríochtaí iasachtaíochta a riar faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle agus le haghaidh na n- oibríochtaí trína dtugtar iasachtaí a bhaineann le hiasachtaí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([C\(2021\) 2502](#)).

Chun rannchuidiú le héifeachtacht rialú inmheánach chur chun feidhme bhuiséad an Aontais, tá **treoraíocht maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú** glactha agus foilsithe ag an gCoimisiún faoin rialachán airgeadais ⁽³⁵⁾, rud lena gcumhdaítear gach modh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais (bainistíocht dhíreach, indéach agus chomhpháirteach). Tá an treoraíocht ann mar chuid d'iarrachtaí an Choimisiúin bearta a neartú a thuilleadh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Is é is aidhm leis an treoraíocht feasacht a ardú agus léirmhíniú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha a chur chun cinn i ndáil le coinbhleachtaí leasa a sheachaint i measc fhoireann institiúidí an Aontais agus údaráis na mBallstát, mar aon le haon duine atá páirteach i gcur chun feidhme chistí an Aontais. Tar éis fhoilsiú na treoraíochta, bhí an Coimisiún ag soláthar gníomhaíochtaí spriocdhírthe i ndáil le hardú feasachta mar aon le hábhair a chur i láthair údaráis na mBallstát agus do shainlíonraí gaolmhara, agus a líonraí inmheánacha speisialaithe. Leanfar de ghníomhaíochtaí agus de chur i láthair spriocdhírthe den sórt sin le linn 2022 agus dá éis sin.


1.3.2. Tá ranna an Choimisiúin tar éis measúnú ar dhéanamh ar a gcórais rialaithe inmheánaigh mar chórais atá éifeachtach fós in ainneoin phaindéim COVID- 19

I gcás 2021, táthar ag seasamh leis na prionsabail rialaithe inmheánaigh agus tá siad ag feidhmiú go maith. Deimhnítear leis an measúnú a rinneadh go bhfuil iarrachtaí leanúnacha déanta ag ranna an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh (mion- easnaimh go bunúsach) a sainiú in 2020. Bhí tionchar dearfach ag na hiarrachtaí sin ar na measúnuithe riosca go príomha, ar ar thug an Coimisiún aird ghéar, go háirithe i gcomhthéacs ghéarchéim COVID agus na ndúshlán sonracha beartais a bhí ann le blianta beaga anuas.

Admhaíonn an Coimisiún gur féidir mionfheabhsuithe, agus i mbeagán cásanna, feabhsuithe móra, a dhéanamh fós i gcás roinnt prionsabal rialaithe inmheánaigh. Baineann sé sin le gníomhaíochtaí rialaithe go príomha, i gcás ina mbíonn an measúnú nasctha le torthaí rialaithe den chuid is mó (i.e. rátaí earráide iarmharaí os cionn 2 %) nó le torthaí iniúchta (e.g. moilleanna ar thabhairt i gcrích measúnuithe colúin i mbainistíocht indéach – féach freisin torthaí rialaithe le haghaidh

⁽³⁵⁾ Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú faoin rialachán airgeadais ([2021/C 121/01](#)).

cheanteideal 6).



Measúnú ar fheidhmíú na 17 bprionsabal rialaithe inmheánaigh: líon ranna an Choimisiúin a thuairiscigh gur seasadh le prionsabail rialaithe inmheánaigh agus go raibh siad ag feidhmíú i gceart in 2020 agus in 2021.

Foinse: Tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin Eorpaigh maidir le gníomhaíochtaí.


Tá bearta á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a sainaitníodh. Thairis sin, cuireadh tionscnaimh um ardú feasachta i bhfeidhm arís in 2021, amhail ‘an tseachtain feasachta’ a d’eagraigh na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i gcomhpháirt le chéile. I dteannta le malartú tráthrialta na ndea- chleachtas rialaithe inmheánaigh, rannchuidíonn sé sin le cultúr láidir rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun ar fud na hinstiúide.

1.4. Áirithítear le straitéisí rialaithe ilbhliantúla go gcaitear airgead na gcáiníocóirí go maith

1.4.1. Straitéisí rialaithe ilbhliantúla atá iontu agus na straitéisí arna ndifreáil de réir riosca

Laistigh dá gcórais rialaithe inmheánaigh, cuireann na hoifigigh údarúcháin, mar bhainisteoirí bhuiséad an Aontais **straitéisí rialaithe ilbhliantúla** i bhfeidhm, ar straitéisí iad a cheaptar chun **earráidí a chosc** agus, mura féidir iad a chosc, iad a **bhrath** agus iad a **cheartú**. Ní mór dóibh a ndearbhú a thógáil **ón mbun aníos** agus **go mionsonrach**, i.e. de réir cláir nó de réir mír ábhartha eile caiteachais. Fágann sé sin go mbíonn an Coimisiún in ann **laigí agus earráidí a bhrath** ar bhealach mionsonraithe difreáilte le haghaidh gach cláir nó mír chaiteachais, **bunchúiseanna** na n-earráidí sistéamacha a shainaithint (e.g. castacht na rialacha i réimsí áirithe beartais, amhail taighde agus comhtháthú), **gníomhaíochtaí ceartaitheacha spriocdhírthe a dhéanamh** agus a áirithiú go n-úsáidtear aon cheacht a fhoghlaimítear chun feabhas a chur ar na córais bainistithe agus rialaithe agus go gcuirtear san áireamh iad i gceapadh na gclár airgeadais amach anseo.

Ceaptar cláir chaiteachais an Aontais **chun bheith ina gcláir ilbhliantúla**, agus is amhlaidh an cás maidir leis na straitéisí rialaithe gaolmhara. Tuigtear leis sin gur féidir earráidí a bhrath agus a cheartú tráth ar bith, chomh fada leis an bpointe go gcuirtear clabhsúr le clár ag deireadh a shaolré. Thairis sin, tá na straitéisí rialaithe **difreáilte de réir riosca**, i.e. déantar iad a choigeartú de réir na modhanna bainistíochta difriúla, na ngníomhaithe lena mbaineann, na réimsí beartais agus/nó na socrúithe cistiúcháin agus na rioscaí gaolmhara.



Timthriall rialaithe ilbhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh.
 Chun torthaí 2021 a luaitear sna ciorcail a fháil, féach roinn 2.1.
 Foinse: An Coimisiún Eorpach.

1.4.2. Is é cosc earraí an chéad chosaint in aghaidh earráidí

Is éard atá i bpríomh- shásraí coisctheacha an Choimisiúin rialuithe agus iniúchtaí *ex ante* (féach Iarscríbhinn 5 in Imleabhar III), lena n-áirítear fíoruithe bainistíochta a dhéanann údaráis na mBallstát sula ndearbhaítear caiteachas don Choimisiún faoi bhainistíocht chomhpháirteach, agus dá éis sin, mar aon le hiniúchtaí córais arna gcomhlánú le hiniúchtaí ar shamplaí ionadaíocha d'oibríochtaí chun laigí a bhrath ar laigí i córais bainistithe agus rialaithe na gcomhpháirtithe cur chun feidhme iad. De thoradh na rialuithe coisctheacha sin, diúltaítear do mhéideanna neamh- incháilithe sula ndéanann an Coimisiún fócaíochtaí (deiridh) agus cuirtear isteach ar fócaíochtaí, agus cuirtear ar fionraí iad, go dtí go ndeisítear na heasnaimh sna córais. Ina theannta sin, cuidíonn treoraíocht a thugtar do thairbhíthe agus do chomhpháirtithe cur chun feidhme le hearráidí a sheachaint.

Faoi bhainistíocht chomhpháirteach, eascraíonn ceartúcháin arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit, sula gcuirtear isteach a n-éilimh ar chostais, as na rialuithe agus na hiniúchtaí, lena n-áirítear iniúchtaí ar chórais agus ar oibríochtaí, a dhéanann siad *ex ante* agus *ex post* ar an leibhéal dá gcuid. Cuirtear ceartúcháin den sórt sin i bhfeidhm trí caiteachas neamh- incháilithe a bhaint as éilimh ar íocaíocht ar an gCoimisiún nó as cuntais dheimhnithe.

Féadfar na méideanna a cheartaítear ag leibhéal an Bhallstáit a athúsáid, in imthosca faoi leith. Is dreasacht é sin do na Ballstáit chun caiteachas neamhrialta a cheartú sula gcuireann siad a n-éilimh ar chostais faoi bhráid an Choimisiúin.

1.4.3. Comhlánaíonn brath agus ceartú sin na n-earráidí le cosc na n-earráidí

I gcás nach raibh sásraí coisctheacha éifeachtach, tá sé tábhachtach go mbraitear earráidí a dhéanann difear do chaiteachas an Aontais a posteriori, le rialuithe *ex post* a dhéanann an Coimisiún ar mhéideanna lena ghlac sé agus a íocadh amach (féach Iarscríbhinn 5 in Imleabhar III). Ceartaíonn an Coimisiún na hearráidí sin ansin le linn na bliana céanna, nó i mblianta dá éis sin, trí aisghabhálacha nó fritháireamh ó fhaighteoírí deiridh faoi **bhainistíocht dhíreach agus indíreach** nó ó na Ballstáit faoi **bainistíocht chomhpháirteach**.

I ndáil leis an talmhaíocht, comhfhreagraíonn formhór na gceartúcháin airgeadais do chásanna inar sainithníodh earráidí córasacha agus inar cuireadh ceartúcháin i bhfeidhm ar an gcaiteachas ábhartha i gcás gníomhaireacht íocaíochta nó clár oibríocháin faoi leith. Baineann siad sin go príomha le heasnaimh lena ndearnadh difear d'íocaíochtaí a rinneadh i mblianta roimhe.

I ndáil leis an gcomhtháthú, mínítear leibhéal na gceartúcháin den sórt sin ón gCoimisiún i bhfianaise an fíorais go gcuireann na Ballstáit formhór na gceartúcháin chun feidhme, lena n-áirítear na hearráidí arna n-aimsiú ag an gCoimisiún, ag an gCúirt Iniúchóirí agus ag an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF). Fágann sé sin go mbíonn an Ballstát in ann na méideanna comhfhreagracha a athúsáid le haghaidh caiteachas incháilithe. Má fheidhmíonn córais rialaithe i gceart ar leibhéal an Bhallstáit, bíonn an gá le haghaidh ceartúcháin ar leibhéal an Choimisiúin i bhfad níos teoranta agus líon na gceartúcháin den sórt sin níos ísle dá bhrí sin.

Thairis sin, tugtar aghaidh ar laigí i gcórais rialaithe, ar laigí iad a bhraitear le hiniúchtaí rioscabhunaithe agus/nó córais, freisin, agus ceartaítear córais. I gcomhthéacs na bainistíochta chomhpháirtí agus indírí, is iad na Ballstáit agus na comhpháirtithe cur chun feidhme a dhéanann sé sin ar dtús. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le buiséad an Aontais a chosc, féach Iarscríbhinn 5 in Imleabhar III.

1.4.4. An inniúlacht cheartaitheach le haghaidh chistí an Aontais

In 2021, maidir leis an inniúlacht cheartaitheach le haghaidh na gcistí arna mbainistiú ag an gCoimisiún, comhfhreagraíonn an inniúlachtaí sin don mhéid a leanas á chur leo:

- na ceartúcháin arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit sula gcuireann siad isteach a n-éilimh ar chostais, de EUR 4 557 milliún;

- torthaí na mbeart coiscitheach arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún trí asbhaintí agus trí choigeartuithe eile sula n-focann an Coimisiún iad /sula nglacann an Coimisiún leo, ar EUR 298 milliún san iomlán atá ann;
- na ceartúcháin arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún tar éis don Choimisiún iad a íoc/glacadh leo ar, de EUR 765 milliún san iomlán atá ann.

Chuaigh líon na gceartúchán arna gcur chun feidhme tar éis a n-íochta ag an gCoimisiún i laghad i gcomparáid leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil roimhe, go príomha de bharr ghnéithe sonracha an chórais dearbhúcháin ilsraithe agus chuntais na gclár bhliantúil a tugadh isteach in 2014- 2020 le haghaidh an chomhtháthaithe, i gcás inarb iad na Ballstáit a chuireann na ceartúcháin chun feidhme den chuid is mó gan beann ar ar bhraith na Ballstáit nó an Coimisiún na hearráidí comhfhreagracha ⁽³⁶⁾. In 2021, ba é EUR 193 milliún a bhí sna ceartúcháin a chinn an Coimisiún ar bhonn a iniúchtaí agus a rialuithe féin. Chuaigh an inniúlacht cheartaitheach fhoriomlán i méid i gcomparáid le 2020, nuair a rinneadh difear di le héifeacht aonuaire na n-aisíocaíochtaí a tugadh do na Ballstáit tar éis na mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil le cistí talmhaíochta (chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Iarscríbhinn 5 in Imleabhar III).

1.5. An comhrac in aghaidh na calaoise: an straitéis frith- chalaoise Eorpach

Ní fhulaingíonn an Coimisiún calaois ar chor ar bith. Ba cheart a chur i dtábhacht nach bhfuil i gceist leis an gcalaois ach cuid an- teoranta den chaiteachas neamhrialta, ar cuid í a bhaineann le hearráidí den chuid is mó.

Tá dul chun cinn maith déanta ag an gCoimisiún i ndáil lena straitéis frith- chalaoise chorparáideach. De bhun Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cosnaíonn an Coimisiún agus na Ballstáit buiséad an Aontais ar an gcalaois agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile. Tá ról suntasach ag an straitéis frith- chalaoise chorparáideach atá i bhfeidhm faoi láthair, a glacadh in Aibreán 2019, mar atá ag a phlean gníomhaíochtaí i ndáil le cosc mhí- úsáid fhéideartha airgead an Aontais. Déanann OLAF faireachán ar a chur chun feidhme. Faoi mhí na Samhna 2021, bhí dul chun cinn maith déanta, agus bhí 47 as na 63 ghníomhaíocht tugtha i gcrích agus tá coinne leis go dtabharfar formhór mór na ngníomhaíochtaí atá fágtha i gcrích faoi lár 2022.

I gcomhréir lena straitéis frith- chalaoise, tá comhordú agus comhar treisithe ag an gCoimisiún, go háirithe tríd an Líonra um Chosc agus Brath na Calaoise, lena dtugtar le chéile comhfhreagrach frith- chalaoise sheirbhísí an Choimisiúin agus na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin faoi stiúir OLAF. Sa chomhthéacs sin, thug 13 sheirbhís de chuid an Choimisiúin a straitéisí frith- chalaoise áitiúla cothrom le dáta i gcomhar le OLAF in 2021. Faoi dheireadh 2021, bhí 90 % de na straitéisí frith- chalaoise áitiúla uile tugtha cothrom le dáta ó glacadh straitéisí frith- chalaoise an Choimisiúin in 2019.

I measc gníomhaíochtaí suntasacha eile i réimse na frith- chalaoise in 2021, áiríodh staidéir a seoladh ar thodhchaí an Chórais Bainistíochta Neamhrialtachta. Úsáideann na Ballstáit an córas seo chun cásanna calaoise agus neamhrialtachtaí eile a thuairisciú, ar cásanna agus neamhrialtachtaí iad a bhraitear i mbainistíocht chomhpháirteach. Úsáideann an Coimisiún an fhaisnéis sin chun a thuarascáil bhliantúil ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais a fhorbairt i gcomhar le Ballstáit, i

⁽³⁶⁾ Comhfhreagraíonn sé sin don socrú nua in 2014- 2020 i gcomparáid leis an tréimhse roimhe.

gcomhréir le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ghlac an Coimisiún a thuarascáil 2020 i mí Mheán Fómhair 2021 ⁽³⁷⁾.

In 2021, lean OLAF de ghníomhaíochtaí fiosrúcháin a dhéanamh, agus é ag tuairisciú orthu seo ina thuarascálacha bliantúla ⁽³⁸⁾.

An chalaois a chomhrac sa chleachtas: an tAontas a chosaint ar thairiscintí bréige de vacsaíní COVID- 19

Tapóidh caimiléirí aon deis atá ann brabús aindleathach a shaothrú. Ó fhíorthús na paidéime, thug OLAF faoi deara an bealach a raibh calaoiseoirí ag déanamh iarrachta leas a bhaint as práinn an cháis agus as an easpa trealaimh chosanta phearsanta a bhí ann ar dtús, chun dochair shláinte agus shábháilteacht mhuintir na hEorpa. Rinne oibreoirí calaoiseacha iarracht dul i gcion ar mhargadh an Aontais le maisc aghaidhe, fearais tástála, díghalráin agus táirgí bréige eile nó táirgí a bhí faoi bhun caighdeáin agus a bhain le COVID- 19. Leanadh d'obair OLAF chun na hoibreoirí sin a chomhrac in 2021, agus faoi dheireadh na bliana bhí breis agus 100 milliún táirge bréige nó a bhí faoi bhun caighdeáin bainte den mhargadh.

De réir mar a forbraíodh vacsaíní in aghaidh COVID- 19, bhí imscrúdaitheoirí OLAF fós san airdeall ar iarrachtaí nua féideartha ar chalaois. I bhFeabhra 2021, d'eisigh OLAF rabhadh poiblí soiléir in aghaidh camscéimeanna féideartha a bhain le vacsaíní COVID- 19. Bhí faisnéis á fáil ag OLAF ó fhoinsí rialtais i mBallstáit an Aontais faoi thairiscintí ó idirghabhálaithe líomhnaithe chun méideanna móra vacsaíní a dhíol, ar vacsaíní den chineál a bhí formheasta lena n-úsáid san Aontas a bhformhór.

Ba é an aidhm a bhí ag na calaoiseoirí – mar a chruthaigh OLAF – é a chur ina luí ar údarais phoiblí éarlaisí móra a chur síos chun an díolachán a áirithiú, agus imeacht gan tasc gan tuairisc leis an airgead dá éis sin. Bhí na hidirghabhálaithe mar ionadaithe do chuideachtaí faille a bhí neamhghníomhach go dtí tréimhse ghearr roimh na dtairiscintí a tháinig uathu, nó cuideachtaí a raibh earraí an- difriúil á dtrádáil acu roimhe sin. Bhí na cuideachtaí seo lonnaithe i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad go minic, rud a d'fhág go raibh sé níos deacra iad a shainnithint agus imscrúdú a dhéanamh orthu.

Mhapáil imscrúdaitheoirí OLAF na cásanna sin, shuigh sé gur iompraíocht amhrasach a bhí ar siúl acu agus roinn siad an fhaisnéis leis na Ballstáit agus le Europol. I gcás inar ghá, d'oibrigh OLAF in éineacht lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta freisin.

Go dtí seo, ba é beagnach 1.2 billiún dáileog de vacsaíní ag praghas iarrata iomlán de bhreis agus EUR 16.4 billiún é an líon iarrachtaí calaoise nó tairiscintí bréige sin. Chuaigh an líon tuairiscithe den sórt sin i méid go gasta sna seachtainí tar éis rabhadh OLAF, ach chobhsaigh faoi dheireadh iad de réir mar a nochtadh na patrúin mar na hiarrachtaí ar chalaois a bhí iontu le fírinne.

D'ainneoin na paidéime leanúnaí, níor stop imscrúduithe agus oibríochtaí frith- chalaoise i gcás táirgí a bhain le COVID- 19, agus rinneadh imscrúdú i ndáil go leor cásanna eile, eadhon deochanna alcóil góchumtha agus bréagáin chontúirteacha, mar aon le leithéidí na trádála aindleathaí gás lena ndéantar dochar don aeráid agus na smuigleála dramhaíola. Mar a tharlaíonn gach bliain, nocht OLAF roinnt cásanna de chalaois lena díriodh ar chistí an Aontais, agus scéimeanna casta trasteorann i gceist lena rabhtas ag iarraidh na céadta milliúin euro a ghoid ó cháiniocóirí an Aontais.

⁽³⁷⁾ Chun tuilleadh eolais a fháil, féach na [tuarascálacha bliantúla maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint](#).

⁽³⁸⁾ Chun tuilleadh eolais a fháil, féach [tuarascálacha bliantúla OLAF](#).

Leanadh den chosc calaoise agus de smachtbhannaí a chur i bhfeidhm tríd an **gcóras luathbhrathadóireachta agus eisiaimh (EDES)**, lena gcumasaítear luathbhrathadóireacht na n-oibreoirí eacnamaíocha neamhiontaofa agus iad a eisiaimh ó chur chun feidhme chistí an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach. Tá imeachtaí EDES bunaithe ar fhaisnéis a bhailítear trí iniúchtaí agus trí sheiceálacha a dhéanann oifigigh údarúcháin trí tharmligean, breithiúnais chríochnaitheacha nó cinntí riaracháin ó údaráis náisiúnta, cinntí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus, den chuid is mó, imscrúduithe OLAF. Oibríonn EDES bunaithe ar idirghníomhaíocht láidir thorthúil idir na hoifigigh údarúcháin atá freagrach agus an painéal EDES.

Bhí treocht chobhsaí le feiceáil go suntasach in 2021 i gcásanna a cuireadh faoi bhráid phainéal idirinstiúideach EDES le haghaidh smachtbhannaí riaracháin féideartha (i.e. eisiaimh agus/nó pionóis airgeadais agus, i gcás inarb infheidhme, na smachtbhannaí a fhoilsiú). Cinntear iad sin i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta (i.e. lena gcuirtear tromchúis an cháis san áireamh, lena n-áirítear an tionchar ar leasanna airgeadais agus ar íomhá an Aontais; an méid ama a d'imigh thart ó tharla an mí- iompar; fad agus atarlú an mhí- iompair; méid an drochrúin nó na faillí; agus an méid atá i gceist).

1.6. An córas coinníollachta a chur chun feidhme chun buiséad an Aontais a chosaint

Ó glacadh an rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint i mí na Nollag 2020 ⁽³⁹⁾, tá uirlis shonrach ag an Aontas, den chéad uair, chun a bhuiséad a chosaint ar shárúithe phrionsabail an smachta reachta.

Tháinig an rialachán i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 agus comhlánaíonn sé nósanna imeachta eile arna leagan síos le reachtaíocht an Aontais chun buiséad an Aontais a chosaint. Is é is aidhm dó buiséad an Aontais a chosaint ar shárúithe phrionsabail an smachta reachta lena ndéantar difear dá bhainistíocht fhónta airgeadais, nó sárúithe lena mbaineann baol tromchúiseach go ndéanfaidh siad difear don bhainistíocht sin, nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais. Ó Eanáir 2021 i leith, tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis atá ar fáil chun sárúithe féideartha is ábhartha faoin rialachán a shainaithint. Seoladh litreacha lena iarradh faisnéis a chuirfeadh le measúnú an Choimisiúin faoin rialachán chuig dhá Bhallstát, an Ungáir agus an Pholainn, i mí na Samhna 2021. In mí Aibreáin 2022, sheol an Coimisiún an chéad fhógra chuig an Ungáir faoin gcóras ginearálta coinníollachta, rud lena spreagadh an nós imeachta as a bhféadfadh forchur beart in aghaidh Ballstáit a eascairt mar gheall ar shárúithe phrionsabail an smachta reachta. Chun tuilleadh forbairtí ar chur chun feidhme an chórais choinníollachta a fháil, féach Roinn 4.

⁽³⁹⁾ [Rialachán \(AE, Euratom\) 2020/2092](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, IO L 433I, 22.12.2020, Ith. 1.1.

2. Torthaí an rialaithe

Cuireann gach roinn den Choimisiún na **gnéithe rialaithe comhchoiteanna** a thuairiscítear thuas i bhfeidhm go neamhspleách ar fhoinse an chistiúcháin. Cuirtear bearta chun neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú i bhfeidhm ar bhonn ilbhliantúil ar leibhéal clár sonrach nó míreanna caiteachais eile. Toisc go bhféadfaidh cláir caiteachais aonair a bheith an- éagsúil, ní mór straitéisí rialaithe a oiriúnú do mhodhanna bainistíochta difriúla, réimsí beartais difriúla, tairbhíthe agus/nó modhanna cistiúcháin difriúla mar aon leis na rioscaí a bhaineann leo.


Is é is aidhm don Choimisiún an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir leibhéal íseal earráidí, íocaíochtaí tapa agus costais réasúnacha rialaithe.

Tá gá le difreáil sin na straitéisí rialaithe chun a áirithiú go mbíonn na straitéisí fós cost- éifeachtach, i.e. chun an **chothromaíocht cheart** a bhaint amach idir leibhéal íseal earráidí (éifeachtacht), íocaíochtaí tapa (éifeachtúlacht) agus costais réasúnacha (geilleagar). Spreagfaidh réimsí lena mbaineann níos mó rioscaí leibhéal grinnscrúdaithe níos airde agus/nó minicíocht rialuithe níos airde, cé gur cheart, i gcás réimsí nach mbaineann a oiread rioscaí leo, go bhféadadh sé sin nach mbeidh rialuithe chomh dian, chomh costasach ná ualach chomh trom céanna i gceist leo. Ina theannta sin, measfar acmhainneacht aisghabhála iarbhir na gcistí den Aontas a caitheadh go míchuí agus an straitéis rialaithe á bunú (e.g. trí anailís chostais is tairbhe ar iniúchtaí ar an láthair).

I measc bealaí eile chun costéifeachtúlacht na rialuithe a áirithiú, áirítear an riosca earráidí a laghdú trí rialacha simplithe agus/nó próisis shimplithe (amhail roghanna simplithe maidir le costais, i.e. cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costais aonaid), trasiontaoibh i measúiníthe atá ann cheana agus/nó iniúchtaí agus rialuithe arna gcomhlíonadh ag eintitis eile agus barainneacht scála a bhaint amach trí na feidhmeanna rialaithe a chomhthiomsú.

Chun costéifeachtúlacht a rialuithe a thomhas, úsáideann an Coimisiún na táscairí seo a leanas.

- **Éifeachtacht.** An leibhéal earráidí arna fháil bunaithe ar na rialuithe a dhéantar, lena bhféadtar go mbítear in ann an caiteachas a ghrúpáil i gcatagóirí riosca éagsúla.
- **Éifeachtúlacht.** An meán- am chun íocaíocht a dhéanamh. Seachas sin, bíonn bealaí nua á lorg agus á bhforbairt ag an gCoimisiún i gcónaí chun an éifeachtúlacht a mhéadú, go háirithe trí shineirgí a chruthú cibé cás inar féidir.
- **An Geilleagar.** An chomhréireacht idir costais na rialuithe agus na gcistí a bhainistítear.



2.1. Le torthaí an Choimisiúin ó thaobh rialú de, deimhnítear go mbíonn buiséad an Aontais dea- chosanta

Bunaithe ar na hiniúchtaí agus ar na rialuithe a dhéantar, déanann ranna an Choimisiúin meastachán gach bliain i ndáil le leibhéal an riosca a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht chaiteachas an Aontais ag dhá chéim den timthriall rialaithe ilbhliantúil: tráth íocaíochta agus tráth a chuirtear clabhsúr leis na cláir.


Torthaí foriomlána le haghaidh 2021

Riosca tráth na híocaíochta: **1.9 %**.

Riosca tráth an dúnta: **0.8 %**.

Ceartúcháin le haghaidh íocaíochtaí a rinneadh roimhe: **EUR 5.6 billiún**.

Forchoimeádais: **16, lenar bhain tionchar airgeadais iomlán de EUR 987 milliún**.



Is meastachán é an **riosca tráth na híocaíochta** ar na hearráidí nárbh fhéidir cosc a chur orthu d'ainneoin rialuithe *ex ante* agus lena ndéantar difear do na híocaíochtaí a rinneadh. Braitear na hearráidí seo trí sheiceálacha agus iniúchtaí *ex post*. Is meastachán é an **riosca tráth an dúnta** ar na hearráidí a bheidh fós ann ag deireadh shaolré an chláir a luaithe a bheidh gach rialú agus ceartúchán *ex post* déanta. Is ionann é agus an riosca tráth na híocaíochta lúide meastachán coimeádach ar na **ceartúcháin a bheidh le déanamh amach anseo**, a dhéanfar idir an bhliain tuairiscithe agus deireadh shaolré an chláir.

Measann an Coimisiún go mbeidh an buiséad cosanta go héifeachtach nuair a bheidh an riosca faoi bhun 2 %, tráth a dhúnfar na cláir ar a dhéanaí - i.e. nuair a bheidh gach rialú, ceartúchán, gnóthú, etc. curtha i bhfeidhm - tráth an dúnta. Is í seo an tairseach ábharthachta a úsáideann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa freisin. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na coincheapa sin agus faoin modheolaíocht a úsáidtear chun na meastacháin sin a chinneadh, in éineacht leis na torthaí rialaithe maidir le gach réimse beartais, féach Iarscríbhinn 5.

Le haghaidh 2021, tá riosca foriomlán an Choimisiúin tráth íocaíochta agus riosca an Choimisiúin tráth an dúnta i gcomhréir le 2020, agus an dá riosca sin faoi bhun na tairsí ábharthachta de 2 %.


Déantar tuairisc ar an staid maidir le gach réimse beartais thíos.

Bliain idirthréimhse a bhí in 2021, le seoladh oifigiúil na gclár nua le haghaidh na tréimhse 2021- 2027 fad a bhí na cláir a bhí ann cheana fós i bhfeidhm.

Agus *Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh* ina hachóimre ar na 51 tuarascáil gníomhaíochtaí bhliantúla, leithdháiltear gach ceann de na tuarascálacha sin ina n-íomláine ar cheann de na seacht gceannteideal ar an gceann airgeadais ilbhliantúil (a bhí ina sé ‘réimse beartais’ sna heagráin roimhe sin den tuarascáil bhliantúil bhainistíochta agus feidhmíochta). Maidir le hArd- Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis, agus i bhfianaise thábhacht na roinne seo faoin gceannteideal ‘Slándáil agus Cosaint’, rinneadh an caiteachas ábhartha le haghaidh na slándála agus na cosanta a aonrú ó chaiteachas eile na stiúrthóireachta seo agus tugadh faoin gceannteideal ábhartha é. Chun críoch comparáideachta, an riosca tráth na híocaíochta agus an riosca tráth an dúnta maidir le gach ceannteideal le haghaidh na mblianta roimhe sin, rinneadh iad a athríomh ar bhonn an struchtúir nua seo.

2.1.1. Cur i láthair an chaiteachais a mbaineann an riosca is ísle, meánriosca agus an riosca is airde leis

Sainaithníonn an Coimisiún na cláir a mbaineann an riosca is airde leo, rud a chuireann ar a chumas a ghníomhaíocht a dhírú ar na réimsí is tábhachtaí. I bhfianaise a chuir chuige eimpíreach dhomhain, tá sonraí iontaofa ag an gCoimisiún lena léirítear staid éagsúlaithe na gcistí bainistithe (féach an chart thíos). Bunaithe ar an **riosca tráth na híocaíochta** – sula gcuirfeadh aon cheartú chun feidhme amach anseo – féadfaidh an Coimisiún an caiteachas bliantúil a roinnt go beacht de réir riosca níos ísle tráth na híocaíochta (i gcás ina mbeidh an riosca faoi bhun 1.9 %), de réir meánriosca tráth na híocaíochta (idir 1.9 % agus 2.5 %) agus de réir riosca níos airde tráth na híocaíochta (os cionn 2.5 %). Maidir le hacmhainní nádúrtha agus comhtháthú, cuirtear an anailís seo i bhfeidhm freisin ar leibhéal na ngníomhaireachtaí fíoraíochta aonair agus na gclár oibríochtaí aonair sna Ballstáit. Leis sin, cuirtear ar chumas an Choimisiúin a shainaithint cé na cláir/catagóirí caiteachais a mbaineann riosca níos airde leo agus tacaíocht a sholáthar go héifeachtúil agus dul i ngleic le laigí sonracha fiú maidir le beartais, a mbaineann riosca níos ísle leo ar leibhéal domhanda, amháil an comhbheartas talmhaíochta.



Caiteachas an Choimisiúin Eorpaigh a aicmiú i gcatagóirí rioscaí níos airde- ; meánrioscaí- agus rioscaí níos airde, mar chéatadán den iomlán de mhéid iomlán an chaiteachais ábhartha le haghaidh 2021.

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Dá réir sin, roinntear caiteachas an Choimisiúin i gcatagóirí na rioscaí is ísle, na meánrioscaí agus na rioscaí is airde mar a leanas.

- **Riosca is ísle.** B'ionann an chatagóir seo agus EUR 95 bhiliún in 2021 (55 % den chaiteachas, cosúil leis an mbliain seo caite ag 56 %). Áirítear leis sin caiteachas roinnt gníomhaireachtaí fócaíochta le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta, in éineacht leis na cláir oibríochtúla le haghaidh an Chiste Eorpach Muirí agus lascaigh agus comhtháthú leis an riosca is ísle tráth na híocaíochta; caiteachas a bhaineann leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa; gníomhaíochtaí Marie Skłodowska- Curie; Deontais na Comhairle Eorpaí um Thaighde; ranníocaíochtaí le gníomhaireachtaí (an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, etc); Erasmus+; an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála; an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht; an Ciste Slándála Inmheánaí; cabhair dhaonnúil; cabhair forbartha arna cur ar fáil trí bhíthin eagraíochtaí idirnáisiúnta agus caiteachas riaracháin.
- **Meánriosca.** B'ionann é seo agus EUR 39 mbiliún in 2021 (23 % den chaiteachas i gcomparáid le 16 % in 2020). Áirítear leis sin caiteachas roinnt gníomhaireachtaí fócaíochta le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta agus na cláir oibríochtúla le haghaidh an Chiste Eorpach Muirí agus lascaigh agus comhtháthú le meánriosca tráth na híocaíochta; deontais i gcláir i gcabhair forbartha agus i gcláir chomharsanachta; agus caiteachas faoi Fhís 2020. I dtaca leis an gcaiteachas faoi Fhís 2020, tháinig feabhas air seo i gcomparáid le blianta roimhe seo, ina raibh riosca níos airde ag baint leis an gcaiteachas seo, agus is gá na torthaí dearfacha seo a dheimhniú sna blianta atá le teacht.
- **Riosca níos airde.** B'ionann é seo agus EUR 38 mbiliún in 2021 (22 % den chaiteachas i gcomparáid le 28 % in 2020). Áirítear leis sin caiteachas roinnt gníomhaireachtaí fócaíochta le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta; na cláir oibríochtúla le haghaidh an Chiste Eorpach Muirí agus lascaigh agus comhtháthú leis an riosca is airde tráth na híocaíochta nó le heasnaimh thromchúiseacha ⁽⁴⁰⁾; agus caiteachas a bhaineann le deontais chasta i gcláir chistiúcháin eile (mar shampla an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa – Fuinneamh).

Bunaithe ar anailís mhionsonraithe an Choimisiúin, is cosúil go bhfuil dlúthbhaint ag leibhéal na hearráide leis an gcineál maoinithe. Baineann riosca measartha níos ísle tráth na híocaíochta le formhór na gclár nó na gcatagóirí caiteachais, arb ionann iad agus níos mó ná 50 % de chaiteachas ábhartha na bliana, toisc go gcuimsítear leo fócaíochtaí simplí bunaithe ar theidlíocht. Ar an taobh eile, is cosúil go mbaineann riosca measartha níos airde le roinnt clár nó catagóirí caiteachais ina n-úsáidtear scéimeanna cuibheasach casta atá bunaithe ar aisíoc. Mar sin féin, leis na córais rialaithe atá i bhfeidhm, féadfar na rioscaí a bhaineann le cuid de na cláir is casta a mhaolú agus, mar thoradh air sin, féadfar an leibhéal riosca tráth na híocaíochta a laghdú.

Tá faireachán géar á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an riosca tráth na híocaíochta agus ar an riosca tráth an dúnta a bhaineann leis na cláir éagsúla agus tá gníomhaíocht bhreise á déanamh aige chun rátaí earráide a laghdú. Maidir leis na catagóirí meánriosca agus riosca níos airde go háirithe, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair i chun na rátaí earráide a laghdú tuilleadh trí fheasacht na dtairbhíthe agus na gcomhpháirtithe cur chun feidhme ar shaincheisteanna a ardú, na

⁽⁴⁰⁾ I gcás Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Chiste Chomhtháthaithe agus an Chiste Eorpaigh Muirí agus lascaigh, measadh an leibhéal riosca a bheith ard freisin, gan beann ar an riosca tráth na híocaíochta, nuair a eisíodh an tuairim iniúchóireachta sna tuarascálacha gníomhaíochtaí bliantúla go raibh feidhmiú chóras bainistithe agus rialaithe na gclár díobhálach nó cáilithe.


straitéisí rialaithe a choigeartú i gcás inar gá, na ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm ar chlár amach anseo agus rialacha a shimpliú i gcás inar féidir.

2.1.2. Torthaí rialaithe de réir réimse beartais

Ceannteideal 1 – An margadh aonair, an nuálaíocht agus cúrsaí digiteacha

Maidir leis an **'Margadh aonair, nuálaíocht agus inneachar digiteach'**, tá an **riosca tráth na híocaíochta (1.3 %)** agus an **riosca tráth an dúnta (1.0 %)** araon i bhfad faoi bhun 2 % agus tá laghdú ag teacht orthu i gcomparáid le 2020, ag 1.7 % agus ag 1.3 % faoi seach. In 2021, b'ionann **bearta coisctheacha agus ceartaitheacha an Choimisiúin agus EUR 162 mhilliún** – EUR 142 mhilliún i mbearta coisctheacha agus EUR 20 milliún i mbearta ceartaitheacha, i gcomhréir leis na méideanna in 2020, arbh ionann iad agus EUR 146 mhilliún agus EUR 26 mhilliún faoi seach.

Tháinig laghdú ar an riosca tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta i gcomparáid le 2020 agus 2019 mar gheall ar an laghdú ar rátaí earráide Fís 2020. Is ionann **Fís 2020** agus 44 % den chaiteachas laistigh den réimse beartais seo, agus mar iarmhairt air sin rannchuidíonn a riosca tráth na híocaíochta (2.3 %) go substaintiúil leis an riosca foriomlán gaolmhar tráth na híocaíochta. Le roinnt blianta anuas, tá gníomhaíochtaí á ndéanamh ag na ranna taighde chun an riosca tráth an dúnta a thabhairt chomh cóngarach agus is féidir do 2 % nó faoina bhun ⁽⁴¹⁾. Don chéad uair, baineadh amach an cuspóir.



Simplithe a tugadh isteach in Fís 2020, in éineacht le feachtais cumarsáide spriocdhírthe lenar díriodh ar na tairbhíthe is mó tugtha d'earráidí amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide agus nuatheachtaithe, agus oiliúint fheabhsaithe ar ghnólachtaí iniúchóireachta seachtracha a dhéanann iniúchtaí thar ceann an Choimisiúin, is cinnte go mbíonn éifeacht dhearfach acu ar tharluithe earráidí agus ar thábhacht airgeadais earráidí. Is gá na torthaí dearfacha le haghaidh 2021 a dheimhniú sna blianta atá le teacht, áfach, agus is gá leanúint leis an ngníomhaíocht a rinneadh go dtí seo.


In 2021, seoladh Fís Eorpach, an clár réime nua um thaighde agus um nuálaíocht go hoifigiúil, agus tá Fís 2020 fós i bhfeidhm. Mar gheall ar ghlacadh mall rialachán Fís Eorpach, i gcomparáid leis an bplean tosaigh, cuireadh moill ar chur chun feidhme an chlár a thosú. Ó thaobh bainistíocht airgeadais, is é aidhm an Choimisiúin maidir le Fís Eorpach an úsáid a bhaintear as roghanna costais simplithe a leathnú, rud a

⁽⁴¹⁾ Sonraítear an méid a leanas sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir le rialachán Fís 2020: 'Dá bhí sin, measann an Coimisiún, maidir le caiteachas le haghaidh taighde faoi Fhís 2020, gur cuspóir réadúil é riosca earráide, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon idir 2- 5 % a bheith ann agus costais na rialuithe, na bearta simplithe atá beartaithe chun castacht na rialacha a laghdú agus an riosca bunúsach gaolmhar a bhaineann le haisioc chostais an tionscadail taighde, á gcur san áireamh. Nuair a bheidh tionchar airgeadais na n- iniúchtaí, na mbearta ceartaithe agus na mbearta gnóthaithe uile curtha san áireamh, is é an aidhm dheiridh leibhéal earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár.'

chuirfidh ar chumas tairbhíthe na rialacha a chomhlíonadh ar bhealach níos éasca agus díriú níos mó ar a dtionscadal taighde iarbhrí. In éineacht le feachtais chumarsáide leanúnacha atá dírithe ar pháirtithe leasmhara, ba cheart go réiteofaí an bealach chun laghdú suntasach a dhéanamh ar an riosca tráth na híocaíochta le haghaidh Fís Eorpach. Agus leibhéal íseal an chaiteachais ábhartha atá i bhfeidhm faoi láthair agus cineál na n-idirbheart gaolmhar á gcur san áireamh, meastar riosca íseal a bheith ag baint leis an gcaiteachas faoi Fís Eorpach le haghaidh 2021.

Maidir leis na cláir eile, tá catagóirí sonracha den **tSaoráid um Chónascadh na hEorpa** (lena gcumhdaítear fuinneamh agus teileachumarsáid) faoi réir forchoimeádas ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol agus ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitíú nua ⁽⁴²⁾, i bhfianaise rátaí earráide iarmharaí de 2.52 % agus 3.84 %, faoi seach. Sa réimse beartais seo, tá ráta earráide iarmharach os cionn 2 % ag líon beag clár eile ⁽⁴³⁾; níl aon tionchar aige seo ar an dearbhú, áfach, mar gheall ar an miontionchar airgeadais ⁽⁴⁴⁾, agus níor eisíodh aon fhorchoimeádas. Ar deireadh, baineadh forchoimeádas 2020 le haghaidh na ndeontas faoi chlár **an Aontais maidir le hiomaíochas fiontar beag agus meánmhéide** arna chur chun feidhme ag Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide. Baineann rioscaí níos ísle go bunúsach le cláir eile ⁽⁴⁵⁾ mar gheall ar an gcineál cistiúcháin agus an leibhéal iniúchta a dhéantar.

Ceannteideal 2 – Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna



Maidir leis an gceanteideal nua ‘Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna’, tá an riosca tráth na híocaíochta 2.3 % fós cobhsaí i gcomparáid le 2020. Faoin gceanteideal seo, baineann an riosca tráth na híocaíochta agus an riosca tráth an dúnta don chuid is mó leis an leibhéal a breathnaíodh i leith chistí an bheartais chomhtháthaithe ⁽⁴⁶⁾, i bhfianaise mhéid an chaiteachais ábhartha (thart ar 94 % den mhéid iomlán). Chuir na Ballstáit ceartuithe airgeadais chun feidhme ar mhéid EUR 3 763 mhilliún ⁽⁴⁷⁾. Áirítear leis sin bearta coisctheacha agus ceartaitheacha a thiocfaidh ar thaobh amháin as obair na n-údarás bainistíochta agus iniúchóireachta agus ar an taobh eile as obair an Choimisiúin agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Chuir an Coimisiún bearta coisctheacha agus ceartaitheacha chun feidhme ar mhéid iomlán EUR 118 milliún, lena n-áirítear EUR 84 mhilliún i nglancheartúcháin airgeadais.

⁽⁴²⁾ Féach Iarscríbhinn 5 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

⁽⁴³⁾ An seachtú clár réime le haghaidh taighde agus forbairt teicneolaíoch, treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin, clár an Aontais um iomaíochas na bhfiontar beag agus meánmhéide, an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa – Telecom.

⁽⁴⁴⁾ Ó 2019, tugadh isteach tairseach *de minimis* le haghaidh forchoimeádais airgeadais. Forchoimeádais chainníochtaithe na tuarascála bhliantúla ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le rátaí earráide iarmharaí os cionn na tairisí ábharthachta de 2 %, meastar nach bhfuil siad substaintiúil maidir le catagóirí arbh ionann iad agus níos lú ná 5 % d’íocaíochtaí iomlána ard- stiúrthóireachta agus a bhfuil tionchar airgeadais acu atá níos lú ná EUR 5 mhilliún. Sna cásanna sin, níl gá a thuilleadh le forchoimeádais chainníochtaithe.

⁽⁴⁵⁾ Marie Skłodowska- Curie, atá mar chuid de Fís 2020, mar shampla.

⁽⁴⁶⁾ Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg, an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí.

⁽⁴⁷⁾ Ceartuithe airgeadais le haghaidh 2007 – 2013 agus caiteachas asbhainte ó na cuntais le haghaidh na tréimhse 2014, féach freisin Imleabhar II, Iarscríbhinn 5, roinn 5.4.

Maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe, d'ainneoin iarrachtaí leanúnacha agus feabhsuithe ar fheidhmiú na gcóras rialaithe, tá an riosca tráth na híocaíochta ábhartha fós. Meastar é a bheith sa raon **1.8 % go 2.5 %** ⁽⁴⁸⁾ ⁽⁴⁹⁾, **cosúil le 2020** (1.9 % go 2.4 %). Tá na meastacháin ar cheartúcháin a bheidh le déanamh amach anseo inchomparáide le 2020 freisin agus, dá bhrí sin, tá an **riosca tráth an dúnta fós cobhsaí ag 1.2 %**.

Léirítear le **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa** agus leis an **gCiste Comhtháthaithe laghdú** ar an riosca tráth na híocaíochta, ó raon 2.1 % go 2.6 % in 2020 go raon 1.9 % go 2.5 % in 2021. Cuirtear an laghdú seo i leith feabhsuithe ar na córais bainistithe agus rialaithe le haghaidh roinnt clár.

Léiríonn **Ciste Sóisialta na hEorpa** raon riosca comhchosúil tráth na híocaíochta in 2021, ag 1.7 % go 2.5 %, arbh ionann é sin agus méadú ó raon 1.4 % go 1.9 % in 2020. Tharla an méadú seo a bhui leis an gcur chuige stuama a ghlac an Coimisiún maidir le roinnt clár ar cuireadh méadú ar na rátaí earráide tuairiscithe ina leith fad a bhí faisnéis chinntitheacha ar feitheamh.

Ba í 2021 an chéad bhliain den chreat airgeadais ilbhliantúil nua. Glacadh rialachán na bhforálacha coitianta maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021- 2027 i mí an Mheithimh, áfach. Ós rud é go bhfuil na Ballstáit ag obair anois chun a gclár a ullmhú agus, i gcás na mBallstát atá is mó chun tosaigh, go bhfuil siad díreach tar éis tús a chur leis an roghnú tionscadail, níl coinne le haon íocaíocht seachas réamh- mhaoiniú go ceann roinnt blianta.

D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha agus feabhsuithe ar fheidhmiú na gcóras rialaithe, tá an riosca tráth na híocaíochta maidir le comhtháthú os cionn na tairsí ábharthachta de 2 % fós. Is é is cúis leis sin go príomha an chastacht a bhaineann leis na tionscadail a mhaoinítear leis na cistí sin, iomadúlacht na ngníomhaithe lena mbaineann agus an deacracht maidir le dul i ngleic le roinnt rialacha casta go háirithe i ndáil le soláthar nó státhabhair.

Tá na príomhchatagóirí neamhrialtachtaí arna sainaithint ag údaráis iniúchóireachta na mBallstát agus ag an gCoimisiún cosúil leis na cinn arna sainaithint ag an gCúirt Iniúchóirí: caiteachas neamh- incháilithe, earráidí soláthair phoiblí, rianta iniúchta easnamhacha agus easpa doiciméad tacaíochta riachtanach. Léirítear leis seo go ndéanann **formhór na n-údarás iniúchóireachta na cineálacha éagsúla neamhrialtachtaí** a chuireann leis an riosca tráth na híocaíochta a bhrath go hiomchuí, ach ní go hiomlán i gcónaí⁽⁵⁰⁾. **Tá rioscaí bunúsacha earráide i gceist mar gheall ar thionscadail agus rialacha casta. I bhformhór na gcásanna, áfach, ní laigí córasacha iad na laigí a bhraitear, agus leis an ngníomhaíocht feabhais a chuirtear i bhfeidhm éiríonn staid an chórais ábhartha sásúil arís laistigh de bhliain nó dhó ar a mhéad. Ina theannta sin, ní chiallaíonn earráidí nó laigí a aimsítear i gclár amháin go bhfuil earráidí nó laigí comhchosúla i láthair i ngach áit sa Bhallstát lena mbaineann. A bhui le torthaí rialaithe na mBallstát agus an Choimisiúin, faightear léargas caolchúiseach agus difreáilte de réir cláir agus de réir údaráis.** Leis sin, cuirtear ar chumas an Choimisiúin a chinneadh go **bhfeidhmíonn formhór na gclár go**

⁽⁴⁸⁾ Cinntear uasluch an raoin agus an cás is measa á chur san áireamh i bhfianaise nósanna imeachta iniúchóireachta leanúnacha.

⁽⁴⁹⁾ Tá sé sin laistigh den raon leibhéil earráide idir 0.9 % agus 6.1 % arna mheas ag Cúirt Iniúchóirí i [dtuarascáil bhliantúil 2020 dá cuid](#) (Iarscríbhinn 5.1, lch. 154). Is féidir an leibhéal earráide níos airde arna mheas ag an gCúirt a mhíniú uaireanta le héagsúlachtaí i léirmhíniú rialacha náisiúnta nó leis an modh a úsáidtear chun méid na hearráide a chinneadh.

⁽⁵⁰⁾ Tá an measúnú seo comhthacaithe leis an staidéar a rinneadh le déanaí 'Cur chuige iniúchóireachta aonair- Bunchúiseanna na laigí in obair údaráis bainistithe agus iniúchóireachta na mBallstát', arna dhéanamh ag an Lárionad um Straitéis & Seirbhísí Meastóireachta arna iarraidh sin don Choiste um Rialú Buiséadach de Pharlaimint na hEorpa. De réir an staidéir seo, 'D'ainneoin na n- easnamh a sainaithníodh i gcur chun feidhme agus i rialú chaiteachas an Aontais, meastar go bhfuil obair na gcomhlachtaí iniúchóireachta sna Ballstáit iontaofa agus láidir go ginearálta.'

maith nó go leordhóthanach ⁽⁵¹⁾, agus go léirítear easnaimh chórasacha agus athfhillteacha le líon teoranta clár i gcaitheamh roinnt blianta, arb easnaimh iad a ndíríonn an Coimisiún a ghníomhaíochtaí orthu ansin. **Sa dara catagóir de na cláir sin, tuairiscítear iad seo go trédhearcach sna forchoimeádais a eisítear.**

Ag deireadh 2021, eisíodh **ceithre fhorchoimeádas** i ndáil le cistí an bheartais chomhtháthaithe.

- Baineann dhá fhorchoimeádas leis an tréimhse 2014- 2020 agus áirítear leo na cláir uile lenar léiríodh, le linn na bliana, laigí suntasacha ina gcórais bainistithe agus rialaithe nó a raibh an ráta earráide ina leith os cionn na tairsí ábharthachta, nó, níos lú minice, ar measadh an obair iniúchóireachta ar leibhéal an Bhallstáit gan a bheith leordhóthanach nó sásúil.
- Baineann dhá fhorchoimeádas leis an tréimhse 2007- 2013, ar gá roinnt clár a dhúnadh fós ina leith. Ní dhéantar na forchoimeádais a chainníochtú mar ní dhearnadh aon íocaíocht in 2021.

Tá an líon clár atá faoi fhorchoimeádas le haghaidh na tréimhse 2014- 2020 (68) cosúil leis an líon clár atá faoi fhorchoimeádas in 2020 (61). Tháinig méadú ar an tionchar airgeadais ó EUR 341 mhiliún go EUR 423 mhiliún, atá i gcomhréir leis an méadú ar an líon iomlán íocaíochtaí. Ní chuirtear deireadh le forchoimeádais ach amháin nuair a bheidh bearta ceartaitheacha leordhóthanacha déanta. De ghnáth, ní cúiseanna struchtúracha iad na cúiseanna leis na forchoimeádais, agus tógann sé idir 1 bhliain agus 2 bhliain chun deireadh a chur le forchoimeádas ⁽⁵²⁾. Chun tuilleadh mionsonraí faoi fhorchoimeádais a fháil, féach Imleabhar III, Iarscríbhinn 5.

Leanann an Coimisiún de bheart a dhéanamh chun tacú le húdaráis na gclár a gcórais bainistithe agus rialaithe a fheabhsú agus an riosca maidir le comhtháthú a thabhairt faoi bhun 2 %.

In 2021, rinne an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, cineálacha gníomhaíochta éagsúla chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht na gcórais bainistithe agus rialaithe agus chun cosc, brath agus ceartú earráidí a neartú, lena n-áirítear na nithe a leanas.

- Faireachán agus anailís leanúnach agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na n-earráidí nár braitheadh ar leibhéal na mBallstát.
- Gníomhaíocht fothuithe acmhainneachta chun feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin údaráis bainistithe agus rialaithe na mBallstát agus iad a ullmhú chun dul i ngleic leis na codanna is casta de chur chun feidhme an chiste. Áirítear leis sin, mar shampla, an uirlis mianadóireachta sonraí Arachne a sholáthar, saor in aisce, chun cuidiú le neamhrialtachtaí, calaois agus coinbhleachtaí leasa féideartha a bhrath, in éineacht le gairmiúlú na soláthróirí.
- Treoraíocht ar líne, samplaí de dhea- chleachtas agus de mhínithe a sholáthar, agus malartuithe piara le piara a chur chun cinn chun tacú le húdaráis chonarhacha agus le húdaráis an chláir.
- Roghanna costais simplithe a chur chun cinn, atá níos lú tugtha d'earráidí, trí chúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis náisiúnta chun na scéimeanna um roghanna costais simplithe le haghaidh chláir 2021- 2027 a ullmhú agus a mheas. D'oibrigh an Coimisiún go dian


⁽⁵¹⁾ 91 % de na cláir faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe agus 89 % de na cláir faoi Chiste Sóisialta na hEorpa, faoin Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg agus faoin gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí.

⁽⁵²⁾ Cuirtear deireadh le 78 % d'fhorchoimeádais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Chiste Comhtháthaithe agus 88 % d'fhorchoimeádais Chiste Sóisialta na hEorpa, an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg agus an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí laistigh de 2 bhliain.

dícheallach ar phróisis iomchuí a dhearadh agus a chur chun feidhme chun tacú leis na gnéithe nua sin, lena n-áirítear bearta chun glacadh roghanna costais simplithe agus maoiniú nach mbaineann le costais a mhéadú, rialú agus iniúchtaí níos comhréire, níos mó tuairisciú atá bunaithe ar chomhlíonadh agus solúbthacht fheabhsaithe chun cláir a oiriúnú do chomhthéacsanna socheacnamaíocha agus críochacha nua.

I ndáil le blianta cuntasáíochta roimhe seo, tar éis nósanna imeachta bréagnaitheacha diana a thabhairt i gcrích, chuir na Ballstáit ceartuithe airgeadais breise chun feidhme. Leis sin, tá an riosca tráth an dúnta faoi bhun 2 % maidir le gach ceann de na blianta leithleacha cuntasáíochta roimhe sin, agus deimhnítear an acmhainneacht cheartaitheach le haghaidh chistí an bheartais chomhtháthaithe. Leanfaidh an céatadán seo ag titim go dtí deireadh na gclár.

Ceannteideal 3 – Acmhainní nádúrtha agus an comhshaoil



Maidir le ‘**Acmhainní nádúrtha agus an comhshaoil**’, tá an riosca tráth na híocaíochta fós faoi bhun na tairisí ábharthachta de 2 % agus, ag 1.8 %, tá laghdú tagtha air i gcomparáid le 2020 (1.9 %). Tá méadú beag tagtha ar na ceartuithe measta a bheidh le déanamh amach anseo go 1.5 % de chaiteachas 2021 (1.4 % in 2020), rud a fhágann go meastar an riosca tráth an dúnta ⁽⁵³⁾ a bheidh ag 0.3 % (0.5 % in 2020). Comhfhreagraíonn sé sin freisin leis na torthaí rialaithe ar chaiteachas talmhaíochta, arb ionann é sin agus formhór an chaiteachais sa réimse beartais seo (98 %), agus tá an chuid eile dírithe ar chaiteachas muirí agus iascaigh ⁽⁵⁴⁾, comhshaoil agus aeráide.

Leanann an Coimisiún agus na Ballstáit araon de bheith ag cosaint leasanna airgeadais an Aontais. In 2021, rinne an Coimisiún ceartuithe airgeadais ar mhéid **EUR 631 mhilliún**. Chuir na Ballstáit ceartuithe chun feidhme ar mhéid iomlán **EUR 794 mhilliún**, lena n-áirítear EUR 528 milliún maidir le hearráidí a braitheadh agus a ceartaíodh ar bhonn *ex ante* agus EUR 266 mhilliún maidir leis na hearráidí sin a aisghabháladh *ex post*.

Maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta, lean an riosca tráth na híocaíochta an treocht íslitheach a breathnaíodh le cúpla bliain anuas. Tháinig laghdú céimnitheach ar an riosca tráth na híocaíochta ó 1.8 % in 2018 go 1.4 % in 2021 ar íocaíochtaí díreacha faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, arb ionann iad agus beagnach 70 % de na híocaíochtaí. De bharr rialacha incháilitheachta casta, tá an riosca tráth na híocaíochta os cionn na tairisí ábharthachta maidir le bearta forbartha tuaithe agus margaidh. Ina theannta sin tá laghdú breise tagtha ar an riosca tráth na híocaíochta, go 2.9 % agus 2.1 % faoi seach, a bhúí leis na feabhsuithe leanúnacha ar chórais bainistithe agus rialaithe sna Ballstáit, ina mbíonn ról suntasach freisin ag na Córais Chomhtháite Riaracháin agus Rialaithe, lena n-áirítear an

⁽⁵³⁾ Sa chás nach bhfuil aon deireadh le bearta an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta, i réimse an chaiteachais talmhaíochta cuirtear an méid críochnaitheach a mbaineann riosca leis in ionad an riosca tráth an dúnta.

⁽⁵⁴⁾ Cé go n-áirítear é faoin gceannteideal ‘Acmhainní nádúrtha’, leanann caiteachas an Chiste Eorpaigh Muirí agus lascaigh an sásra soláthair céanna le caiteachas comhtháthaithe.

Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talaimh, maidir leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí agus bearta a bhaineann le hainmhithe.


Baineann riosca íseal bunúsach leis an gcaiteachas a bhaineann le **hiascaigh agus leis an gcomhshaol agus le gníomhú ar son na haeráide** fós. Tá an laghdú atá tagtha ar an riosca tráth na híocaíochta maidir leis na deontais cláir LIFE le cúpla bliain anuas le cur i dtábhacht.

Ag deireadh 2021, bhí **cúig fhorchoimeádas** le haghaidh catagóirí caiteachais nó cláir inar sainaitníodh laigí rialaithe agus/nó rátaí earráide os cionn 2 %.

- Trí fhorchoimeádas le haghaidh na talmhaíochta, maidir le **bearta margaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta** (a dhéanann difear do shé Bhallstát), **íocaíochtaí díreacha** (a dhéanann difear do 14 ghníomhaireacht íocaíochta i seacht mBallstát) agus **bearta an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe** (a dhéanann difear do 26 ghníomhaireacht íocaíochta) i 17 mBallstát a raibh laigí rialaithe (go sealadach) agus/nó rátaí earráide arda) acu.
- Aon fhorchoimeádas nua amháin le haghaidh laigí rialaithe in aon Bhallstát amháin i ndáil leis an **gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh**.
- Aon fhorchoimeádas athfhillteach neamhchainníochtaithe amháin le haghaidh **chlárlann chóras trádála astaíochtaí an Aontais**.

An forchoimeádas le haghaidh laigí rialaithe in aon Bhallstát amháin i ndáil leis an **gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh**, a eisíodh in 2020, baineadh é in 2021 toisc gur réitíodh an tsaincheist fholuiteach.

I ngach cás ina dtagannforchoimeádais as na heasnamh a sainaitníodh, déantar bearta leantacha: nósanna imeachta imréitigh comhréireachta chun buiséad an Aontais a chosaint i ndeireadh na dála, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí feabhais arna nglacadh ag na Ballstáit agus, i gcás inar gá, cur isteach ar íocaíochtaí leis na Ballstáit nó iad a laghdú/a chur ar fionraí. Leis an gcur chuige córasach beacht spriocdhírthe seo, is féidir buiséad an Aontais a chosaint (chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach Imleabhar III, Iarscríbhinn 5).



Ceannteideal 4 – Imirce agus bainistiú teorainneacha

Maidir le ‘**Imirce agus bainistiú teorainneacha**’, tháinig laghdú beag ar **an riosca tráth na híocaíochta (1.9 %)** agus ar **an riosca tráth an dúnta (1.3 %)** i gcomparáid le 2020, atá fós **faoi bhun 2 %**. In 2021, b’ionann na **bearta coisctheacha agus ceartaitheacha** agus **EUR 17 milliún**– EUR 8 milliún i mbearta coisctheacha agus EUR 9 milliún i mbearta ceartaitheacha.


Tá caiteachas ísealriosca i gceist leis an réimse beartais seo. B’ionann ranníocaíochtaí le gníomhaireachtaí díláraithe agus comhaontuithe tarmligin agus 40 % den chaiteachas ábhartha le haghaidh 2021, agus ráta earráide gar do 0.5 % ag baint leo, agus b’ionann bainistíocht chomhpháirteach agus cur chun

feidhme an Chiste Slándála Inmheánaí agus an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus 44 % den chaiteachas ábhartha, agus an riosca tráth na híocaíochta ag 1.12 %. Maidir leis an gcatagóir seo, eisítear forchoimeádas nuair a bhíonn an ráta iarmharach earráide os cionn 2 % ar leibhéal an Bhallstáit nó nuair a shaináithnítear easnaimh thromchúiseacha sna córais bainistithe agus rialaithe.

Ag deireadh 2021, eisíodh **trí fhorchoimeádas**.

- Eisíodh aon fhorchoimeádas amháin maidir leis an mbainistíocht chomhpháirteach sa chlárthréimhse 2014- 2020 maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus leis an gCiste Slándála Inmheánaí, arna chainníochtú le haghaidh aon Bhallstát amháin.
- Eisíodh an dara forchoimeádas maidir le gníomhaíochtaí an Aontais agus deontais cúnamh éigeandála, i gcás inar bhain an ráta earráidí iarmharaí 2.85 % amach. Rinneadh gníomhaíocht bainistithe chun aghaidh a thabhairt ar na laigí sin, agus simplíodh na rialacha cur chun feidhme maidir le bainistíocht dhíreach na ndeontas go mór le himeacht céimneach ó choinníollacha incháilitheachta sonracha ar leibhéal an chláir agus ailíniú ar an leibhéal corparáide.
- Ina theannta sin, d'eisigh an Ard- Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile forchoimeádas ar fhorais clú a bhaineann leis na laigí a sainaithníodh i gcur chun feidhme éifeachtach shainordú nua na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta. Is ar an ngníomhaireacht atá an fhreagracht as na gníomhartha ceartaitheacha go bunúsach. Mar chomhalta den Bhord Bainistíochta, áfach, tá an Coimisiún rannpháirteach, ar bhealach gníomhach, san fhaireachán ar a gcur chun feidhme.

Cuireadh deireadh leis an bhforchoimeádas neamhchainníochtaithe a bhaineann leis na hionstraimí bainistíochta comhpháirteacha faoin gclárthréimhse 2007- 2013 le haghaidh 2021, ós rud é gur tugadh cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha i gcrích maidir le beagnach gach Ballstát faoi fhorchoimeádas (chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach Imleabhar III, larscríbhinn 5).



Ceannteideal 5 – Slándáil agus cosaint


Maidir le ‘**Slándáil agus cosaint**’, tá an **riosca tráth na híocaíochta** agus an **riosca tráth an dúnta, atá ag 0.5 % araon**, an- íseal, agus i bhfad faoi bhun 2 %. Ós rud é go mbaineann riosca an- íseal leis na cineálacha íocaíochtaí le haghaidh na gníomhaíochta seo (íocaíochtaí le gníomhaireachtaí don chuid is mó) níl aon mhéid ann maidir leis na bearta coisctheacha agus ceartaitheacha. Tá sé sin i gcomhréir leis an leibhéal earráide a tuairiscíodh in 2020.

In 2021, bhí formhór na n-eisíocaíochtaí faoin gceannteideal seo comhdhéanta d’íocaíochtaí réamh- mhaoiniúcháin, faoin gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, arbh

ionann iad agus thart ar EUR 200 milliún. Ní áirítear iad sin sa chaiteachas ábhartha toisc gur réamhíocaíochtaí iad atá fós faoi úinéireacht an Choimisiúin. Comhfhreagraíonn an caiteachas ábhartha de EUR 13.8 milliún leis an ranníocaíocht leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus soláthairtí a mbaineann riosca íseal leo tráth na híocaíochta, arbh ionann an riosca sin agus 0.5 %.

Chun a chuspóir a bhaint amach, braitheann an Coimisiún go mór ar eintitis agus ar ghníomhaireachtaí rialála a gcuirtear de chúram orthu, agus ar dhlúthchomhar le comhpháirtithe éagsúla agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Ceannteideal 6 – An chomharsanacht agus an domhan



In 2021, maidir le ‘An Chomharsanacht agus an Domhan’, tá an riosca tráth na híocaíochta (1.1 %) agus an riosca tráth an dúnta (0.9 %) cosúil le 2020, agus tá siad i bhfad faoi bhun 2 %. In 2021, b’ionann bearta coiscitheacha agus ceartaitheacha an Choimisiúin agus EUR 131 mhilliún – EUR 110 milliún i mbearta coiscitheacha agus EUR 21 mhilliún i mbearta ceartaitheacha, atá cosúil freisin le 2020 ag EUR 110 milliún agus EUR 16 mhilliún faoi seach.

Laistigh den réimse beartais seo, cuirtear na cláir chun feidhme beagnach mar an gcéanna faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach. D’ainneoin na timpeallachta casta ina gcuirtear na cláir seo chun feidhme, baineann riosca íseal leis an gcuid is mó de na catagóirí caiteachais, amhail soláthar faoi bhainistíocht dhíreach agus tacaíocht bhuiséadach. Tá sé seo mar gheall ar phróifíl riosca bhunúsaigh na n-oibríochtaí agus feidhmíocht na gcóras rialaithe lena mbaineann.

Lean saincheisteanna a saináithníodh sna blianta roimhe seo de bheith ag déanamh difear do chúpla catagóir, is iad sin easpa doiciméad tacaíochta leordhóthanach, earráidí i ríomh na gcostas a éilíodh, costais neamhbhuiséadaithe a éilíodh agus neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair. Áirítear leis na gníomhaíochtaí a dhéantar chun dul i ngleic leis na laig sin

nósanna imeachta agus coinníollacha conarthacha maidir le deontais a shimpliú agus a shoiléiriú, an úsáid a bhaintear as maoiniú atá bunaithe ar thorthaí a chur chun cinn agus faisnéis faoi earráidí a tharlaíonn go minic a chomhroinnt le geallsealbhóirí rialaithe ábhartha.

Dúshlán sonrath amháin le haghaidh 2021 ab ea seiceálacha breise *ex ante* ar chórais bainistithe agus rialaithe na gcomhpháirtithe a chomhlíonadh⁽⁵⁵⁾ - ar a dtugtar measúnuithe colúin freisin - faoin 31 Nollaig 2021. Ní raibh sé seo amhlaidh i gcónaí. Meastar go dtabharfar na measúnuithe colúin ar na príomh- chomhpháirtithe i gcrích laistigh den chéad leath de 2022, mar go bhfuil formhór mór na dtuarascálacha deiridh faighte agus go bhfuil anailís á ndéanamh orthu faoi láthair chun a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil gá le bearta maoirseachta breise. Cé nach féidir comhaontuithe ranníocaíochta nua a thabhairt i gcrích sula dtabharfar na measúnuithe colúin i gcrích, agus go bhfuil roinnt comhaontuithe comhpháirtíochta i dtaca leis an gcreat airgeadais fós faoi chaibidlíocht, cuireadh bearta maolaitheacha i bhfeidhm chun an tionchar ar chur chun feidhme idirghabhálacha bainistíochta indíreacha a íoslaghdú. Áirítear le bearta den sórt sin méadú substaintiúil ar theagmháil leis na heintitis (gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe don chuid is mó) chun dlús a chur leis an bpróiseas, agus mar thoradh air sin, ó mhí an Mhárta 2022, tá gach measúnú colún le comhpháirtithe móra tugtha i gcrích nó tá dul chun cinn maith déanta ina leith. Ina theannta sin, leagadh amach coinníollacha sonracha (bearta maoirseachta) chun conarthaí a shíniú leis na heintitis sin i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo chun comhlíontacht le rialacha an Choimisiúin a áirithiú. Leanadh cur chun feidhme conarthaí leanúnacha mar ba ghnách, agus bhí leasuithe fós indéanta.


I ndiaidh na n-iarrachtaí suntasacha a rinneadh in 2021 agus i gcaitheamh blianta roimhe seo chun dul i ngleic leis na cúiseanna le hearráidí, chuir an Ard- Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta

⁽⁵⁵⁾ Ceanglaítear é seo le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, an rialachán airgeadais.

agus Caibidlíocht maidir le Méadú deireadh lena forchoimeádas maidir le deontais faoi bhainistíocht dhíreach ag deireadh 2021. Leanann na hiarrachtaí sin de thionchar dearfach a bheith acu in 2022. Go háirithe, chuir an Ard- Stiúrtóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú feabhas ar anailís agus ar fheasacht mhéadaithe ar na cineálacha earráidí. Ullmhaíodh treoirleabhar ar bhearta breise chun earráidí ar dheontais a laghdú, le moltaí amhail doiciméid tacaíochta a iarraidh ar bhonn samplála le linn thréimhse cur chun feidhme na gconarthaí deontais nó rialuithe treisithe a dhéanamh (e.g. faireachán méadaithe agus/nó seiceálacha ar an láthair) ar ghníomhaíochtaí/chonarthaí nó ar thairbhíthe. Seoladh anailís mhionsonraithe ar na cineálacha earráidí chuig gach oifigeach údarúcháin trí fho- tharmligean ar iarradh orthu faireachán a dhéanamh ar na rialuithe ar chur chun feidhme deontas agus iad a fheabhsú. Áiríodh le gníomhaíochtaí feabhais eile seisiúin faisnéise le deontaithe (nua) chun a n-oibleagáidí conarthacha a mhíniú agus chun faisnéis shoiléir a sholáthar faoi na foinsí earráidí is minice i mbainistiú deontais.

Choinnigh an Ard- Stiúrtóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú a forchoimeádas maidir le tionscadail sa Libia agus sa tSiria ar bun. Sna tíortha sin, ní féidir leis na toscaireachtaí gníomhaíochtaí caighdeánacha faireacháin agus meastóireachta a chur chun feidhme mar gheall ar a dhodhéanta atá sé foireann a sheoladh chun cuairteanna tionscadail ar an láthair nó fíoruithe eile comhchosúla a dhéanamh mar gheall ar shrianta slándála agus polaitiúla. Cuireadh roinnt beart i bhfeidhm, amhail faireachán leictreonach ó chian, conarthaí le saineolaithe neamhspleácha chun faireachán a dhéanamh ar thionscadail sa réimse, athbhreithniú rioscabhunaithe ar an bpunann conarthaí agus cros- seiceáil faisnéise ó fhoinsí éagsúla. Tá feabhas tagtha ar an tuiscint ar dhinimic áitiúla mar gheall air seo agus leis sin, bhíodhas in ann freagairt níos tapúla agus níos fearr a dhéanamh chun dul i ngleic le timpeallacht an- éagobhsaí agus corrach. Tá an dá thír ina limistéir coimhlinte ghníomhacha fós, áfach, agus tá na príomheilimintí a thugann údar maith leis an bhforchoimeádas fós bailí.

Ceannteideal 7 – Riarachán poiblí Eorpach



Ar deireadh, leis an gceanteideal '**An Riarachán Poiblí Eorpach**', cuirtear na seirbhísí agus na ranna a dhéanann bainistiú ar chaiteachas riaracháin an Choimisiúin le chéile faoin modh bainistíochta dírí, amhail an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla, arb ionann í agus níos mó ná 80 % den chaiteachas ábhartha faoin gceanteideal seo. Socraítear an **riosca tráth na híocaíochta** go stuama ag **0.5 %** le aghaidh an chineáil caiteachais seo a mbaineann riosca íseal leis. Ós rud é go mbaineann an chuid is mó de na córais rialaithe chomhfhreagracha le rialuithe *ex ante*, is minic a shocraítear na ceartúcháin mheasta a bheidh le déanamh amach anseo ag 0.0 % coimeádach. Dá réir sin, bíonn an **riosca tráth an dúnta** cothrom leis an riosca tráth na híocaíochta, agus bíonn sé fós an- íseal, ag **0.5 %**. In 2021, b'ionann bearta coisctheacha an Choimisiúin **agus EUR 4 mhilliún**, méid a bhí beagán ní b'ísle ná an méid in 2020 (EUR 6 mhilliún).

Ó thaobh an **ioncain**, tar éis acmhainní dílse traidisiúnta a chailleadh mar gheall ar allmhairí teicstíil agus coisbhirt faoi bhun luacha ón tSín isteach sa Ríocht Aontaithe - ar tháinig forchoimeádas as - tá an próiseas cainníochtaithe ar mhíchruinneas shuimeanna na n-acmhainní dílse traidisiúnta a aistrítear go buiséad an Aontais fós ar siúl.

Thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a breithiúnas an 8 Márta 2022, lenar deimhníodh seasamh an Choimisiúin. Cé gur thacaigh an Chúirt leis an gcur chuige staidrimh a d'fhorbair an Coimisiún chun na cailleanais a chainníochtú, d'iarr sí athbhreithniú ar an méid iarbhir a éilíodh. Dá bhrí sin coimeádtar an forchoimeádas cainníochtaithe comhfhreagrach le haghaidh tréimhse 2011- 2017. Deimhníodh le cigireachtaí breise i ngach Ballstát cásanna breise de chalois ghearrluachála maidir le méideanna nach féidir a chainníochtú go fóill ach a mheasfar le linn 2022.

2.2. Bearta éifeachtúlachta arna gcur i bhfeidhm

Tá an Coimisiún ag déanamh a dhícheall go leanúnach feabhas a chur ar éifeachtúlacht a oibríochtaí chun a chuspóirí a bhaint amach faoi shrianta buiséadacha dochta. Tá próisis á gcuíchoiriú chun a áirithiú go mbainfean an úsáid is éifeachtaí as acmhainní teoranta.

Le paindéim COVID- 19, cuireadh dlús le **claochlú digiteach** an Choimisiúin agus le cur chun feidhme sreabhfaí oibre gan pháipéar, rud a chuireann le gnóthachain éifeachtúlachta.

I gcomhréir le straitéis dhigiteach an Aontais, tá an Coimisiún Eorpach ag bogadh i dtreo riarachán gan pháipéar

Ar fud riarachán poiblí nua- aimseartha, tá úsáid sínithe leictreonacha ag éirí ina gnáthrud. Sa chomhthéacs seo, tá **sínithe leictreonacha cáilithe á n-úsáid go forleathan ar fud an Choimisiúin Eorpaigh**, mar go meastar gur réiteach an- éifeachtach iad a chuireann ar chumas úsáideoirí doiciméid a shíniú go leictreonach go héasca agus go slán. Comhlíonann sínithe leictreonacha cáilithe na ceanglais dhlíthiúla is airde, mar a shainmhínítear sa rialachán maidir le ríomh- shainaitheantas, fíordheimhniú agus seirbhísí iontaoibhe, chun tionscnamh agus sláine an doiciméid a áirithiú.


Faoi dheireadh 2021, bhí sínithe leictreonacha cáilithe faighte ag níos mó ná 2 500 úsáideoir trí EU Sign a úsáid chun doiciméid a shíniú go digiteach. Ó dheireadh 2020, tá próisis chlárúcháin dhigitithe, chuíchoirithe á gcur ar fáil ag an tseirbhís ionas gur féidir le húsáideoirí am a shábháil agus taithí úsáideoira níos feara a bheith acu. Ina theannta sin, tá feidhmiú céimneach sínithe den sórt sin ar siúl agus tá sé ag éirí níos forleithne i dtoscaireachtaí an Aontais.

Is foinse gnóthachan éifeachtúlachta eile é **frithpháirtiú próiseas**. I measc na dtionscnamh breise a glacadh in 2021 ar an gcuma sin, bhí leathnú a sheirbhísí státchiste ag an gCoimisiún chuig seacht gníomhaireacht eile agus cruthú na comhstíúrthóireachta iniúchóireachta nua le haghaidh comhtháthaithe lena gcuimsítear gach gníomhaíocht iniúchóireachta le haghaidh caiteachas comhtháthaithe.

In 2021, lean an Coimisiún freisin de bheith ag forbairt uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha níos éifeachtaí.

- Le seoladh oifigiúil **Microsoft 365**, rannchuidítear go mór le héifeachtúlacht an Choimisiúin trí shraith nua réiteach comhoibríthe comhtháite corparáideach a sholáthar, lena gcuirfean feabhas ar chomhar inmheánach, ar tháirgiúlacht aonair agus ar dhiseanna cumarsáide inmheánacha agus seachtracha níos leithne.

- Cuireadh an t-ardán nua teicneolaíochta faisnéise airgeadais corparáidí, **SUMMA**, in ionad an chórais ABAC de réir a chéile. Is é aidhm thionscadal SUMMA rannchuidiú le nuachóiriú agus digitiú riarachán an Aontais. Leis sin, déanfar próisis státchiste, airgeadais agus chuntasaíochta an Choimisiúin agus de 55 institiúid agus eintiteas eile an Aontais a chaighdeánú agus a shimpliú, agus éascófar an próiseas cinnteoireachta trí bhíthin tuairisciú comhtháite agus acmhainneachtaí feabhsaithe anailíse. Bhog trí ghníomhaireacht phiólótacha go SUMMA ag deireadh 2021, de réir an sceidil.
- Rinne an Coimisiún dul chun cinn maith freisin maidir le cláir chistiúcháin nua a aistriú go **ríomh- Dheontais**. As na 39 gclár cistiúcháin Aontais a rabhthas ag súil go mbeadh an córas nua in úsáid acu le haghaidh na tréimhse 2021- 2027, aistríodh 33 chinn de na cláir sin ina n-iomláine faoi dheireadh 2021.



In 2021, rinneadh 98 % de na híocaíochtaí (i dtéarmaí méideanna) laistigh den spriocdháta le haghaidh íocaíocht dhlíthiúil (féach an graf), d’ainneoin go ndearnadh dochar mór fós don timpeallacht oibre le paindéim COVID- 19, agus a bhuí leis na tionscnaimh thuasluaite. Tá ríthábhacht leis seo, mar go mbraitheann roinnt tairbhíthe ar na híocaíochtaí sin chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun a dtionscadail a chur i gcrích,

agus rannchuidíonn siad le cuspóirí an Choimisiúin.

2.3. Tá costas na rialuithe i gcomhréir leis na rioscaí

In 2021, tar éis an mheasúnaithe chomhcheangailte a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht agus ar an ngeilleagar, mheas gach roinn sa Choimisiún, ar an iomlán, go raibh a **rialuithe cost- éifeachtach**.

Déantar na hacmhainní a leithdháiltear ar **rialuithe a ailíniú leis na rioscaí** a bhaineann le cineál na gclár agus/nó leis an gcomhthéacs ina gcuirtear chun feidhme iad. Tá **costas na rialuithe fós cobhsaí go ginearálta le himeacht aimsire**. Thuairiscigh roinnt ranna méadú beag i dtéarmaí coibhneasta, áfach, méadú nár tháinig as costais rialaithe níos airde per se, ach as líon laghdaithe íocaíochtaí in 2021. Is féidir é sin a mhíniú le géarchéim COVID- 19 a bheith ann fós agus/nó le moilleanna le cláir nua a ghlacadh. Le héagsúlacht na gclár caiteachais agus a ngnéithe éagsúla, ní féidir comparáid bhríoch a dhéanamh ar a gcostais rialaithe. Mar sin féin, is féidir roinnt spreagthaí costais coitinne a shainiú, mar a léirítear sa bhosca thíos.

Samplaí de spreagthaí costais coitinne

- **Castacht intreach na gclár a ndéantar bainistíocht orthu.** Tuigtear le deontais atá bunaithe ar aisíoc na bhfíorchostas rialuithe a dteastaíonn go leor oibre ina leith seachas maoiniú atá bunaithe ar chnapshuimeanna nó ar roghanna costais simplithe.
- **Castacht na timpeallachta ina gcuirtear na cláir chun feidhme.** Is dócha go mbeidh costas na rialuithe níos airde i gcás struchtúir eagrúcháin ilsuimh nó nuair a bheidh comhpháirtithe agus/nó tairbhíthe lonnaithe lasmuigh de dhlíne an Aontais.
- **Na méideanna atá le próiseáil.** Le líon ard íocaíochtaí ar luach íseal, ginfear costais rialaithe níos airde ná íocaíochtaí maise athfhillteacha, agus ceanglaítear leis an gcreat rialála rialuithe áirithe do- chomhbhrúite. Tagann díbharainneachtaí scála as sin.

- **An cineál bainistíochta.** Faoi bhainistíocht indíreach agus chomhpháirteach, comhroinntear costas na rialuithe idir an Coimisiún agus a chomhpháirtithe cur chun feidhme, agus is ar an gCoimisiún atá an t-ualach iomlán le haghaidh bainistíocht dhíreach.

Ar mhaithe le trédhearcacht agus iomláine, ina dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí, tuairiscíodh na ranna sin a bhíonn ag plé le bainistíocht chomhpháirteach agus/nó bainistíocht indíreach ar chostas rialuithe sna Ballstáit agus ar eintitis a gcuirfear cúram orthu ar leithligh ó chostas rialuithe dílis an Choimisiúin.

3. Dearbhú bainistíochta

3.1. Measúnuithe, dearbhú agus forchoimeádais arna ndearbhú ag na hoifigigh údarúcháin

Ina ráitis dearbhaithe in 2021 ⁽⁵⁶⁾, **dhearbhaigh na 51 oifigeach údarúcháin trí tharmligean** ⁽⁵⁷⁾ **go raibh dearbhú réasúnach acu** go léirítear (1) 'léargas cothrom agus fíor' leis an bhfaisnéis atá ina dtuarascálacha (i.e. iontaofa, iomlán agus ceart) ar staid a ranna; (2) gur úsáideadh na hacmhainní a sannadh dá ngníomhaíochtaí chun na críche ar ceapadh dóibh agus i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais; agus (3) go dtugann na nósanna imeachta rialaithe a cuireadh ar bun na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun- idirbheart, agus cineál ilbhliantúil roinnt clár agus cineál na n-íocaíochtaí lena mbaineann á gcur san áireamh.

Laistigh de chomhthéacs a bpróiseas foriomlána um fhorbairt dearbhaithe agus bunaithe ar a ndearcthaí bainistíochta, déanann na hoifigigh údarúcháin anailís níos mionsonraithe freisin ar gach clár nó catagóir dá bpunann. Úsáideann siad an fhaisnéis uile atá ar fáil, go háirithe torthaí a rialuithe, chun aon laige shuntasach fhéideartha i dtéarmaí cainníochtúla nó cáilíochtúla a thabhairt faoi deara. Ag deireadh gach bliana airgeadais, cinneann siad cibé acu a bheidh nó nach mbeidh tionchar airgeadais laige den sórt sin os cionn na tairsí ábharthachta de 2 % agus/nó cibé acu atá nó nach bhfuil an tionchar clú suntasach. Más amhlaidh, **cáilíonn siad a ndearbhú urrúis le forchoimeádas** maidir leis an gcatagóir punainne sonracha dá déantar difear.

Le haghaidh 2021, d'eisigh 10 n-oifigeach údarúcháin dearbhú cáilithe, a raibh 16 fhorchoimeádas san iomlán mar thoradh air (tá sé sin beagán níos lú ná mar a bhí in 2020, nuair a thuiriscigh 11 roinn 19 bhforchoimeádas) mar a leanas.

- Coinníodh 13 fhorchoimeádas ar bun san iomlán ó bhlianta roimhe seo, baineann 12 de na forchoimeádais sin leis na cláir chaiteachais, agus baineann an forchoimeádas eile leis an taobh ioncaim de bhuiséad an Aontais. Coimeádtar na forchoimeádais sin go príomha mar gur féidir na bunchúiseanna leis an leibhéal ábhartha earráide a mhaolú go páirteach ach ní féidir iad a dhíothú go hiomlán faoi chreataí dlíthiúla na gclár reatha.
- Tá trí fhorchoimeádas nua in 2021. Tarlaíonn siad mar gheall ar leibhéal ábhartha earráide, nó laigí tromchúiseacha a aimsíodh i gcórais rialaithe na gcomhpháirtithe cur chun feidhme (Ballstáit nó gníomhaireachtaí).
- In 2021, cuireadh deireadh le ceithre fhorchoimeádas a bhí ann in 2020 mar gur réitíodh na buncheisteanna.
- Cuireadh deireadh le sé fhorchoimeádas déag (dhá fhorchoimeádas) nó níor eisíodh iad de bhua na rialach *de minimis* (14), nach meastar forchoimeádais a bheith bríoch ina leath nuair a bhíonn caiteachas teoranta i gceist (faoi bhun 5 % d'íocaíochtaí na hard- stiúthóireachta nó seirbhíse) agus tá an tionchar airgeadais íseal mar gheall air sin (níos lú ná EUR 5 mhilliún). Tá tionchar airgeadais iomlán na gcásanna seo, EUR 4.8 mhilliún, an- teoranta.

⁽⁵⁶⁾ [Tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí.](#)

⁽⁵⁷⁾ Leis an téarma 'oifigeach údarúcháin trí tharmligean', cumhdaítear ardstiúthóirí ranna an Choimisiúin agus ceannairí gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, oifigí, seirbhísí agus tascfhórsaí.

Is ionann tionchar airgeadais iomlán na bhforchoimeádas uile agus EUR 987 milliún le haghaidh 2021, i.e. 19 % níos ísle ná EUR 1 219 milliún in 2020. Baineann an laghdú seo leis an laghdú ar na rátaí earráide a aimsíodh sa talmhaíocht. Maidir le gach forchoimeádas, cuirtear bearta maolaitheacha i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na laigí forluiteacha agus chun na rioscaí a dtagann astu sin a mhaolú (chun mionsonraí a fháil, féach Roinn 2.2.2).

Le hIarscríbhinn 5 in Imleabhar III, soláthraítear liosta iomlán de na forchoimeádas le haghaidh 2021, in éineacht le mínithe agus mionsonraí breise.

3.2. Obair na Seirbhíse um Iniúcháireacht Inmheánach agus tuairim fhoriomlán

Déanann ard- stiúrthóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin a ndearbhú a bhunú freisin ar an obair a dhéanann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach. Déanann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach iniúchadh ar na córais bainistithe agus rialaithe laistigh den Choimisiún agus de na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, ag soláthar dearbhú neamhspleách agus oibiachtúil ar a leordhóthanacht agus a n-éifeachtacht. Mar a cheanglaítear lena cairt mhisin ⁽⁵⁸⁾, d'eisigh an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach tuairim fhoriomlán bhliantúil maidir le bainistíocht airgeadais an Choimisiúin, bunaithe ar an obair iniúcháireachta a rinne sé i réimse na bainistíochta airgeadais sa Choimisiún, lena gcumhdaítear na 3 bliana roimhe seo (2019- 2021). Leis an tuairim fhoriomlán, cuirtear faisnéis ó fhoinsí eile san áireamh freisin, is iad sin na tuarascálacha ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa.

Bunaithe ar an bhfaisnéis iniúcháireachta sin, **mheas an t-iniúcháir inmheánach go raibh nósanna imeachta rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh curtha ar bun ag an gCoimisiún in 2021 atá leormhaith, ina n-iomláine, chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le baint amach a chuspóirí airgeadais.** Tá an tuairim fhoriomlán cáilithe, áfach, a mhéid a bhaineann leis na forchoimeádas arna ndéanamh ag na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean ina ndearbhúcháin dearbhaithe, arna n-eisiúint ina dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí faoi seach. A mhéid a bhaineann leis an tuairim fhoriomlán, rinne an t-iniúcháir inmheánach an tionchar comhcheangailte a bhí ag na méideanna uile ar measadh iad a bheith faoi riosca tráth na híocaíochta a mheas freisin toisc go bhfuil na méideanna sin níos airde ná na méideanna a cuireadh faoi fhorchoimeádas. Measann an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach, mar gheall ar na heilimintí sin, go bhfuil buiséad an Aontais Eorpaigh cosanta go hoiriúnach ó thaobh iomláin agus ama de.

Gan an tuairim a cháiliú a thuilleadh, chuir an t-iniúcháir inmheánach trí 'bhéim ar ábhar' léi, a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an tuarascáil seo, maidir leis an méid seo a leanas:

- cur chun feidhme bhuiséad an Aontais i gcomhthéacs na géarchéime a bhaineann le paidéim COVID- 19;
- straitéisí maoirseachta a bhaineann le cur chun feidhme beartas agus clár ag tríú páirtithe;
- tuairisciú ar acmhainneacht cheartaitheach na gcóras rialaithe ilbhliantúil.

⁽⁵⁸⁾ Teachtaireacht chuig an gCoimisiún - Cairt Mhisin na Seirbhíse um Iniúcháireacht Inmheánach den Choimisiún Eorpach, C(2020) 1760).

D'fhonn rannchuidiú le cultúr an Choimisiúin atá bunaithe ar fheidhmíocht agus díriú níos mó ar luach airgid, rinne an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach iniúchtaí feidhmíochta in 2021 mar chuid dá plean straitéiseach iniúcháireachta. Na moltaí uile a thagann as sin, seachas ceann amháin de na moltaí sin, ⁽⁵⁹⁾ a ghlac na hiniúcháirí leo, baineann siad leis an ullmhacht chun creat airgeadais ilbhliantúil 2021- 2027 a chur chun feidhme, straitéisí maoirseachta chun cláir a chur chun feidhme ag tríú páirtithe, córais rialaithe inmheánaigh i ndáil le dlíthiúlacht agus rialtacht agus comhlíonadh, cur chun feidhme dhlí an Aontais agus slándáil teicneolaíochta faisnéise. I gcás gach moladh, dhréachtaigh na hiniúcháirí pleananna gníomhaíochta, a cuireadh faoi bhráid na Seirbhíse um Iniúcháireacht Inmheánach agus measadh iad a bheith sásúil. Ar deireadh, lean an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach a beartas dian um bearta leantacha agus rinne sí measúnú ar chur chun feidhme iarbhair a moltaí ag ranna an Choimisiúin ar bhonn tráthrialta. Leis an obair iniúchta, deimhníodh gur chuir na hiniúcháirí 94 % de na moltaí a eisíodh idir 2017 agus 2021 i bhfeidhm go cuí agus go héifeachtach agus go ndearna an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh bearta leantacha. Leis an toradh, léirítear go bhfuil seirbhísí an Choimisiúin dícheallach ó thaobh na moltaí a chur chun feidhme agus na rioscaí a mhaolú arna sainathint ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach. In Iarscríbhinn 6 tá tuilleadh faisnéise maidir leis an dearbhú arna sholáthar ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach. Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún tuarascáil ar obair an iniúcháir inmheánaigh ar aghaidh chuig an údarás urscaoilte i gcomhréir le hAirteagal 118(8) den rialachán airgeadais, mar chuid den phacáiste comhtháite tuairiscithe airgeadais agus cuntasachta.

3.3. Dearbhú a fhaightear trí obair an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúcháireachta

Déanann an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúcháireachta formhaoirseacht ar chúrsaí iniúchta laistigh den Choimisiún agus tuairiscíonn sé go bliantúil do Choláiste na gCoimisinéirí. Áirithíonn sé neamhspleáchas na Seirbhíse um Iniúcháireacht Inmheánach, déanann sé faireachán ar cháilíocht na hoibre iniúcháireachta inmheánaí agus áirithíonn sé go gcuireann ard- stiúrtóireachtaí agus seirbhísí an Choimisiúin moltaí iniúchta inmheánaí agus seachtraí (i.e. ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa) san áireamh i gceart agus go ndéantar bearta leantacha cuí orthu.

Le linn bhliain tuairiscithe 2021, ina raibh paidéim COVID- 19 fós ar siúl, agus tar éis ionradh na Rúise gan údar agus gan chúis ag tús na bliana 2022, **lean an coiste de ról tábhachtach a bheith aige maidir le feabhas a chur ar rialachas, ar bhainistíocht feidhmíochta agus ar chuntasacht ar fud na heagraíochta ina hiomláine.** Reáchtáil sé ceithre bhabhta de chruinnithe, ag díriú ar na príomhchuspóirí a leagtar amach i gclár oibre 2021 agus 2022. Lean sé freisin de bheith ag déanamh faireachán ar staid COVID- 19 maidir lena réimsí freagrachta, chun tuilleadh athdhearbhaithe a fháil maidir le maolú éifeachtach agus cumhdach iniúchta iomchuí ar rioscaí arda a bhaineann le bearta freagartha agus aisghabhála COVID- 19.

Rinne an coiste bearta leantacha ar iarraidh ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa chun a bheith rannpháirteach ar bhealach níos córasaí lena hobair. D'iarr sí ar Stiúrthóir Uachtaránacht na Cúirte Iniúcháirí ar dhá cheann de chruinnithe a ghrúpa ullmhúcháin straitéis ilbhliantúil agus cláir oibre bhliantúla an iniúcháir sheachtraigh le haghaidh 2021 agus 2022 a chur i láthair. Reáchtáil an coiste plé téamach pleanáilte ar shlándáil teicneolaíochta faisnéise, a tharla go gairid tar éis thús chogadh ionsaithe na Rúise san Úcráin agus a bhí tráthúil go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe ar líon na gcibearbhagairtí lena raibh coinne.

⁽⁵⁹⁾ Dhiúltaigh an t-iniúcháir moladh tábhachtach amháin. Ghlac an bhainistíocht leis an riosca iarmharach agus chuir sí cuid den mholadh i bhfeidhm agus ní raibh gá tuilleadh idirphlé a dhéanamh ar leibhéal ghrúpa ullmhúcháin an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúcháireachta.

Bhí an coiste sásta le neamhspleáchas agus le cáilíocht na hoibre iniúcháireachta inmheánaí. Chuir sé fáilte roimh thoradh dearfach an mheasúnaithe cháilíochta sheachtraigh ar an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach le haghaidh 2017- 2021, ar toisc thábhachtach é a bhaineann le dearbhú faoi cháilíocht obair na hiniúcháireachta inmheánaí. Bhí an coiste sásta freisin go gcumhdaítear le planáil an iniúchára inmheánaigh an réimse iniúcháireachta go leordhóthanach agus go leanann sé de bheith ag cumhdach na bpríomhréimsí riosca. Tá an ráta cur chun feidhme éifeachtach a bhaineann le moltaí an iniúchára inmheánaigh an- ard (i.e. ag cumhdach 94 % de na moltaí a eisíodh agus rinneadh bearta leantacha orthu le linn na tréimhse 2017- 2021), agus ní raibh ach ocht gcinn de na moltaí iniúchta an- tábhachtach níos mó ná 6 mhí thar téarma i mí Eanáir 2022. Lean an coiste freisin de bheith ag déanamh faireachán ar an dul chun cinn maidir le moltaí na Cúirte Iniúcháirí a chur chun feidhme, agus bhí sé sásta nuair a thug an Chúirt tuairim shoiléir an 14ú huair as a chéile, ar iontaofacht chuntais chomhdhlúite an Aontais.

Áirítear le hIarscríbhinn 8 in Imleabhar III tuilleadh faisnéise ar obair agus conclúidí an choiste.

3.4. Tuairimí ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa ar chuntais 2020 agus ar dhlíthiúlacht agus rialacht na n-idirbheart

Uair arís eile, **tugadh tuairim shoiléir ar chuntais an Aontais sa Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa le haghaidh na bliana airgeadais 2020, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021, an 14ú bliain as a chéile.**

Cé go leanann **ioncam** freisin de bheith **saor ó earráid ábhartha**, choimeád an Chúirt Iniúcháirí **tuairim chodarsnach maidir le dlíthiúlacht agus rialacht chaiteachas 2020**. D'fhan an **leibhéal earráide foriomlán** le haghaidh bhuiséad an Aontais (**2.7 %**) arna mheas ag an gCúirt ag an leibhéal céanna le caiteachas 2019, atá inchomparáide leis na blianta 2017 agus 2018 (2.4 % agus 2.6 % faoi seach) agus i bhfad níos ísle ná mar a bhí in 2016 agus roimhe sin.

Mínítear tuairim chodarsnach na Cúirte go príomha leis an sciar den chaiteachas a mheasann sí riosca ard a bheith ag baint leis. Le caiteachas a mbaineann riosca ard leis, a bhíonn faoi réir rialacha casta go minic agus atá bunaithe go príomha ar aisíocaíocht costas, cumhdaítear go háirithe comhtháthú, caiteachas taighde, forbairt tuaithe, bearta margaidh faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus roinnt codanna de ghníomhaíochtaí seachtracha. B'ionann an caiteachas a mbaineann riosca ard leis agus 59 % den daonra ar a ndearnadh iniúcháireacht le haghaidh 2020, rud atá loighciúil leis an luasghéarú ar íocaíochtaí comhtháthaithe ag an gcéim seo de thimthriall chreat airgeadais ilbhliantúil 2014- 2020.

A mhéid a bhaineann leis an dá réimse is mó de chaiteachas an Aontais, d'fhan leibhéal measta earráide na Cúirte gar don leibhéal ábharthachta i gcás acmhainní nádúrtha ⁽⁶⁰⁾, arb ionann é agus 40.8 % den daonra a ndearnadh iniúchadh air. I gcás an bheartais chomhtháthaithe, arb ionann é agus 32.8 % den daonra ar a ndearnadh iniúcháireacht, tháinig laghdú ar leibhéal earráide measta na Cúirte ó 4.4 % in 2019 go 3.5 % le haghaidh 2020. D'fhan caiteachas riaracháin saor ó earráid ábhartha.

⁽⁶⁰⁾ 2 % le haghaidh 2020, i gcomparáid le 1.9 % le haghaidh 2019.

Déanann an Coimisiún bearta leantacha ar mholtaí na Cúirte, a eascraíonn as na tuarascálacha bliantúla agus as tuarascálacha speisialta. Tuairiscíonn sé ar na bearta a rinneadh sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí. Thairis sin, tuairiscíonn sé ar bhonn tráthrialta ar chur chun feidhme mholtaí na Cúirte chuig an gCoiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta den Choimisiún. Déanann an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta gníomhaíochtaí faireacháin áirithe maidir leis sin faoina shainordú nuashonraithe ⁽⁶¹⁾.

Déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa faireachán freisin ar **chur chun feidhme a moltaí ag an gCoimisiún** agus cuireann sí aiseolas ar fáil, ag cuidiú leis an gCoimisiún a ghníomhaíochtaí leantacha a fheabhsú. Sa *Tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar fheidhmíocht Bhuiséad an Aontais - Stádas ag deireadh 2020*, rinne an Chúirt athbhreithniú ar a mhéid a dhírigh an Coimisiún ar chur chun feidhme 149 moladh iniúchta a díriodh air in 18 dtuarascáil speisialta arna bhfoilsíú in 2016. Thug an Chúirt dá aire gur chuir an Coimisiún gar do 80 % de na moltaí chun feidhme ina n-iomláine (67 %) nó don chuid is mó (12 %), agus 9 % eile ar bhealaí áirithe. As na 16 mholadh a mheas an Chúirt nár cuireadh chun feidhme iad, níor ghlac an Coimisiún le 11 cheann de na moltaí sin i dtosach. Tá na torthaí sin i gcomhréir le blianta roimhe seo.

3.5. Urscaoileadh an bhuiséid le haghaidh 2020

Thug Parlaimint na hEorpa **urscaoileadh don Choimisiún** le haghaidh na bliana airgeadais 2020 le tromlach soiléir an 4 Bealtaine 2022, tar éis scrúdú a dhéanamh ar thuarascálacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar phacáiste tuairiscithe airgeadais agus cuntasachta comhtháite an Choimisiúin agus ar mholadh urscaoilte na Comhairle. D'iarr an Coiste um Rialú Buiséadach de Pharlaimint na hEorpa freisin ar choimisinéirí agus ard- stiúrthóirí roghnaithe malartuithe tuairimí a thabhairt le linn an nós imeachta um urscaoileadh. Le linn an nós imeachta, dhírigh na príomhpháirtithe leasmhara - Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa - ar conas feabhas a chur ar thorthaí buiséad an Aontais agus conas an leibhéal earráide a laghdú tuilleadh. Luaigh an dFospóireacht freisin saincheistanna amhail an smacht reachta agus cearta bunúsacha, cur chun feidhme níos rianúla agus ionsú chistí an Aontais, faisnéis faoi thairbhíthe chistí an Aontais, lena n-áirítear trí úsáid níos mó a bhaint as córais faisnéise idir- inoibritheacha, agus acmhainní dílse traidisiúnta. I mbliana, bhí spéis ag an údarás um urscaoileadh go háirithe athdhearbhú a lorg go leanfadh buiséad an Aontais de bheith faoi chosaint mhaith le linn na paidéime. Mar is gnách, tá beart cuí á dhéanamh ag an gCoimisiún **chun na moltaí seo a chur chun feidhme** agus na bearta leantacha a thuairisciú i dtuarascáil thiomnaithe.

⁽⁶¹⁾ Teachtaireacht chuig an gCoimisiún ó Choimisinéir Reynders i gcomhaontú leis an Uachtarán - Cairt Mhisin an Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta, An Choimisiúin Eorpach a nuashonrú ([C\(2020\) 1165](#)).

4. Tuilleadh forbairtí: ionchas 2022 agus ina dhiaidh sin

4.1. Uirlisí breise chun buiséad an Aontais a chosaint

4.1.1. Athbhreithniú ar an rialachán airgeadais

Tar éis athbhreithniú mór in 2018, mhol an Coimisiún leasú spriocdhírthe ar an rialachán airgeadais ⁽⁶²⁾. Ós rud é go bhfuil am ag teastáil chun go mbeidh éifeacht iomlán ag na hathruithe a rinneadh mar thoradh ar athbhreithniú 2018, leis an moladh seo, díreofar leis an athbhreithniú seo ar ailíniú leis an mbuiséad fadtéarmach nua, feabhsuithe áirithe i dtaca le bainistiú géarchéime i ndiaidh ceachtanna a foghlaimíodh le linn ghéarchéim COVID- 19 agus cosaint fheabhsaithe de leasanna airgeadais an Aontais.

4.1.2. Úsáid na huirlise mianadóireachta sonraí agus scórála riosca aonair

Faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil nua, in éineacht leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, gheall an Coimisiún go gcuirfí aon uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca aonair ar fáil do na Ballstáit chun feabhas a chur ar a gcórais bainistithe agus rialaithe, d'fhonn iarratas ginearálaithe a bheith ag na Ballstáit. Tá an uirlis a cuireadh ar fáil do na Ballstáit faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil roimhe seo (Arachne) á oiriúnú ag an gCoimisiún chun tréimhse nua an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na ceanglais ghaolmhara, in éineacht leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a chur san áireamh. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun a áirithiú go n-úsáidfeadh go héifeachtach é. Áirítear leis sin cuir i láthair a thabhairt, seisiúin oiliúna agus ceardlanna agus tacaíocht theicniúil agus comhairle a sholáthar d'údarais leasmhara, lena n-áirítear conas an uirlis scórála riosca a chomhtháthú ina bpróisis laethúla. San athbhreithniú leanúnach ar an rialachán airgeadais, mhol an Coimisiún úsáid na huirlise mianadóireachta sonraí agus scórála riosca aonair seo a neartú.


4.1.3. An rialachán coinníollachta a chur chun feidhme

An 16 Feabhra 2022, sheas an Chúirt Bhreithiúnais le bailíocht Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta um chosaint bhuiséad an Aontais, a ndeachaigh dhá Bhallstát, an Ungáir agus an Pholainn, ina choinne.

I mí an Mhárta 2022, ghlac an Coimisiún treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an rialacháin. I ndiaidh na hoibre a rinneadh le linn 2021, i mí Aibreáin sheol an Coimisiún an chéad fhógra chuig an Ungáir faoin

⁽⁶²⁾ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) COM(2022)223.

gcóras ginearálta coinníollachta. Leis sin, spreagadh nós imeachta as a bhféadfadh forchur beart in aghaidh Ballstáit a eascairt mar gheall ar sháruithe phrionsabail an smachta reachta lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach díreach leordhóthanach nó a mbaineann riosca tromchúiseach leo. Déanann an Coimisiún faireachán leanúnach ar an staid ar fud na mBallstát. Cuirfidh sé tús leis an nós imeachta faoin rialachán coinníollachta má chomhlíontar na coinníollacha.



Iarscríbhinn 3 – An
tSaoráid Téarnaimh
agus Athléimneachta:
ionstraim nua atá
bunaithe ar
fheidhmíocht lena
bhfóntar do théarnamh
an Aontais

Ionstraim nuálach atá bunaithe ar fheidhmíocht chun cuidiú le teacht amach níos láidre ó ghéarchéim COVID- 19

Is ionstraim nua atá bunaithe ar fheidhmíocht í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lena bhfóntar do théarnamh an Aontais. Ceaptar an tsaoráid chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID- 19 a mhaolú agus geilleagair agus sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullamh maidir le dúshláin agus deiseanna an aistriú ghlais agus an aistriú dhigitigh. Arna mholadh ag an gCoimisiún i mí na Bealtaine 2020, agus i bhfeidhm ó bhí tús 2021 ann ⁽⁶³⁾, cuirtear EUR 723.8 mbilliún (i bpraghsanna reatha) - EUR 385.8 billiún in iasachtaí agus EUR 338 mbilliún i ndeontais ar fáil leis – chun na críche sin. Tacaíonn sí leis na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí uaimhianacha a chur chun feidhme atá i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a shaináithnítear i moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi chreat an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch agus shóisialta.

Is ionstraim uathúil, éileamh- bhunaithe í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá bunaithe ar fheidhmíocht.

- **Is iad na Ballstáit tairbhíthe na saoráide.** Faigheann siad tacaíocht uathúil chun a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, cuirtear na cistí, tráth a eisíoctar iad, isteach sa bhuiséad náisiúnta.
- Leithdháiltear cistí **ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna réamhshainithe** lena dtomhaistear cur chun feidhme, faoi 2026, na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chaitear chun freagairt ar na dúshláin atá roimh na Ballstáit.
- Is **ionstraim eisceachtúil shealadach** í an tsaoráid arna maoiniú ag ionstraim théarnaimh an Aontais Eorpaigh NextGenerationEU.
- Déantar í a **maoiniú trí chistí a bhailítear ar na margáí caipitil** ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais Eorpaigh.


Chun tacaíocht a fháil ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, faoi dheireadh 2021, chuir 26 ⁽⁶⁴⁾ **Bhallstát den Aontas** **pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin.** Ní mór go n-éireodh leis na pleannanna 11 chritéar mheasúnaithe a bhunaítear leis an rialachán, lena n-áirítear nach féidir le haon bheart atá sa phlean dochar suntasach a dhéanamh do chuspóirí comhshaoil (an príonsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’) agus go rannchuidíonn **37 % ar a laghad de leithdháileadh foriomlán an phlean le cuspóirí aeráide agus 20 % ar a laghad le cuspóirí digiteacha.**

Ba cheart go rannchuidíodh na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a n-áirítear sna pleannanna sin leis na sé cholún beartais lena sainítear raon feidhme na saoráide, agus staid agus dúshláin shonracha an Bhallstáit ábhartha á gcur san áireamh.

Léirítear an sciar den chistiú lena rannchuidítear le gach colún sa ghraf thíos.

⁽⁶³⁾ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021.

⁽⁶⁴⁾ Gach Ballstát ach amháin an Ísiltír.



Ranníocaíocht chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leis na colúin beartais faoi seach. Léirítear le codanna glasa na gcolún na bearta sin arna sannadh don cholún beartais mar phríomhréimsí beartais, agus léirítear leis na codanna gorma bearta arna sannadh mar réimsí beartais tánaisteacha. Léirítear leis na sannacháin seo gur féidir le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí rannchuidiú le colúin beartais iomadúla. Dá bhrí sin, is ionann an ranníocaíocht iomlán leis na colúin uile agus dhá oiread chostas measta na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta formheasta.

Rinneadh dul chun cinn mór maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhunú agus ní fada go gcuirfead chun feidhme í

In 2021 rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar dhá phlean téarnaimh agus athléimneachta is fiche agus ghlac an Chomhairle leo. In 2021, d'oibrigh an Coimisiún i ndlúthchomhar le gach Ballstát chun cabhrú leo a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a ullmhú, lena leagtar amach clár oibre náisiúnta athchóirithe agus infheistíochtaí le cur chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026, i gcomhréir le ceanglais an rialacháin. Chun tacú leis na Ballstáit agus iad ag ullmhú a bpleananna, bhunaigh an Coimisiún teagmhálacha neamhfhoirmiúla chomh luath le mí Dheireadh Fómhair 2020, agus d'fhoilsigh sé treoraíocht nuashonraithe ⁽⁶⁵⁾ i mí Eanáir 2021 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2021, bhí 26 ⁽⁶⁶⁾ phlean téarnaimh agus athléimneachta faighte go hoifigiúil ag an gCoimisiún agus chuir sé measúnú dearfach ar aghaidh maidir le 22 de na pleananna sin ⁽⁶⁷⁾.

D'áirithigh an Coimisiún próiseas éifeachtach le haghaidh gach céim den ullmhú, den chaibidlíocht agus den mheasúnú ar phleananna. Anuas ar mhalartuithe diana le gach Ballstát sonrach, chuir an Coimisiún treoraíocht i scríbhinn ar fáil maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta a ullmhú,

⁽⁶⁵⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Treoraíocht do na Ballstáit - , Pleananna téarnaimh agus athléimneachta (Doiciméad Inmheánach Oibre(2021) 12).

⁽⁶⁶⁾ Níor chuir an Ísiltír a plean isteach go fóill.

⁽⁶⁷⁾ Bhí an chuid is mó díobh faighte cheana féin faoi shamhradh 2021.

maidir le cur chun feidhme teicniúil an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus maidir le saincheistean sonracha éagsúla, amhail seicliosta ar chórais rialaithe. Thacaigh an Coimisiún leis na Ballstáit pleananna uailmhianacha a chur ar aghaidh a bhfuil garspriocanna agus spriocanna soiléire réadúla acu chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme, agus an comhthéacs náisiúnta agus an ranníocaíocht airgeadais atá ar fáil á gcur san áireamh.

Ar an iomlán, chloigh an measúnú agus formhuiniú faoi dheireadh na chéad 22 phlean téarnaimh agus athléimneachta in 2021 le próiseas rianúil. Tar éis dianphlé a dhéanamh idir an Coimisiún agus na Ballstáit le linn chéim ullmhúcháin na bpleananna, rinne an Coimisiún measúnú ar gach plean i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, lenar áirithíodh cur chuige comhsheasmhach agus trédhearcach – arna mhíniú trí dhoiciméid oibre inmheánacha arna bhfoilsíú maidir le gach plean a ndearnadh measúnú dearfach air. Faoi dheireadh 2021, chuir an Coimisiún a mheasúnú dearfach ar 22 phlean ⁽⁶⁸⁾ i gcrích, agus tá gach ceann de na pleananna sin formhuinithe ag an gComhairle trí chinntí cur chun feidhme ⁽⁶⁹⁾. Sna pleananna sin tá leithdháileadh iomlán de EUR 291 bhiliún i maoiniú neamh- inaisíochta agus EUR 154 bhiliún in iasachtaí don Ghréig, don Iodáil, don Chipir, don Pholainn, don Phortaingéil, don Rómáin agus don tSlóivéin. Áirítear leis na pleananna 3 742 bheart (thart ar aon trian amháin a bhaineann le hathchóirithe agus thart ar dhá thrian a bhaineann le hinfheistíochtaí) agus 5 155 garsprioc agus sprioc atá le comhlíonadh faoi 2026. Ag deireadh 2021, bhí measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar phleananna le haghaidh na Bulgáire, na hUngáire, na Polainne agus na Sualainne.

Tar éis na pleananna a ghlacadh, chuir an Coimisiún comhaontú maoinithe i gcrích (agus, i gcás inarb ábhartha, comhaontú iasachta) leis an mBallstát lena mbaineann, lena sainítear cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe, lena n-áirítear maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na ceanglais maidir le córais rialaithe na mBallstát. Baineann an méid den réamh- mhaoiniú atá le híoc láithreach leis na Ballstáit agus na coinníollacha chun iarratas íocaíochta a chur isteach freisin leis na comhaontuithe maoiniúcháin. San iomlán, síníodh 22 chomhaontú maoiniúcháin agus ceithre chomhaontú iasachta faoi dheireadh 2021.

Taobh amuigh den réamh- mhaoiniú, leithdháilfear an cistiú i roinnt tráthchodanna, a mbeidh gach ceann de na tráthchodanna sin ag brath ar thacar sonrach garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a bhfuil na Ballstáit tiomanta dá gcur chun feidhme. Comhaontaíodh an phróifíl eisíocaíochta agus na garspriocanna agus na spriocanna sonracha atá le baint amach i ngach cás idir an Coimisiún agus na Ballstáit ábhartha, agus ar deireadh d’fhormhuinigh an Chomhairle iad. In 2021, rinne an Coimisiún EUR 54 bhiliún a eisíoc in íocaíochtaí réamh- mhaoiniúcháin leis na Ballstáit sin a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach ar an bplean agus a d’fhormhuinigh an Chomhairle. Níor iarr ceann amháin de na 22 Bhallstát sa ghrúpa seo réamh- mhaoiniú, dá bhrí sin thairbhígh 21 Bhallstát de réamh- mhaoiniú. Maidir leo sin, chuidigh an réamh- mhaoiniú le cur chun feidhme tapa na mbeart infheistíochta agus athchóirithe a leagtar amach sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú. Rinneadh gach íocaíocht réamh- mhaoiniúcháin laistigh de 5 lá gnó tar éis an comhaontú maoiniúcháin a shíniú (agus/nó comhaontuithe iasachta i gcás inarb ábhartha) idir an Coimisiún agus an Ballstát, i bhfad roimh an sprioc- am 2-mhí chun íocaíocht a dhéanamh. Le clásal cúlghabhálachta, lenar áirithíodh go raibh bearta arna nglacadh ó thús phaindéim COVID- 19 (i.e. ag tosú ó mhí Feabhra 2020) incháilithe lena n-áireamh sna pleananna, soláthraíodh deimhneacht bhreise agus áirithíodh go raibh na Ballstáit in ann tús a chur lena gcur chun feidhme fiú sular glacadh a bpleananna go foirmiúil.

⁽⁶⁸⁾ I bhformhór na gcásanna laistigh de níos lú ná an tréimhse mheasúnaithe 2-mhí tar éis a gcur isteach oifigiúil dá bhforáiltear in Airteagal 19(1) den rialachán.





⁽⁶⁹⁾ I bhformhór na gcásanna laistigh de níos lú ná 1 mhí amháin tar éis chinneadh an Choimisiúin ar a mheasúnú. D’fhormhuinigh an Chomhairle na trí phlean deiridh de na 22 phlean an 29 Deireadh Fómhair 2021.

Leis an Scórchlár um Théarnamh agus Athléimneacht ⁽⁷⁰⁾, **arb ardán poiblí ar líne é arna bhunú ag an gCoimisiún, taispeántar ar bhealach ar féidir rochtain a fháil air go héasca dul chun cinn Bhallstáit an Aontais maidir lena bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme- mar atá léirithe ag garspriocanna agus spriocanna arna meas ag an gCoimisiún atá le comhlíonadh** – agus na híocaíochtaí amach a rinneadh. Léirítear leis freisin comhtháscairí chun tuairisciú ar dhul chun cinn agus chun an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus na pleananna náisiúnta a mheas.
















Mar shaoráid atá bunaithe ar fheidhmíocht, tá íocaíochtaí ón gCoimisiún leis na Ballstáit, seachas réamh- mhaoiniú, bunaithe ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna a shainítear i gcur chun feidhme chinntí na Comhairle lena bhformhuinítear na pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Beidh méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais le híoc i dtráthchodanna leis an mBallstát, ag comhfhreagairt le tacar garspriocanna agus spriocanna mar a bhunaítear iad sna hiarscríbhinní a ghabhann leis na cinntí sin. Déantar tuairisc ar na sásraí fóraithe le haghaidh gach garsprioc agus sprioc agus na modhanna chun faireachán agus cumhdach a dhéanamh ar na gnéithe fóir- riachtanacha de chur chun feidhme na bpleananna a dhéantar tuairisc orthu sna socruithe oibríochtúla, nach mór a shíniú idir an Coimisiún agus an Ballstát sula bhféadfaidh an Ballstát a chéad iarratas íocaíochta a chur isteach. Faoi dheireadh 2021, tugadh cúig shocrú oibríochtúla chun críche, leis an nGréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil agus an tSlóvaic, agus chuir ceithre Bhallstát a gcéad iarratais íocaíochta thráthrialta isteach. In 2022, tá coinne le thart ar 30 iarraidh eile.

Leithdháil an Coimisiún an chéad íocaíocht EUR 10 mbilliún don Spáinn roimh dheireadh 2021, tar éis dó an iarraidh ar íocaíocht a fháil i mí na Samhna 2021. I bhfianaise chineál agus aga chur chun feidhme na ngarspriocanna ábhartha, agus ós rud é gur roinn an Spáinn an chuid is mó den fhaisnéis a éilítear le haghaidh an mheasúnaithe sular cuireadh isteach an iarraidh íocaíochta go hoifigiúil, bhí an Coimisiún in ann an iarraidh íocaíochta a phróiseáil go tapa.

Tugtar achoimre thíos ar staid fhoriomlán chur chun feidhme na Saoráide Téarnamh agus Athléimneachta, ón 31 Nollaig 2021.

	Pleanann a arna bhformheas	Comhaontuit he maoiniúcháin arna síniú	Comhaontuit he iasachta arna síniú	Comhaontuit he oibríochtúla arna síniú	Réamh- mhaoiniú arna leithdháileadh	Iarratais íocaíochta arna bhfáil	An chéad íocaíocht arna heisioc
 An Bheilg	•	•			•		
 An tSeicia	•	•			•		
 An Danmhairg	•	•			•		
 An Ghearmáin	•	•			•		
 An Eastóin	•	•			•		
 Éire	•	•					
 An Ghréig	•	•	•	•	•	•	

⁽⁷⁰⁾ [An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/europa/).

	Pleanann a arna bhformheas	Comhaontuit he maoiniúcháin arna síniú	Comhaontuit he iasachta arna síniú	Comhaontuit he oibríochtúla arna síniú	Réamh-mhaoi niú arna leithdháileadh	Iarratais íocaíochta arna bhfáil	An chéad íocaíocht arna heisic
 An Spáinn	•	•		•	•	•	•
 An Fhrainc	•	•		•	•	•	
 An Chróit	•	•			•		
 An Iodáil	•	•	•	•	•	•	
 An Chipir	•	•	•		•		
 An Laitvia	•	•			•		
 An Liotuáin	•	•			•		
 Lucsambru rg	•	•			•		
 Málta	•	•			•		
 An Ostair	•	•			•		
 An Phortaingéil	•	•	•		•		
 An Rómáin	•	•			•		
 An tSlóivéin	•	•			•		
 An tSlóaic	•	•		•	•		
 An Fhionlainn	•	•					

Cuirtear córais rialaithe in oiriúint do chineál feidhmíocht- bhunaithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

In 2021, i gcomhthráth le measúnú a dhéanamh ar na pleananna, d'oibrigh an Coimisiún ar na próisis rialaithe inmheánaigh ábhartha agus ar na straitéisí rialaithe a chur i bhfeidhm a chuirtear in oiriúint don fhíoras gur ionstraim í an tsaoráid atá bunaithe ar fheidhmíocht agus gurb iad na Ballstáit na tairbhíthe. Ina theannta sin, leis an rialachán sonraítear go mbeidh an fhreagracht ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfeadh an tsaoráid chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le rialacha náisiúnta agus le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais.

Ar leibhéal na mBallstát

Tá freagracht phríomhúil ar na Ballstáit as a áirithiú go gcuirfear na cistí a fhaightear chun feidhme i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha, go háirithe maidir le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus cistiú dúbailte a sheachaint. Chuir na Ballstáit creataí rialaithe agus faireacháin iomchuí i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar faireachán éifeachtach ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus ar bhailiú fianaise ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna, agus i ndeireadh na dála, chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Léirítear an méid sin freisin sna comhaontuithe maoinithe agus iasachta.

Thug gach Ballstát tuairisc ar an gcóras rialaithe náisiúnta maidir leis na bearta atá beartaithe a chur chun feidhme mar chuid dá phlean náisiúnta, agus rinne an Coimisiún anailís ar na córais mar a leagtar amach sna pleananna mar chuid dá mheasúnú. I gcás inar measadh córas rialaithe a bheith neamhleor, ní fhéadfaí an plean a fhormheas. I gcás inar mheas an Coimisiún go raibh na córais rialaithe sásúil ar an iomlán ach go raibh gá le tuilleadh feabhsuithe, d'éiligh sé go n-áireofaí garspriocanna maidir le hiniúchtaí agus rialuithe i gcinntí cur chun feidhme na Comhairle. Cuireadh easnaimh den sórt sin i gcórais rialaithe na mBallstát leis, mar shampla: an córas stóir chun sonraí a bhailiú agus a stóráil, mar a cheanglaítear le rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, gan a bheith go hiomlán i bhfeidhm tráth an mheasúnaithe; in éagmais sainorduithe dlíthiúla foirmiúla le haghaidh na gcomhlachtaí éagsúla atá i gceannas ar na cistí a chur chun feidhme agus a iniúchadh; inniúlacht riaracháin neamhleor ó thaobh na gcomhlachtaí cur chun feidhme agus iniúchóireachta atá i gceannas ar an bplean a chur chun feidhme; agus an easpa straitéise iniúchóireachta soiléire nó beart frithchalaioise. Ní féidir focaíochtaí leis na Ballstáit a dhéanamh ach amháin nuair a bhainfear na garspriocanna sin amach.

Ar leibhéal an Choimisiúin

Tá freagracht ar an gCoimisiún as dlíthiúlacht agus rialtacht a focaíochtaí leis na Ballstáit a áirithiú. Ós rud é gur ionstraim feidhmíochtbhunaithe í an tsaoirid, braitheann dlíthiúlacht agus rialtacht na n-focaíochtaí ar ghnóthú iarbhir na ngarspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach i gcinntí cur chun feidhme na Comhairle. Mar iarmhairt air sin, díritear le rialuithe an **Choimisiúin ar na garspriocanna agus na spriocanna a bhaint amach, ach níl na costais iarbhir a thabhaíonn an tairbhí faoi réir rialuithe ag an gCoimisiún**. De réir rialacháin na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, tá an ceart ag an gCoimisiún, mar sin féin, neamhrialtachtaí tromchúiseacha a cheartú, i.e. calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa nár ceartaíodh ag na Ballstáit féin, in éineacht le cistiú dúbailte nó sárúithe tromchúiseacha ar na comhaontuithe maoiniúcháin agus ar na comhaontuithe iasachta.

Ar an iomlán, chun a dhearbhu a thógáil, braitheann an Coimisiún ar rialuithe na mBallstát. Tugann sé sin le fios go bhfaighfear dearbhú go bhfuil córais rialaithe na mBallstát éifeachtach chun neamhrialtachtaí tromchúiseacha nó sárúithe ar oibleagáid na gcomhaontuithe maoiniúcháin a chosc agus a bhrath. Chomh maith leis sin, i gcás inar gá, comhlánóidh an Coimisiún rialuithe na mBallstát lena rialuithe féin ag trí chéim.

Le linn a mheasúnaithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát, sheiceáil an Coimisiún cibé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon na córais rialaithe a leagtar amach sna pleananna ag na Ballstáit na ceanglais a leagtar amach sa rialachán. Áirítear leis sin míniú ar an gcaoi a léireoidh siad don Choimisiún gur comhlíonadh na garspriocanna nó na spriocanna réamhshainithe go sásúil agus conas a áiríteoidh siad go bhfuil na sonraí gaolmhara iontaofa, lena n-áirítear na sásraí rialaithe chun iontaofacht den sórt sin a áirithiú. Thairis sin, bhí ar na Ballstáit

tuairisc a thabhairt ar an gcóras rialaithe a bheidh le húsáid chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú. I gcás inar mheas an Coimisiún go raibh córas rialaithe Ballstáit sásúil ar an iomlán, ach go raibh bearnaí beaga ann fós a d'fhéadfaí a cheartú, tugadh isteach garspriocanna agus spriocanna breise chun a áirithiú go ndúnfaí na bearnaí roimh an gcéad íoc amach tráthrialta.

Le linn chur chun feidhme na saoráide, tráth a chuireann na Ballstáit a n-iarrataí íocaíochta isteach, déanann an Coimisiún measúnú ar cibé acu a baineadh nó nár baineadh na garspriocanna agus na spriocanna amach go sásúil agus ar cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha eile i dtaca le heisíocaíocht. Go háirithe, ní mór do na Ballstáit na nithe a leanas a chur le gach iarratas íocaíochta:

- dearbhú bainistíochta lena ndeimhnítear gur úsáideadh na cistí chun na críche a beartaíodh dóibh, go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh ceart agus go dtugann na córais rialaithe atá i bhfeidhm an dearbhú is gá gur úsáideadh na cistí a i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme; agus
- achoimre ar na hiniúchtaí a rinneadh, lena n-áirítear aon laige a sainithníodh agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh.

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh rialuithe breise a dhéanamh chun an dearbhú chomhlántach is gá a fháil maidir le baint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna sula ndéanfar an íocaíocht. I gcás nár comhlíonadh aon cheann amháin nó níos mó de na garspriocanna nó na spriocanna go sásúil, féadfar íocaíochtaí a chur ar fionraí go comhréireach agus, ar deireadh, féadfar iad a laghdú.

Déanfaidh an Coimisiún iniúchtaí córais freisin ar iontaofacht na gcóras atá i bhfeidhm chun sonraí iontaofa a bhaineann leis na garspriocanna agus na spriocanna a bhailiú, a chomhiomlánú agus a stóráil. Ina theannta sin, uair amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit, déanfaidh sé iniúchtaí córais ar na bearta arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun a áirithiú go gcosnófar leas airgeadais an Aontais, go háirithe na bearta chun cásanna calaoise, éillithe, coinbhleachtaí leasa agus cistiúcháin dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú agus chun sárúithe tromchúiseacha ar an gcomhaontú maoiniúcháin a sheachaint. Áirítear leis sin freisin feidhmiú na gcóras chun sonraí a bhaineann le hAirteagal 22(2)(d) de rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a bhailiú agus a stóráil, i.e. maidir le faighteoirí deiridh agus a gconraitheoirí, a bhfochonraitheoirí agus a n-úinéirí tairbhiúla.

I ndiaidh íocaíochtaí amach a dhéanamh leis na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún rialuithe agus iniúchtaí ⁽⁷¹⁾ ex post a dhéanamh chun baint amach garspriocanna agus spriocanna a sheiceáil. Féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí ad hoc a dhéanamh i gcás ina mbeidh amhras ann maidir le neamhrialtachtaí tromchúiseacha. Más gá, déanfaidh an Coimisiún méideanna comhréireacha a aisghabháil nó éileoidh sé go n-íocfar na hiasachtaí go luath. I gcás neamhrialtachtaí tromchúiseacha nár aisghabh na Ballstáit iad féin cheana, aisghabhfaidh an Coimisiún méideanna comhréireacha ó na Ballstáit.

Ina theannta sin, déantar foráil leis na socruithe oibríochtúla maidir le malartuithe go tráthrialta idir an Coimisiún agus na Ballstáit, le malartuithe ráithiúla ar a laghad chun machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

⁽⁷¹⁾ I gcomhréir leis an gcomhaontú maoiniúcháin, féadfar iniúchtaí *ex post* a dhéanamh ar feadh tréimhse suas le 5 bliana ag tosú ón dáta i ndiaidh chur isteach na híocaíochta deireanaí.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú cáilíochtúil ar thorthaí an rialaithe agus ar an leibhéal riosca a bhaineann leis na hoibríochtaí. Murab ionann agus cláir eile an Aontais (féach freisin Iarscríbhinn 5), ní dhéanfar an measúnú seo a chainníochtú le ráta earráide. Le rátaí earráide, léirítear measúnú cainníochtúil, atá ábhartha nuair is féidir an caiteachas a bheith inchurtha go díreach i leith critéar cainníochtúil ⁽⁷²⁾. Tá íocaíochtaí i gcomhthéacs na saoráide bunaithe ar mheasúnú cáilíochtúil ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna, rud atá deacair a chur i dtéarmaí cainníochtúla. Fiú nuair nár comhlíonadh garspriocanna agus spriocanna go sásúil, agus nuair a dhéanfar laghdú, ní féidir an laghdú sin a bheith comhfhreagrach le méid an chaiteachais neamh- incháilithe. Ina theannta sin, tá na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta an- éagsúil, laistigh de Bhallstát agus idir na Ballstáit araon, rud a chuireann cosc ar aon eachtarshuí staidrimh. Sa chomhthéacs seo, ní féidir ráta fiúntach earráide a chinneadh.

Beidh measúnú cáilíochtúil an Choimisiúin bunaithe ar mheascán de na torthaí ó (1) iniúchtaí na mBallstát, dá bhforáiltear san achoimre ar iniúchtaí nach mór a bheith ag gabháil le gach iarratas íocaíochta; (2) iniúchtaí an Choimisiúin; (3) an measúnú ar na hiarrataí íocaíochta; agus (4) seiceálacha eile arna ndéanamh ag an gCoimisiún ar leibhéal an Bhallstáit i gcomhthéacs clár cistiúcháin eile amhail cistí an bheartais chomhtháthaithe.

Dheimhnigh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean don tsaoráid go raibh dearbhú réasúnta aige

Ainmníodh Ard- Stiúirthóir na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais mar oifigeach údarúcháin trí tharmligean le haghaidh na saoráide. I mí Eanáir 2021, chruthaigh sé aonad rialaithe agus meastóireachta nua chun tacú leis an dearbhú foriomlán. Formheasadh an straitéis iniúchóireachta i mí na Nollag 2021. Is é is cuspóir leis sin a mheas cibé acu a chuir nó nár chuir na húdaráis náisiúnta na córais bainistithe agus rialaithe riachtanacha ar bun chun a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme chun dlíthiúlacht agus rialtacht na n-iarratas íocaíochta a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin a áirithiú, go gceartaítear aon chás calaoise, éillithe, coinbhleachta leasa agus cistithe dhúbailte a aimsítear go sásúil agus, nuair is gá, go nglactar bearta ceartaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe suntasacha ar an gcomhaontú maoiniúcháin.

In 2021, tiomnaíodh an chuid is mó den bhliain d’obair ullmhúcháin chun na pleananna a chur isteach ag na Ballstáit agus chun measúnú a dhéanamh ar na pleananna ag an gCoimisiún. Cé gur réamh- mhaoiniú a bhí i bhformhór na n-íocaíochtaí amach le haghaidh 2021, rinneadh íocaíocht aonair EUR 10 mbilliún leis an Spáinn. Bhain an íocaíocht seo le comhlíonadh 52 garsprioc, a bhain go príomha le hathchóirithe a rinneadh cheana faoin dara ráithe de 2021. Bunaithe ar an measúnú dearfach ar an bhfianaise chun garspriocanna sna hiarrataí ar íocaíocht a chomhlíonadh, bhí dearbhú réasúnta ag an oifigeach údarúcháin trí tharmligean maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na híocaíochta a rinneadh in 2021 faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

⁽⁷²⁾ I.e. i gcásanna costais arna dtabhú go hiarbhrí a aisíoc, nó caiteachais bunaithe ar theidlíocht nuair a dhéantar foráil maidir le méid beacht sa bhunús dlí le haghaidh cainníocht áirithe: méid áirithe euro in aghaidh an heicteáir incháilithe faoin gcomhbheartas talmhaíochta, méid áirithe euro de líuntas teaghlaigh in aghaidh an linbh le haghaidh caiteachais riaracháin nó aon mhéid comhréidh nó méid caighdeánach eile, nó costas aonaid, atá nasctha go díreach le cainníocht áirithe.

Getting in touch with the EU

In person

All over the European Union there are hundreds of Europe Direct centres. You can find the address of the centre nearest you online (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_en).

On the phone or in writing

Europe Direct is a service that answers your questions about the European Union. You can contact this service:

- by freephone: 00 800 6 7 8 9 10 11 (certain operators may charge for these calls),
- at the following standard number: +32 22999696,
- via the following form: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_en.

Finding information about the EU

Online

Information about the European Union in all the official languages of the EU is available on the Europa website (european-union.europa.eu).

EU publications

You can view or order EU publications at op.europa.eu/en/publications. Multiple copies of free publications can be obtained by contacting Europe Direct or your local documentation centre (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_en).

EU law and related documents

For access to legal information from the EU, including all EU law since 1951 in all the official language versions, go to EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

EU open data

The portal data.europa.eu provides access to open datasets from the EU institutions, bodies and agencies. These can be downloaded and reused for free, for both commercial and non-commercial purposes. The portal also provides access to a wealth of datasets from European countries.

